# Tuarascáil ar an gComhairliúchán maidir le Curaclam Matamaitice na Bunscoile do na Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Dó

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Méan Fómhair 2018

# Clár an Ábhair


Caibidil 1. Réamhrá 1

An próiseas forbartha 1

An comhthéacs don athrú 2

Aidhmeanna agus réasúnaíocht an chomhairliúcháin 3

Caibidil 2. An Mhodheolaíocht 4

Sonraí a bhailiú 4

Anailís ar shonraí 6

Caibidil 3. Torthaí 8

Ceistneoir 8

*Tréithe na bhfreagróirí 8*

*Réasúnaíocht agus aidhmeanna Churaclam nua Matamaitice na Bunscoile 11*

*Snáitheanna agus gnéithe dhréacht-Churaclam Matamaitice na Bunscoile 12*

*Forléargas ar Thorthaí Foghlama agus ar lipéid 16*

*Contanaim agus Mórchéimeanna Dul chun Cinn 20*

*Aidhmeanna dhréacht-Churaclam Matamaitice na Bunscoile 28*

*Machnamh ar an athrú ar an gcuraclam 29*

*Muinín múinteoirí i ndáil leis an matamaitic a mhúineadh 35*

*Machnamh deiridh do chách 39*

Seimineáir 48

*Príomhtheachtaireachtaí 48*

*Príomhdhúshláin 52*

*Príomhdheiseanna 56*

*Tacaíochtaí 60*

*Tuairimí eile 64*

An líonra scoileanna 68

*Cur i láthair agus struchtúr na sonraíochta* *68*

*Aidhmeanna agus réasúnaíocht an churaclaim* *77*

*Tacaíochtaí* *98*

*Eile* *103*

Guth na bpáistí 109

*Téama a haon: An fhoghlaim ghníomhach* *109*

*Téama a dó: Súgradh* *112*

*Téama a trí: Spraoi agus taitneamh* *114*

*Téama a ceathair: Ábhair agus acmhainní nithiúla* *115*

Cruinnithe déthaobhacha agus aighneachtaí scríofa 117

Tuismitheoirí 121

*Curaclam a fhorbairt agus cumarsáid* *121*

*Tacaíochtaí molta* *124*

Caibidil 4. Plé 127

An tsonraíocht 127

*Príomhghnéithe* *127*

*Cuimsiú* *128*

*Torthaí Foghlama agus Contanaim Dul chun Cinn* *129*

Teagasc agus foghlaim 131

*Dearcthaí atá ag athrú* *131*

*Eispéiris foghlama na bpáistí* *132*

Tacaíochtaí curaclaim 133

*Tacaíocht oideolaíoch* *133*

*Tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí* *134*

Cúinsí seachtracha 135

Conclúid 138

*Achoimre ar na príomh-mholtaí don fhorbairt* *138*

*Ag tacú leis an athrú* *140*

*Comhairliúchán i ndáil leis an tsonraíocht do na naíonáin bheaga go dtí rang a sé* *140*

*Na chéad chéimeanna eile* 141

Tagairtí 142

*Aguisín A – Liosta fíoracha* 144

*Aguisín B – Liosta táblaí* 146

*Aguisín C – Mórchéimeanna tábhachtacha san fhorbairt* 147

*Aguisín D – An Mheitheal Forbartha don Mhatamaitic sa Luath-Óige agus sa Bhunscolaíocht* 148

*Aguisín E – Aighneachtaí scríofa* 149

*Aguisín F – Scoileanna sa líonra scoileanna* 150

*Aguisín G – Achoimre ar na sonraí* 151

# Caibidil 1. Réamhrá

Leagadh amach i bPlean Straitéiseach 2015–2018 na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) go bhforbrófaí curaclam matamaitice nua (Curaclam Matamaitice na Bunscoile [CMB]) do na naíonáin shóisearacha go dtí rang a dó agus leagadh béim air arís i bPlean Gníomhaíochta 2017 na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS). Tar éis tréimhse forbartha, foilsíodh dréacht den tsonraíocht churaclaim do na naíonáin shóisearacha go dtí rang a dó ar shuíomh gréasáin CNCM i mí na Samhna 2017 i gcomhair comhairliúcháin. Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar an bpróiseas comhairliúcháin, na modhanna oibre a úsáideadh chun aiseolas a bhailiú agus chun anailís a dhéanamh air, na himpleachtaí a bheidh ann don fhorbairt leanúnach ar CMB agus na moltaí a tháinig chun cinn mar gheall ar na torthaí.

## An próiseas forbartha

Sa bhliain 2014, d'fhoilsigh CNCM dhá thuarascáil taighde i ndáil leis an matamaitic (Dunphy et al., 2014; Dooley et al., 2014) chomh maith le hiniúchadh a rinneadh ar an mbeartas don churaclam matamaitice in 12 dhlínse (Burke, 2014). Anuas ar an obair sin, foilsíodh páipéar cúlra agus treoir san Fhómhar in 2016 mar thacaíocht le dréacht de CMB a fhorbairt[1].

I mí Mheán Fómhair 2016, bunaíodh Meitheal Forbartha don Mhatamaitic sa Luath-Óige agus sa Bhunscolaíocht ina bhfuil ionadaithe ó na páirtithe leasmhara lena n-áirítear Cigireacht ROS, eagraíochtaí bainistíochta, ionadaithe do mhúinteoirí, ionadaithe do RSO agus baill a earcaíodh trí phróiseas poiblí iarratais[2]. Ó shin i leith, d'oibrigh feidhmeannas CNCM leis an Meitheal Forbartha, leis an mBord don Luath-Óige agus don Bhunscoil agus leis an gComhairle, chun an treoir a shásamh agus d'fhonn na treoirphrionsabail a leagadh amach sa pháipéar cúlra a leanúint. Bhí sé mar aidhm leis an obair seo ar fad fís a cheapadh don dréacht de CMB lena ndéanfaí caighdeán na Matamaitice mar disciplín a chaomhnú agus í a nascadh le Curaclam nua Teanga na Bunscoile do na naíonáin bheaga go rang a dó a foilsíodh in 2015. Tugtar suntas dó gur tosaíodh ar CMB a fhorbairt sular tugadh faoin athfhorbairt ní ba leithne ar an gCuraclam Bunscoile. Tosaíodh an obair ar an athfhorbairt seo anois agus cuirfidh sí leis an bhforbairt leanúnach ar CMB. Chun léargas a fháil ar na

[1] Tá na tuarascálacha taighde, an t-iniúchadh, an páipéar cúlra agus an treoir ar fáil ag www.ncca.ie/primarydevelopments .

[2] Féach Aguisín D chun ainmneacha na mball grúpa agus an gaol atá acu leis an ábhar seo a fheiceáil.

forbairtí is tábhachtaí a rinneadh ar CMB go fóill, féach Aguisín C.

# An comhthéacs don athrú

Bhí sé mar aidhm leis an dréachtsonraíocht do CMB forbairt a dhéanamh ar an rath a bhí ar an Curaclam Matamaitice don Bhunscoil 1999 agus *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* (CNCM, 2009) agus aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a tháinig chun cinn i roinnt foilseachán, lena n-áirítear athbhreithniú agus measúnú ar an gcuraclam a chur chun feidhme (ROS, 2005; Murchan et al, 2005; CNCM, 2005, 2009) agus measúnuithe idirnáisiúnta agus náisiúnta (Eivers et al, 2010; Mullis et al, 2012; Sheil et al, 2014). Tá an fhorbairt de dhíth mar fhreagra ar an éileamh a rinneadh múinteoirí go laghdófar an curaclam agus go mbeadh múinteoirí ní ba neamhspleáiche agus ní ba ghníomhaí maidir leis an teagasc agus an fhoghlaim a dhéantar sa seomra a ranga a bhainistiú. (CMÉ, 2015).

Chuaigh sé go mór i bhfeidhm ar an struchtúr den dréacht de CMB nach mór an cuimsiú agus tacaíocht do leanaí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais a chur chun cinn (ROS, 2011). Agus curaclam á fhorbairt do chách, tá sé tábhachtach go mbeadh rochtain ag na leanaí uile ar an bhfoghlaim mar chuid den fhoráil a dhéantar sa churaclam. Tá sé mar aidhm le torthaí leathana foghlama go mbeidh leanaí in ann bealaí éagsúla a úsáid chun an fhoghlaim agus an tuiscint a léiriú agus bealaí éagsúla a úsáid agus iad ag dul i ngleic leis an bhfoghlaim sa seomra ranga. Leagtar béim arís eile ar an tábhacht a bhaineann le heispéiris shaibhre foghlama a chur ar fáil do gach leanbh leis an athrú ó chuspóirí an churaclaim (ROS, 1999) go Torthaí Foghlama Leathana sa dréacht den CMB.

Cé nár tháinig mórán athruithe ar an matamaitic mar dhisciplín ó foilsíodh curaclam 1999, tugtar le fios sna tuarascálacha taighde dá dtagraítear thuas go bhfuil fís nua ann don fhoghlaim a dhéanann leanaí sa mhatamaitic agus dá réir sin, do na chuir chuige oideolaíocha lena dtacaítear leis an bhfoghlaim seo. Cuirtear timpeallachtaí saibhre foghlama chun cinn sa dréacht de CMB le go mbeidh leanaí in ann iniúchadh a dhéanamh ar choincheapa éagsúla matamaiticiúla ach an tuiscint a fhaigheann siad agus an fhoghlaim a dhéanann siad sa mhatamaitic a nascadh le codanna eile den churaclam; smaointeoireacht agus réasúnaíocht ardoird a dhéanamh; smaointeoireacht a chur in iúl agus a léiriú; agus an fhoghlaim agus an fadhbréiteach a chur chun feidhme i gcomhthéacsanna réadúla[3].

[3] Tá cur síos níos sonraithe ar an gcomhthéacs do na hathruithe ar fáil sa Pháipéar Cúlra agus sa Treoir maidir le CMB a fhorbairt (CNCM, 2016), Tuarascáil Taighde Uimh. 17 (Dunphy et al, 2014), Tuarascáil Taighde Uimh. 18

# Aidhmeanna agus réasúnaíocht an chomhairliúcháin

Cuid ríthábhachtach de phróisis CNCM i ndáil le curaclam a fhorbairt is ea comhairliúchán a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara. Is é is aidhm leis an gcomhairliúcháin ar an dréacht de CMB deis a thabhairt do mhúinteoirí, scoileanna, tuismitheoirí, leanaí agus páirtithe eile ag a raibh suim ann tuairimí a chur in iúl mar bhonn eolais do fhorbairtí ar CMB amach anseo.

Ba é bunaidhm an chomhairliúcháin aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cad é tuairim na múinteoirí, na dtuismitheoirí agus na leanaí ar an dréacht den tsonraíocht matamaitice don bhunscoil?
- Cad iad na príomhcheisteanna don fhorbairt amach anseo?
- Conas is féidir na príomhtheachtaireachtaí ar a mbunaítear an curaclam nua matamaitice don bhunscoil a chur chun cinn?
- Cén cineál tacaíochta a bheidh de dhíth ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí nó cén cineál tacaíochta ar mhaith leo a fháil chun an curaclam nua matamaitice don bhunscoil a chur chun feidhme?

(Dooley et al, 2014) agus an tIniúchadh ar an mBeartas um Churaclam Matamaitice i 12 dhlínse (Burke, 2014).

# Caibidil 2. An Mhodheolaíocht

Tosaíodh an comhairliúchán ar an dréachtsonraíocht ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2017, cuireadh síneadh beag ama leis ar iarratas ó ionadaithe múinteoirí agus críochnaíodh an comhairliúchán ar an 16 Márta 2018. Déantar cur síos sa chaibidil seo ar leagan amach an chomhairliúcháin agus ar na modhanna a úsáideadh chun sonraí a bhailiú agus chun anailís a dhéanamh orthu. Anuas air sin, déantar cur síos ar na straitéisí a úsáideadh chun rannpháirtíocht a spreagadh i measc na bpáirtithe leasmhara agus chun tuairimí a fháil. Bhí trí shnáithe ag baint leis an bpróiseas comhairliúcháin a ceapadh chun sonraí cainníochtúla agus sonraí cáilíochtúla a bhailiú ach modhanna measctha a úsáid, a shainmhínítear mar ... *collecting, analysing, and mixing both quantitative and qualitative data in a single study or series of studies. Its central premise is that the use of quantitative and qualitative approaches in combination provides a better understanding of research problems than either approach alone* (Creswell agus Plano Clark, 2007, 5). Bailíodh na sonraí cainníochtúla trí cheistneoir ar líne a ceapadh le tacaíocht ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Bailíodh na sonraí cáilíochtúla trí nótaí allamuigh a ghlacadh, plé a dhéanamh le grúpaí fócais agus aiseolas scríofa agus i gcás na leanaí, i bhfoirm pictiúr.

## Sonraí a bhailiú

**Ceistneoir**: Bhí an ceistneoir ar fáil do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus don phobal ón 15Samhain 2017 go dtí an 16 Márta 2018. Thug 1,104 duine freagra ar an suirbhé ar an iomlán cé nár fhreagair gach rannpháirtí na ceisteanna uile. Bhí 37 ceist ar an gceistneoir ar an iomlán. Áirítear leis seo dhá chuid a bhí dírithe go sonrach ar thuairimí múinteoirí agus ar thuairimí tuismitheoirí a fháil. Tá meascán de cheisteanna cainníochtúla (33 as 37 ceist) mar a raibh ar na rannpháirtithe freagra a roghnú (e.g. aontaím go láidir, aontaím, easaontaím, easaontaím go láidir, níl a fhios agam) agus de cheisteanna cáilíochtúla (4 as 37 ceist) mar a raibh ar rannpháirtithe freagra a scríobh ar cheist oscailte i gceist leis na sonraí ón gceistneoir.

**Seimineáir:** Reáchtáladh trí sheimineár comhairliúcháin – ceann i Luimneach ar an 30 Eanáir, ceann i Sligeach ar an 31 Eanáir agus ceann i mBaile Átha Cliath ar an 1 Feabhra. Bhí na sonraí a bailíodh ag na seimineáir cáilíochtúil i bhfianaise go gciallaíonn staidéar cáilíochtúil *that researchers try to get as close as possible to the participants*… (Creswell, 2007, 18). Bailíodh sonraí trí nótaí na rannpháirtithe, trí nótaí allamuigh agus trí cheistneoirí a rinneadh 90 den 99 rannpháirtí. Anuas air sin, reáchtáladh

seimineáir leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) agus Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Bunscoile. Úsáideadh grúp-agallaimh agus ceardlanna rannpháirtíochta mar an bpríomhmhodh chun sonraí a bhailiú ag na seimineáir dhírithe seo. Anuas ar na sonraí cáilíochtúla a bailíodh ag na seimineáir, fuair CNCM ceithre aighneacht i bhfoirm scríbhinne[4] (féach Aguisín E chun tuilleadh eolais a fháil).

**Líonra Scoileanna**: Ón 25 Deireadh Fómhair 2017 go dtí an 15 Márta 2018, d'oibrigh CNCM le líonra ina raibh naoi scoil[5], a aithníodh trí ghairm phoiblí ar léiriú spéise ar a bheith rannpháirteach in CMB a fhorbairt. Rinneadh ionadaíocht sa líonra ar chineálacha éagsúla scoile ó thaobh na tíreolaíochta agus ó thaobh comhthéacs de, lena n-áirítear, scoil uirbeach DEIS, scoil tuaithe DEIS, scoil sa Ghaeltacht, Gaelscoil, scoil speisialta, scoil ina raibh ranganna speisialta, scoil bheag tuaithe agus scoil mhór uirbeach. Bhí na sonraí a bailíodh cáilíochtúil den chuid is mó toisc, mar a luann Flick (2009, 59), gur comharthaí sóirt ag an taighde cáilíochtúil an bhéim a chuirtear ar thuairimí na rannpháirtithe agus ar an mbrí a mbaineann siad as an eispéireas a bhí acu. Reáchtáladh trí chruinniú den líonra scoileanna: Reáchtáladh an chéad chruinniú i mí Dheireadh Fómhair 2017, an dara ceann i mí Eanáir 2018 agus seisiún machnaimh i mí an Mhárta 2018. Bailíodh sonraí trí ghrúp-agallaimh, ceardlanna rannpháirtíochta agus nótaí allamuigh. Sa tréimhse idir na cruinnithe seo, thug Oifigigh CNCM cuairt ar gach scoil agus bailíodh sonraí trí chomhráite agus plé gairmiúil.

Chomh maith leis sin, cuireadh deis ar fáil leis an snáithe scoileanna tuairimí na leanaí a fháil freisin freisin, bunaithe ar an eispéireas foghlama a bhí acu sa mhatamaitic ó na naíonáin bheaga go dtí rang a 2. Agus an taighde cáilíochtúil mar bhunús leis, bhíothas ag iarraidh tuairimí na ndaltaí a fháil leis an ngníomhaíocht mar aon le heolas agus tuiscintí nua a chur ar fáil (Rossman agus Rallis, 2012), agus mar sin, bhíothas ag iarraidh guth a thabhairt do na páistí (Cohen, Mannion, & Morrison, 2011). Luann James (2007) go gciallaíonn 'an guth' gur rannpháirtithe iad na páistí seachas ábhar sa phróiseas taighde. Bhí sé mar aidhm ag an bpróiseas comhairliúcháin deis a thabhairt do na páistí sna scoileanna an t-eispéireas foghlama a bhí acu nuair a chuir an múinteoir gné áirithe den dréacht den CMB nua chun feidhme a roinnt. Bhí rogha ag na múinteoirí páirteacha faoin gcaoi ar bhailigh siad tuairimí na bpáistí agus mar sin, níl leagan amach caighdeánach ar an déantáin (pictiúir den chuid is mó) a bailíodh. Úsáideadh 54 déantán san anailís ar an iomlán.

[4] Fuarthas aighneachtaí scríofa ó Chumann Múinteoirí Éireann, ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), ón gComhairle Náisiúnta don Oideachas Speisialta agus ó fhoireann Scoil Náisiúnta Naomh Pól i Ráth Tó, Co. na Mí.

[5] Earcaíodh deich scoil i dtús aimsire ach d'fhág scoil amháin an líonra mar gheall ar chúiseanna nach raibh súil leo.

# Anailís ar shonraí

**Ceistneoir**: Chun anailís a dhéanamh ar na sonraí cainníochtúla ón gceistneoir, rinneadh staitisticí tuairisciúla (minicíocht) a dhéanamh amach agus táblaíodh na sonraí agus cuireadh i láthair i bhfoirm grafaice don tuarascáil seo iad. Sa chás nár fhreagair cuid mhór de na freagróirí ceist, léirítear sin sna torthaí. Ullmhaíodh scarbhileog leis na táblaí uile ar ar bunaíodh na grafaicí éagsúla sa tuarascáil seo. Rinneadh anailís ar na freagraí cáilíochtúla ach na freagraí a bhailíochtú (is é sin, na freagraí nár fhreagair an cheist a cuireadh a chur as an áireamh) agus ansin na freagraí a chódú de réir na príomhthopaice nó na bpríomhthopaicí a luaitear iontu. Rinneadh na freagraí faoi na topaicí éagsúla a chomhaireamh agus aithníodh freagraí a d'úsáidfí mar shamplaí chun críocha tuairiscithe. Mar ar bhain freagra le ní ba mhó ná topaic amháin, cuireadh an freagra faoin gcatagóir a raibh an chuid is mó de ag plé leis.

Ní mór a bheith aireach maidir le torthaí an cheistneora a léirmhíniú. Níl an ionadaíocht a rinneadh do mhúinteoirí go ginearálta, do mhúinteoirí na ranganna sóisearacha bunscoile nó do thuismitheoirí i measc na bhfreagróirí soiléir. Níor chuir ach líon beag freagróirí eolas déimeagrafach (e.g., cineál scoile, méid scoile, leibhéal/leibhéil ranga) ar fáil agus mar sin, níorbh fhéidir na sonraí a rangú de réir fochatagóra. Is bac suntasach é seo. Tugtar faoi deara freisin nach raibh teacht ag na rannpháirtithe a thug aiseolas ar an dréachtchuraclam ar an bhforbairt ghairmiúil leanúnach a chabhródh leo tuiscint a fháil ar an réasúnaíocht a bhí ann dó agus ar an struchtúr. Ar an láimh eile, bheadh taithí ag roinnt mhaith acu ar Churaclam Teanga na Bunscoile a seoladh in 2015 agus d'fhéadfadh sé go rachadh a leithéid i bhfeidhm ar an machnamh a rinne siad agus iad ag tabhairt breithmheas ar an dréachtchuraclam don mhatamaitic, mar go bhfuil roinnt cosúlachtaí ann (e.g. Torthaí Foghlama, Contanaim Dul chun Cinn).

**Líonra scoileanna, seimineáir, aighneachtaí agus déantáin páistí:** Sna snáitheanna eile den chomhairliúcháin, ba é an anailís théamach an príomh-mhodh a úsáideadh chun anailís a dhéanamh ar na sonraí, *method for identifying, analysing, and reporting patterns (themes) within data* (Braun agus Clark, 2006, 6) is ea é. Cuireann Braun agus Clarke (2006) treoir ina bhfuil sé chéim ar fáil mar chreat úsáideach chun an cineál seo anailíse a dhéanamh. Tá an próiseas féin atriallach agus machnamhach, forbraíonn sé le himeacht ama agus bítear ag dul siar agus aniar sna céimeanna an t-am ar fad (Nowell, Norris, White & Moules, 2017). Déanann an méid seo a leanas cur síos ar an bpróiseas anailíse a cuireadh chun feidhme i dtaca leis na sonraí cainníochtúla a bailíodh le linn an chomhairliúcháin.

**Tábla 1: Na sé chéim den chur chuige i leith na hanailíse téamaí**

| | | |
|---|---|---|
| Céim 1: Téitear i dtaithí ar na sonraí | Céim 2: Gintear na cóid tosaigh | Céim 3: Cuardaítear téamaí |
| Céim 4: Déantar athbhreithniú ar na téamaí | Céim 5: Sainmhínítear na téamaí | Céim 6: Scríobhtar an anailís |

**Céim 1: Téitear i dtaithí ar na sonraí:** Léadh na sonraí go gníomhach arís agus arís, aimsíodh brí agus patrúin sna sonraí agus aibhsíodh na patrúin sna tacair éagsúla sonraí.

**Céim 2: Gintear na cóid tosaigh:** Eagraíodh na patrúin a aithníodh i gcéim 1 ar bhealach córasach. Laghdaíodh na sonraí ina mblúirí beaga brí ach códú a dhéanamh orthu agus úsáideadh an códú oscailte chun a chinntiú nach raibh aon chóid réamhshocraithe ann.

**Céim 3: Téamaí a chuardach:** Rinneadh comparáid idir na sonraí códaithe agus scagadh ina dtéamaí inaitheanta iad.

**Céim 4: Athbhreithniú a dhéanamh ar na téamaí:** Sa chéim seo, rinneadh athbhreithniú ar gach téama d'fhonn a chinntiú go raibh patrún soiléir ann a léirigh go cruinn an bhrí a bhí le baint as an tacar sonraí. Tar éis an t-athbhreithniú a dhéanamh, cuireadh roinnt téamaí le chéile chun an tsraith dheireanach téamaí a dhéanamh.

**Céim 5: Téamaí a shainmhíniú agus a ainmniú:** Léiríodh an bunbhrí le gach téama (sonraí scagtha) sa chúigiú céim ach na téamaí a athainmniú agus mar sin, léiríodh na príomhréimsí spéise atá i gceist agus leagadh béim orthu.

**Céim 6: An tuarascáil a scríobh:** Tosaíodh ar na torthaí (mar a léirítear i gCaibidil 3 iad) a scríobh nuair a bhí an anailís a rinneadh ar na sonraí mar a shonraítear i gCéimeanna 1 - 5 tugtha chun críche.

Úsáideadh leagan oiriúnaithe den anailís théamach (Braun agus Clark, 2006) chun anailís a dhéanamh ar ghuth na bpáistí. Bhí an próiseas anailíse ionduchtaitheach agus léirmhínitheach ach bhí na sonraí mar bhonn eolais leis. I bhfianaise an mheasa a léirítear sa staidéar seo ar dhearcadh na bpáistí, úsáideadh cóid *In Vivo* chun na téamaí a ainmniú. Sa chódú In Vivo, úsáidtear teanga na rannpháirtithe chun cóid a chruthú (Charmaz, 2006; Cresswell, 2013; Saldaña, 2009) agus cabhraíonn sé linn guth na bpáistí a léiriú go cruinn (Saldaña, 2009).

# Caibidil 3. Torthaí

Cuirtear na torthaí a fuarthas ó gach snáithe den phróiseas comhairliúcháin i gcodanna éagsúla astu féin ar mhaithe le soiléireacht. Eascraíonn na torthaí seo ón bpróiseas bailithe sonraí agus ón bpróiseas anailíse ar a ndéantar cur síos i gCaibidil 2 agus is iad an bonn eolais don phlé agus do na moltaí a dhéantar i gCaibidil 4.

## Ceistneoir

Tagann struchtúr na dtorthaí ón snáithe seo le struchtúr an tsuirbhé ar líne. Ach machnamh a dhéanamh ar thréithe na bhfreagróirí (a raibh roinnt eolais in easnamh ina dtaobh), pléitear topaicí sonracha lena n-áirítear:

- An réasúnaíocht do CMB nua
- Na Snáitheanna agus na Gnéithe
- Na Torthaí Foghlama agus na lipéid
- Na Contanaim agus na Mórchéimeanna Dul chun Cinn
- Aidhmeanna an churaclaim
- Machnamh ar an athrú ar an gcuraclam
- Comhthéacs scoile

Cuirtear anailís ar cheisteanna oscailte ar fáil freisin.  Cuirtear achoimre ar na torthaí ar fáil ag an deireadh.


### Tréithe na bhfreagróirí

Fuarthas 1,104 freagra ar an gceistneoir. As measc an 1,104 rannpháirtí, léirigh 631 (57%) an seasamh a bhí acu agus iad ag freagairt an cheistneora. Áirítear leo seo múinteoirí bunscoile (466, nó 74% den 57%), príomhoidí bunscoile (81 nó 13%), leasphríomhoidí bunscoile (45 nó 7%), tuismitheoirí (16 nó 3%), agus daoine eile (15 nó 2%).  Bhí ní ba lú ná 1% i gceist leis na catagóirí do mhúinteoirí meánscoile, príomhoidí meánscoile, leasphríomhoidí meánscoile, cúntóirí riachtanas speisialta, oideachasóirí in earnáil an ardoideachais, oideachasóirí in earnáil an bhreisoideachais nó mic léinn.

Chuir idir 30 agus 40 múinteoir in iúl gur mhúin siad na naíonáin bheaga, na naíonáin mhóra, rang a haon agus rang a dó, agus chuir 32 in iúl gur mhúin siad páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (MRS). Mar sin féin, níor luaigh roinnt freagróirí na leibhéil gráid a mhúin siad.

**Fíor 1: Miondealú ar na freagróirí de réir an ranga/na ranganna a mhúin siad - líon na bhfreagróirí**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| Which class group(s) do you teach? | Cén rang/Cé na ranganna a mhúineann tú? (N) |
|---|---|
| Junior Infants | Naíonáin Bheaga |
| Senior Infants | Naíonáin Mhóra |
| First Class | Rang 1 |
| Second Class | Rang 2 |
| Third Class | Rang 3 |
| Fourth Class | Rang 4 |
| Fifth Class | Rang 5 |
| Sixth Class | Rang 6 |
| SET Class | MRS |

Níor luaigh ach 186 freagróir (17%) méid na scoile (más iomchuí). As a measc seo, chuir 58 (31% de 17%) go rabhthas ag múineadh i scoileanna ina raibh 201-300 dalta, agus bhí 46 (25%) ag múineadh i scoileanna ina raibh 100-200 dalta. Níor chuir ach 34 freagróir (18%) in iúl go rabhthas ag múineadh i scoileanna ina raibh 100 dalta nó ní ba lú ná sin.

Níor thug ach líon réasúnta beag múinteoirí freagra ar cheisteanna i ndáil le sonraí déimeagrafacha, lena n-áirítear blianta taithí ag múineadh (188 nó 17% de fhreagróirí, lena n-áirítear daoine a roghnaigh 'neamhbhainteach), cibé acu a mhúin siad nó nár mhúin siad ranganna ilghráid (186 nó 17%), cibé acu ar mhúin siad nó nár mhúin i scoil speisialta (186 nó 17%), agus cibé acu a mhúin siad


nó nár mhúin i scoil DEIS  (206 nó 19%). Níor chuir formhór na rannpháirtithe tic ach in aon bhosca amháin don cheist a bhain leis an gcineál scoile (ingearach, sóisearach, sinsearach) agus comhdhéanamh inscne na scoile cé gur iarradh ar na rannpháirtithe tic a chur sna boscaí ar fad a bhí ábhartha. Mar gheall nár fhreagair mórán rannpháirtithe na ceisteanna tábhachtacha déimeagrafacha, ní dhearnadh anailís ar fhoghrúpaí na bhfreagróirí.

## Réasúnaíocht agus aidhmeanna Churaclam nua Matamaitice na Bunscoile

Ar dtús, iarradh ar na freagróirí a dtuairim a chur in iúl maidir leis an ráiteas 'Cuireann an dréachtchuraclam fís shoiléir in iúl i dtaca le ról na matamaitice i saol na bpáistí'. Léirigh leath na bhfreagróirí (50%) gur aontaigh siad go láidir nó gur aontaigh siad, agus chuir 46% in iúl gur easaontaigh siad nó gur easaontaigh siad go láidir (Fíor 2). Ní raibh a fhios ag a ceathair faoin gcéad.

**Fíor 2: Tuairimí i ndáil leis an ráiteas go gcuireann an dréachtchuraclam fís shoiléir i ndáil le ról na matamaitice i saol na bpáistí in iúl – céatadán freagróirí**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| The draft curriculum communicates a clear vision regarding the role of mathematics in children's lives | Cuireann an dréachtchuraclam fís shoiléir in iúl i dtaca le ról na matamaitice i saol na bpáistí |
|---|---|
| Strongly disagree | Easaontaím go láidir |
| Disagree | Easaontaím |
| Agree | Aontaím |
| Strongly agree | Aontaím go láidir |
| Don't know | Níl a fhios agam |

Níor chreid ach 12% de fhreagróirí go gcabhródh an dréachtchuraclam bunscoile 'go mór' le páistí oilteacht mhatamaiticiúil a fhorbairt agus chreid 30% de fhreagróirí go gcabhródh sé leo 'go pointe áirithe' (Fíor 3). Chreid an formhór (55%) nach ndéanfadh sé mórán chun cabhrú le páistí nó nach gcabhródh sé ar chor ar bith leo.


Chreid beagnach leath na bhfreagróirí (48%) go dtabharfadh an dréachtchuraclam bunscoile raon

deiseanna do dhaltaí an méid a fhoghlamaíonn siad a chur i ngníomh 'go pointe áirithe' nó 'cuid mhaith'. Chreid 37% de na freagróirí nach dtarlódh a leithéid mórán nó 'ar chor ar bith'.

Mar fhocail scoir, chreid 37% de na freagróirí go spreagfadh an curaclam athchóirithe matamaitice meon táirgiúil i leith na matamaitice go mór nó go pointe áirithe agus chreid 59% de na freagróirí nach spreagfadh an curaclam nua meon dá leithéid mórán nó ar chor ar bith.

**Fíor 3: Dearcthaí ar an gcaoi a gcabhródh an dréacht de CMB le hoilteacht sa mhatamaitic a fhorbairt, a dtabharfadh sé raon deiseanna do pháistí an méid a fhoghlamaíonn siad a chur i ngníomh agus a spreagfadh sé meon táirgiúil i leith na matamaitice**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| The draft primary mathematics curriculum will | Déanfaidh dréacht-Churaclam Matamaitice na Bunscoile... |
|---|---|
| help develop proficiency | oilteacht a fhorbairt |
| provide range of opportunities | raon deiseanna a chur ar fáil |
| encourage productive disposition | meon táirgiúil a spreagadh |
| Not at all | Ní dhéanfaidh sé ar chor ar bith |
| Not to any great extent | Ní dhéanfaidh sé mórán |
| To some extent | Go pointe áirithe |
| To a great extent | Go mór |
| Don't know | Níl a fhios agam |

## Snáitheanna agus gnéithe dhréacht-Churaclam Matamaitice na Bunscoile

Cuireadh ceisteanna ar fhreagróirí faoina muiníní agus a bhí siad agus iad ag úsáid na dTorthaí

Foghlama do gach snáithe sa dréachtchuraclam (Fíor 4). Bhí dáileadh na bhfreagraí beagnach díreach mar an gcéanna sna cúig shnáithe, agus idir 37% agus 42% de fhreagróirí ag aontú go mbeidís muiníneach go maith nó go pointe áirithe agus na torthaí foghlama á n-úsáid acu (Ailgéabar ba ea an ceann ab ísle ag 37%, agus Uimhreas agus Cruth agus Spás ba ea na cinn ab airde ag 42%). Ní bheadh idir 56% (Uimhreas, Cruth agus Spás) agus 60% (Ailgéabar) muiníneach mórán nó ar chor ar bith maidir leis na Torthaí Foghlama a úsáid.


Iarradh ar na freagróirí a chur in iúl an méid a d'aontaigh siad leis an ráiteas seo: 'Tá an tsonraíocht úsáideach chun foghlaim a chomhtháthú ar fud snáitheanna'. Léirigh tríocha is a seacht faoin gcéad de na freagróirí gur 'aontaigh' siad 'go láidir' nó gur 'aontaigh' siad go bhfuil an tsonraíocht úsáideach ar an gcaoi seo, agus chuir 60% in iúl gur 'easaontaigh' siad nó gur 'easaontaigh' siad 'go láidir' (Fíor 5).

Iarradh ar na freagróirí sa chéad trí cheist a luaigh na gnéithe curaclaim go sonrach an méid a d'aontaigh siad leis an tuairim go mínítear na gnéithe go soiléir a chur in iúl. Léirigh tríocha is a haon faoin gcéad de na freagróirí gur 'aontaigh' siad 'go láidir' nó gur 'aontaigh' siad, agus chuir 67% in iúl gur 'easaontaigh' siad nó gur 'easaontaigh' siad 'go láidir' (Fíor 5).

Iarradh sa dara ceist an méid agus a d'aontaigh na rannpháirtithe leis an tuairim go léirítear na gnéithe go soiléir go físiúil. Maidir leis an gceist seo, léirigh 32% de na freagróirí gur 'aontaigh' siad 'go láidir' nó gur 'aontaigh' siad, agus chuir 65% in iúl gur 'easaontaigh' siad nó gur 'easaontaigh' siad 'go láidir'. Ba é an tríú ráiteas 'Tá an caidreamh idir na gnéithe agus na torthaí foghlama soiléir.' Maidir leis an gceist seo, léirigh 26% de na freagróirí gur 'aontaigh' siad 'go láidir' nó gur 'aontaigh' siad, agus chuir 71% in iúl gur 'easaontaigh' siad nó gur 'easaontaigh' siad 'go láidir'.

**Fíor 4: Leibhéil mhuiníne i ndáil le Torthaí Foghlama a úsáid do gach snáithe sa dréachtchuraclam**


The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| To what extent would you feel confident teaching using the Learning Outcomes for each strand? | Cé chomh muiníneach agus a bheifeá ag múineadh agus na Torthaí Foghlama do gach snáithe á n-úsáid agat? |
|---|---|
| Algebra | Ailgéabar |
| Data and chance | Sonraí agus Seansúlacht |
| Measures | Tomhais |
| Number | Uimhreas |
| Shape and Space | Cruth agus Spás |
| Not at all | Ní bheinn muiníneach ar chor ar bith |
| Not to any great extent | Ní bheinn rómhuiníneach |
| To some extent | Bheinn sách muiníneach |
| To a great extent | Bheinn an-mhuiníneach |
| Don't know | Níl a fhios agam |

**Fíor 5: An méid a d'aontaigh na freagróirí leis an tuairim go gcabhraíonn an dréachtsonraíocht leis an bhfoghlaim a chomhtháthú trasna na snáitheanna agus le codanna de na gnéithe**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| Views on Integration Across Strands and Aspects of the Elements | Tuairimí maidir leis an gcomhtháthú trasna na snáitheanna agus codanna de na gnéithe |
|---|---|
| Helpful in integrating learning across strands | Úsáideach chun foghlaim a chomhtháthú trasna snáitheanna |
| Elements are clearly explained | Mínítear gnéithe go soiléir |
| Elements are visually represented in a clear way | Léirítear gnéithe go físiúil ar bhealach soiléir |
| Clear relationship between elements and learning outcomes | Caidreamh soiléir idir na gnéithe agus na torthaí foghlama |
| Strongly Disagree | Easaontaím go láidir |
| Disagree | Easaontaím |
| Agree | Aontaím |
| Strongly agree | Aontaím go láidir |
| Don’t know | Níl a fhios agam |
| | |

## Forléargas ar Thorthaí Foghlama agus ar lipéid

Iarradh ar na rannpháirtithe trí cheist i ndáil le Torthaí Foghlama a fhreagairt. Fiafraíodh orthu sa chéad cheist cé chomh soiléir agus atá sé ó na Torthaí Foghlama an méid lena mbítear ag súil ag Céim 1 (na naíonáin bheaga agus na naíonáin mhóra) agus ag Céim 2 (rang a haon agus rang a dó). Tá na patrúin sna freagraí i ndáil leis an dá chéim beagnach díreach mar an gcéanna (Fíor 6). Don dhá bhanda ranganna, chuir 10% de na freagróirí in iúl go raibh sé soiléir go maith an rud lena mbítear ag súil leis na Torthaí Foghlama, agus chuir aon cheathrú de na freagróirí in iúl go raibh sé soiléir go pointe áirithe. Chuir seasca faoin gcéad in iúl nach raibh sé soiléir ar chor ar bith. Tugann seo le fios go raibh deacrachtaí áirithe ag na rannpháirtithe na Torthaí Foghlama a thuiscint.

**Fíor 6: Tuairimí ar cé chomh soiléir agus atá sé ó na Torthaí Foghlama cén fhoghlaim lena mbítear ag súil maidir le dhá bhanda ranga**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| To what extent do you think it is clear what learning is expected from the Learning Outcomes? | Cé chomh mór a cheapann tú go bhfuil sé soiléir a bhfuiltear ag súil leis ó na Torthaí Foghlama? |
|---|---|
| Stage 1 - Junior and Senior Infant classes | Céim 1 – Ranganna na Naíonán Sóisearach agus Sinsearach |
| Stage 2 - First and Second classes | Céim 2 – Rang a hAon agus Rang a Dó |
| Not to any great extent | Níl sé róshoiléir |
| To some extent | Sách soiléir |
| To a great extent | An-soiléir |
| Not sure | Níl mé cinnte |

Leis an dara ceist ar na Torthaí Foghlama, iarradh ar na rannpháirtithe a chur in iúl an méid a d'aontaigh siad leis an ráiteas 'Tugann na torthaí foghlama sa dréachtchuraclam cothromaíocht oiriúnach idir eolas matamaiticiúil agus scileanna matamaiticiúla' i ndáil leis na cúig réimse ábhar sa mhatamaitic. D'aontaigh an méid céanna a bheag nó a mhór sa chúig réimse ábhar agus idir 29% (Ailgéabar) agus 33% (Uimhreas) ag aontú go láidir nó ag aontú, agus idir 61% (Uimhreas) agus 64% (Ailgéabar) ag easaontú nó ag easaontú go láidir (Fíor 7).

Sa tríú ceist, iarradh ar na rannpháirtithe a chur in iúl an méid agus a d'aontaigh siad leis an tuairim go bhfuil an fhréamh do na Torthaí Foghlama 'Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart do pháistí a bheith in ann' feiliúnach. Iarradh ar na rannpháirtithe an cheist a fhreagairt i ndáil le Céim 1 (na Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha) agus Céim 2 (Rang a hAon agus a Dó). 59% de na freagróirí a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir go raibh an fhréamh feiliúnach do Chéim 1 ach níor aontaigh ach 46% de na freagróirí maidir le Céim 2. D'fhéadfadh sé go léireodh sé seo tuairim i measc na rannpháirtithe go bhfuil eispéiris spraíúla foghlama níos feiliúnaí mar chomhthéacs don mhatamaitic a theagasc agus a fhoghlaim ag Céim 1 i gcomparáid le Céim 2 (Fíor 8). Léirigh ní ba mhó ná trian de na rannpháirtithe gur easaontaigh siad nó gur easaontaigh siad go láidir go raibh an fhréamh feiliúnach do Chéim 1, agus chuir 46% de rannpháirtithe in iúl gur easaontaigh siad nó gur easaontaigh siad go láidir i ndáil le Céim 2.

**Fíor 7: An méid a d'aontaigh na rannpháirtithe leis an dearcadh go dtugann na Torthaí Foghlama sa dréachtchuraclam cothromaíocht oiriúnach idir eolas matamaiticiúil agus scileanna matamaiticiúla i ndáil leis na cúig réimse ábhair sa mhatamaitic**


The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| The learning outcomes presented in the draft curriculum offer a suitable balance between mathematical knowledge and skills | Tugann na torthaí foghlama sa dréachtchuraclam cothromaíocht oiriúnach idir eolas matamaiticiúil agus scileanna matamaiticiúla |
|---|---|
| Algebra | Ailgéabar |
| Data and chance | Sonraí agus Seansúlacht |
| Measures | Tomhais |
| Number | Uimhreas |
| Shape and Space | Cruth agus Spás |
| Strongly Disagree | Easaontaím go láidir |
| Disagree | Easaontaím |
| Agree | Aontaím |
| Strongly Agree | Aontaím go láidir |
| Don’t know | Níl a fhios agam |

**Fíor 8: An méid a d’aontaigh na rannpháirtithe leis an tuairim go bhfuil an fhréamh do na Torthaí Foghlama “Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart do pháistí a bheith in ann” feiliúnach do i) Céim 1 agus ii) Céim 2**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| The Learning Outcome stem "Through appropriately playful learning experiences, children should be enabled to", is appropriate for: | Tá an fhréamh do na Torthaí Foghlama “Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart do pháistí a bheith in ann” feiliúnach do: |
|---|---|
| Stage 1 - Junior and Senior Infant classes | Céim 1 – Ranganna na Naíonán Sóisearach agus Sinsearach |
| Stage 2 - First and Second classes | Céim 2 – Rang a hAon agus Rang a Dó |
| Strongly Disagree | Easaontaím go láidir |
| Disagree | Easaontaím |
| Agree | Aontaím |
| Strongly Agree | Aontaím go láidir |
| Don’t know | Níl a fhios agam |

## Contanaim agus Mórchéimeanna Dul chun Cinn

Ar dtús, cuireadh ceist ar na rannpháirtithe faoina fheiliúnaí atá na Contanaim Dul chun Cinn i ndáil leis na torthaí foghlama do pháistí bunscoile ag Céim 1 (na naíonáin bheaga agus na naíonáin mhóra) agus ag Céim 2 (rang a haon agus rang a dó). Déantar achoimre ar na torthaí, a bhí cosúil go leor do Chéim 1 agus do Chéim 2, i bhFíor 9. Shíl 20% de na freagróirí go raibh na Contanaim Dul chun Cinn an-oiriúnach nó sách oiriúnach do na Torthaí Foghlama do pháistí bunscoile ag na céimeanna seo. Cheap 20% eile de na freagróirí go raibh athrú de dhíth ar na Contanaim agus bhraith trí chúigiú de na freagróirí nach raibh na Contanaim Dul chun Cinn oiriúnach ar chor ar bith.

**Fíor 9: Tuairimí maidir le cé chomh hoiriúnach agus atá na Contanaim Dul chun Cinn maidir le Torthaí Foghlama páistí ag Céim 1 agus ag Céim 2**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| How appropriate do you feel the Progression Continua are in relation to the learning outcomes of primary school children? | Cé chomh hoiriúnach agus atá na Contanaim Dul chun Cinn maidir le torthaí foghlama pháistí na bunscoile? |
|---|---|
| Stage 1 - Junior and Senior Infant classes | Céim 1 – Ranganna na Naíonán Sóisearach agus Sinsearach |
| Stage 2 - First and Second classes | Céim 2 – Rang a hAon agus Rang a Dó |
| Not at all appropriate | Níl siad oiriúnach ar chor ar bith |
| Some changes needed | Roinnt athruithe ag teastáil |
| Fairly appropriate | Sách oiriúnach |
| Very appropriate | An-oiriúnach |
| Not sure | Níl mé cinnte |


Ina dhiaidh sin iarradh ar na rannpháirtithe a chur in iúl an méid a d'aontaigh siad leis an ráiteas seo 'Cuireann na Contanaim Dul chun Cinn dóthain sonraí ar fáil chun eispéiris foghlama shaibhre sa mhatamaitic a thabhairt do gach foghlaimeoir i ngach ceann de na snáitheanna'. Léirítear i bhFíor 10 na freagraí i ndáil leis an gcúig snáithe den dréachtchuraclam. Bhí na patrúin sna freagraí mórán mar an gceanna sna snáitheanna éagsúla ábhair. Bhí beagán ní ba lú ná aon chúigiú de na freagróirí a

d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir gur chuir na Contanaim Dul chun Cinn go leor sonraí ar fáil chun eispéiris shaibhre foghlama sa mhatamaitic a chur ar fáil do na foghlaimeoirí uile i ngach snáithe. D'easaontaigh beagán ní ba lú ná aon cheathrú de na freagróirí agus bhí 55% de na freagróirí a d'easaontaigh go láidir. Ní raibh a fhios ag 3-4% de na freagróirí.

Iarradh ar na rannpháirtithe ansin an mhórchéim a dhéanann an cur síos is fearr ar fhoghlaim agus ar fhorbairt mhatamaiticiúil fhormhór na bpáistí ag deireadh rang na naíonán sinsearach a shainaithint. Thug tuairim is 600 rannpháirtí (54%) freagra i ndáil le gach snáithe ábhair. Arís eile, bhí na patrúin sna freagraí mórán mar an gceanna sna snáitheanna éagsúla ábhair (Fíor 11). Léirigh idir 30% de na freagróirí (Ailgéabar) agus 33% (Sonraí agus Seansúlacht) go mbeadh formhór na bpáistí ag Mórchéim a nó b ag deireadh rang na naíonán sinsearach. Roghnaigh idir 32% (Sonraí agus Seansúlacht) agus 36% (Tomhais) Mórchéim c, agus roghnaigh 13-14% de na freagróirí Mórchéim d. Roghnaigh deich faoin gcéad nó ní ba lú leibhéal e, f nó g.

**Fíor 10: An méid a d'aontaigh na rannpháirtithe leis an ráiteas go gcuireann na Contanaim Dul chun Cinn dóthain sonraí ar fáil chun eispéiris foghlama shaibhre sa mhatamaitic a thabhairt do gach foghlaimeoir i ngach snáithe**


The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| The progression continua provide enough detail to deliver rich mathematical learning experiences for all learners in each of the strands | Cuireann na contanaim dul chun cinn dóthain sonraí ar fáil chun eispéiris foghlama shaibhre sa mhatamaitic a thabhairt do gach foghlaimeoir i ngach ceann de na snáitheanna |
|---|---|
| Algebra | Ailgéabar |
| Data and chance | Sonraí agus Seansúlacht |
| Measures | Tomhais |
| Number | Uimhreas |
| Shape and Space | Cruth agus Spás |
| Strongly Disagree | Easaontaím go láidir |
| Disagree | Easaontaím |
| Agree | Aontaím |
| Strongly Agree | Aontaím go láidir |
| Don't know | Níl a fhios agam |

**Fíor 11: Meastacháin i ndáil leis an mórchéim a dhéanann an cur síos is fearr ar fhoghlaim mhatamaiticiúil fhormhór na bpáistí ag deireadh rang na naíonán mór**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| Identify the milestone that best locates the majority of the children's mathematical learning and development at the end of senior infants | Sainaithin an mhórchéim a dhéanann an cur síos is fearr ar fhoghlaim agus ar fhorbairt mhatamaiticiúil fhormhór na bpáistí ag deireadh rang na naíonán sinsearach |
|---|---|
| Algebra | Ailgéabar |
| Data and chance | Sonraí agus Seansúlacht |
| Measures | Tomhais |
| Number | Uimhreas |
| Shape and Space | Cruth agus Spás |

Iarraidh ar na rannpháirtithe ansin dul i mbun na gníomhaíochta céanna i ndáil leis na daltaí ag deireadh rang a dó. Thug caoga is a cúig faoin gcéad de na rannpháirtithe freagra. Bhí dáileadh ní ba mhó sna freagraí an uair seo, rud a mbeifí ag súil leis, toisc go mbeifí ag súil go mbeadh na páistí ag dul chun cinn i dtreo chuid uachtarach na gcontanam. Arís eile, bhí na céatadáin mórán mar an gcéanna sna snáitheanna éagsúla ábhair (Fíor 12). Níor léirigh ach 10% de na freagróirí go mbeadh foghlaim fhormhór na bpáistí ag Mórchéim a nó b ag deireadh rang a dó, agus roghnaigh 11-13% de na freagróirí Mórchéim c. Roghnaigh idir 20-21% de na freagróirí Mórchéim d, agus roghnaigh 16-18% de na freagróirí Mórchéim e. Roghnaigh aon cheathrú de na freagróirí (23-24%) Mórchéim f agus roghnaigh aon séú (15-17%) an mhórchéim ab airde, g.

**Fíor 12: Meastacháin i ndáil leis an mórchéim a dhéanann an cur síos is fearr ar fhoghlaim mhatamaiticiúil fhormhór na bpáistí ag deireadh rang a dó**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| Identify the milestone that best locates the majority of the children's mathematical learning and development at the end of second class | Sainaithin an mhórchéim a dhéanann an cur síos is fearr ar fhoghlaim agus ar fhorbairt mhatamaiticiúil fhormhór na bpáistí ag deireadh rang a dó |
|---|---|
| Algebra | Ailgéabar |
| Data and chance | Sonraí agus Seansúlacht |
| Measures | Tomhais |
| Number | Uimhreas |
| Shape and Space | Cruth agus Spás |

Iarradh ar an freagróirí sa chéad cheist eile cé chomh héasca agus a bheadh sé foghlaim an chuid is mó de pháistí ina rang a aimsiú ar na Contanaim Dul chun Cinn do gach snáithe. Thug seasca is a dó faoin gcéad de na rannpháirtithe freagra ar an gceist seo. Arís eile, bhí na patrúin sna freagraí mórán mar an gceanna sna réimsí éagsúla ábhair. Léirigh idir 21% (Ailgéabar, Tomhais) agus 24% (Uimhreas) go raibh siad in ann formhór na bpáistí nó na páistí ar fad a aimsiú ar an gcontanam. Dúirt idir 29% (Uimhreas agus Tomhais) agus 32% (Cruth agus Spás) nach raibh siad in ann páistí áirithe a aimsiú ar na contanaim, agus chuir 37% (Cruth agus Spás) go dtí 39% (Ailgéabar, Sonraí agus Seansúlacht, Tomhais) in iúl nach raibh sin in ann na mórchéimeanna a chur i bhfeidhm don rang. Léirigh tuairim is aon deichiú de na freagróirí nár bhain an cheist leo, mar nach raibh taithí acu ar fheidhmíocht nó ar fhorbairt daltaí ag Céim 1 agus ag Céim 2, is dócha.

Ina dhiaidh sin, iarradh ar na rannpháirtithe breithmheas a thabhairt ar a oiriúnaí atá Mórchéim 'a' do dhá ghrúpa páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu – páistí a bhfuil riachtanais throma oideachais acu agus páistí a bhfuil riachtanais mheánacha oideachais acu. D'fhreagair beagán ní ba mhó ná 60% de na rannpháirtithe gach ceist. Cheap fiche is a haon faoin gcéad de na freagróirí go raibh Mórchéim 'a' an-oiriúnach nó 'sách oiriúnach' do pháistí a bhfuil riachtanais mheánacha oideachais acu, agus cheap 19% de na freagróirí go raibh sé oiriúnach do pháistí a bhfuil riachtanais throma oideachais acu (Fíor 14). Luaigh tríocha is a seacht faoin gcéad de na rannpháirtithe go raibh roinnt athruithe ag teastáil i gcás na bpáistí a bhfuil riachtanais mheánacha oideachais acu, agus léirigh 32% an dearcadh céanna i leith páistí a bhfuil riachtanais throma oideachais acu. Mar fhocal scoir, cheap 42% de na freagróirí nach raibh Mórchéim 'a' oiriúnach ar chor ar bith do pháistí a bhfuil riachtanais mheánacha oideachais acu agus bhí an tuairim chéanna ag 49% de na rannpháirtithe i leith páistí a bhfuil riachtanais throma oideachais acu.

**Fíor 13: Machnamh ar fhoghlaim fhormhór na bpáistí i rang a aimsiú ar na Contanaim Dul chun Cinn ar fud na snáitheanna éagsúla**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| | |
|---|---|
| Thinking of the class you currently teach; how easy would it be to locate learning for the majority of children in your class on the Progression Continua across the different strands? | Agus tú ag smaoineamh ar an rang a mhúineann tú faoi láthair, cé chomh héasca agus a bheadh sé an fhoghlaim a aimsiú don chuid is mó de pháistí i do rang ar na Contanaim Dul chun Cinn ar fud na snáitheanna difriúla? |

| | |
|---|---|
| Algebra | Ailgéabar |
| Data and chance | Sonraí agus Seansúlacht |
| Measures | Tomhais |
| Number | Uimhreas |
| Shape and Space | Cruth agus Spás |
| I do not think I can apply the milestones in my class | Ní cheapaim gur féidir liom na mórchéimeanna a chur i bhfeidhm i mo rang |
| I can only locate some children on the milestones | Ní féidir liom ach roinnt páistí a aimsiú ar na mórchéimeanna |
| I can locate most children on the milestones | Is féidir liom an chuid is mó de pháistí a aimsiú ar na mórchéimeanna |
| I can locate all children on the milestones | Is féidir liom gach páiste a aimsiú ar na mórchéimeanna |
| N/A | N/B |
| | |

**Fíor 14: Cé chomh hoiriúnach agus atá Mórchéim Dul chun Cinn 'a' do i) páistí a bhfuil riachtanais throma oideachais acu, agus ii) páistí a bhfuil riachtanais mheánacha oideachais acu**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| How appropriate is the ‘progression milestone (a)’ to these groups of students? | Cé chomh hoiriúnach agus atá 'mórchéim dul chun cinn (a)' do na grúpaí daltaí seo? |
|---|---|
| Children with moderate educational needs | Páistí a bhfuil riachtanais mheánacha oideachais acu |
| Children with severe/profound educational needs | Páistí a bhfuil riachtanais throma oideachais acu |
| Not at all appropriate | Níl sí oiriúnach ar chor ar bith |
| Some changes needed | Roinnt athruithe ag teastáil |
| Fairly appropriate | Sách oiriúnach |
| Very appropriate | An-oiriúnach |
| | |

Ina dhiaidh sin, iarraidh ar na rannpháirtithe a chur in iúl, i dtaobh na bpáistí ar fad sna ranganna ó na naíonáin bheaga go dtí rang a dó, cé chomh hoiriúnach agus atá líon na mórchéimeanna dul chun cinn. D’fhreagair beagán ní ba mhó ná 60% de na rannpháirtithe an cheist. Cheap trí déag faoin gcéad de na rannpháirtithe go raibh na mórchéimeanna an-oiriúnach nó oiriúnach, agus chuir aon cheathrú de na rannpháirtithe in iúl go raibh roinnt athruithe ag teastáil ar líon na mórchéimeanna (Fíor 15). Chuir formhór na rannpháirtithe (55%) in iúl nach raibh líon na mórchéimeanna oiriúnach ar chor ar bith.

**Fíor 15: A oiriúnaí atá líon na Mórchéimeanna Dul chun Cinn agus na páistí ar fad ó na naíonáin shóisearacha go dtí rang a dó á gcur san áireamh**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| When you think of all children from junior infants to second class, how appropriate do you think the number of progression milestones is? | Agus tú ag cuimhneamh ar na páistí ar fad ó na naíonáin shóisearacha go dtí rang a dó, cé chomh hoiriúnach agus atá líon na mórchéimeanna dul chun cinn, dar leat? |
|---|---|
| Not at all appropriate | Níl siad oiriúnach ar chor ar bith |
| Some changes needed | Roinnt athruithe ag teastáil |
| Appropriate | Oiriúnach |
| Very appropriate | An-oiriúnach |
| Not sure | Níl mé cinnte |
| | |
| | |

## Aidhmeanna dhréacht-Churaclam Matamaitice na Bunscoile

Fiafraíodh de na rannpháirtithe ansin ar cheap sin go bhfuil na cúig ghné d'oilteacht mhatamaiticiúil follasach ar fud na dréachtsonraíochta. Thug seasca is a cúig faoin gcéad de na rannpháirtithe freagra (Fíor 16). Cheap fiche is a hocht faoin gcéad de na rannpháirtithe go bhfuil siad follasach, agus cheap 56% de na rannpháirtithe nach bhfuil. Dúirt thart ar an séú cuid de na rannpháirtithe nach raibh a fhios acu.

**Fíor 16: Tuairimí na rannpháirtithe maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na cúig ghné d'oilteacht mhatamaiticiúil follasach ar fud na dréachtsonraíochta**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| In your view, are the five aspects of mathematical proficiency clearly evident across the draft specification? | I do thuairim, an bhfuil na cúig ghné d'oilteacht mhatamaiticiúil follasach ar fud na dréachtsonraíochta? |
|---|---|
| No | Níl |
| Yes | Tá |
| Don't know | Níl a fhios agam |
| | |

## Machnamh ar an athrú ar an gcuraclam


Ar dtús, iarradh ar na freagróirí a chur in iúl an méid a d'aontaigh siad leis na sé ráiteas faoin dréachtchuraclam Thug seasca faoin gcéad de na freagróirí freagra ar an gceist. Ina measc seo, léirigh 60% gur aontaigh nó gur aontaigh siad go láidir go leagann an dréachtchuraclam béim ar an tábhacht a bhaineann le heispéiris spraíúla bhríocha i bhfoghlaim na bpáistí ag Céim 1 (na naíonáin bheaga agus na naíonáin mhóra). Léirigh tríocha is a cúig faoin gcéad gur easaontaigh siad nó gur easaontaigh siad go láidir ach ní raibh a fhios ag an gcuid eile. Léirigh fiche faoin gcéad de na rannpháirtithe gur aontaigh siad[6] leis an ráiteas nach raibh eispéiris spraíúla oiriúnach d'fhoghlaim na bpáistí ag Céim 2 (rang a haon agus rang a dó), ach léirigh trí cheathrú de na rannpháirtithe nár aontaigh siad leis an ráiteas. D'aontaigh tríocha is a trí faoin gcéad de na rannpháirtithe leis an

[6] Ciallaíonn 'léirigh siad gur aontaigh siad' gur aontaigh siad go láidir nó gur 'aontaigh' siad. Ciallaíonn 'léirigh siad gur easaontaigh siad' gur easaontaigh siad go láidir nó gur easaontaigh siad.

dearcadh nach dtacaíonn an dréachtchuraclam leis an bhfoghlaim mar phróiseas comhoibritheach sóisialta, ach léirigh 56% de na freagróirí gur easaontaigh siad leis an dearcadh sin. Chuir beagnach leath na rannpháirtithe (49%) in iúl gur aontaigh siad leis an ráiteas go dtacaíonn an dréachtchuraclam le rannpháirtíocht ghníomhach na bpáistí ina bhfoghlaim féin sa mhatamaitic. Léirigh daichead is a haon faoin gcéad de na rannpháirtithe gur easaontaigh siad leis an ráiteas sin. Chuir beagnach ceathrar as gach deichniúr (39%) in iúl gur aontaigh siad leis an tuairim go dtacaíonn an dréachtchuraclam le scileanna uimhríochta, scileanna cruthaitheacha agus scileanna smaointeoireachta solúbtha a fhorbairt, ach léirigh 51% de na rannpháirtithe nár aontaigh siad leis an tuairim sin. D'aontaigh tríocha faoin gcéad de na freagróirí leis an tuairim go gcuimsítear na daltaí uile leis an dréachtchuraclam, agus léirigh 60% nár aontaigh siad leis an tuairim sin. Chuir ní ba lú ná an cúigiú cuid (19%) de na rannpháirtithe in iúl gur aontaigh siad go bhfuil an réasúnaíocht don churaclam a athrú soiléir, agus chuir 61% in iúl nár aontaigh siad leis an ráiteas sin.

**Fíor 17: An méid an d'aontaigh na rannpháirtithe le ráitis maidir leis an gcuraclam a athrú**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| | |
|---|---|
| Reflections on the curriculum change | Machnamh ar athrú an churaclaim |
| Importance of playful and meaningful experiences in Stage 1 is highlighted | Léirítear an tábhacht atá le heispéiris spraíúla agus bhríocha ag Céim 1 |
| Playful learning experiences not appropriate for Stage 2 | Níl eispéiris spraíúla foghlama feiliúnach do Chéim 2 |
| Learning as a social and collaborative process is not supported | Ní thacaítear le foghlaim mar phróiseas sóisialta agus comhoibríoch |
| Children's active participation in their own learning is supported | Tacaítear le rannphháirtíocht ghníomhach na bpáistí ina bhfoghlaim féin |
| Development of computational, creative and flexible thinking skills is supported | Tacaítear le forbairt scileanna ríomhaireachtúla, cruthaitheacha agus solúbtha smaointeoireachta |
| Draft curriculum inclusive of all students | Cuimsíonn an dréachtchuraclam gach dalta |
| Clear rationale for change of the curriculum | Tá an réasúnaíocht atá leis an gcuraclam a athrú soiléir |
| Strongly Disagree | Easaontaím go láidir |
| Disagree | Easaontaím |
| Agree | Aontaím |
| Strongly Agree | Aontaím go láidir |
| Don't know | Níl a fhios agam |

Mar sin, baineann na ráitis dearfacha is mó dar tugadh tacaíocht leis an tuairim go leagann an curaclam béim ar a thábhachtaí atá eispéiris spraíúla bhríocha ag Céim 1, go dtacaítear le rannpháirtíocht ghníomhach na bpáistí ina bhfoghlaim agus go dtacaítear leis an smaointeoireacht uimhríochta, chruthaitheach agus sholúbtha a fhorbairt, cé nár tugadh an tacaíocht chéanna don ráiteas deireanach. Ar an láimh eile, easaontaíonn cuid réasúnta mór de na freagróirí leis an tuairim go gcuimsítear na daltaí uile leis an dréachtchuraclam agus leis an tuairim go bhfuil réasúnaíocht shoiléir ann don athrú ar an gcuraclam. Tá sé soiléir freisin go n-easaontaíonn formhór mór na bhfreagróirí leis an tuairim nach bhfuil eispéiris spraíúla foghlama feiliúnach d'fhoghlaim na bpáistí i rang a haon agus i rang a dó.

Ina dhiaidh sin, iarradh ar na rannpháirtithe a chur in iúl an méid athraithe lena raibh siad ag súil mar gheall ar na hathruithe atá beartaithe don churaclam i ndáil leis na cúig réimse ábhair sa mhatamaitic. Thug 649 rannpháirtí (59%) freagra ar an gceist seo. Arís eile, chonacthas go raibh na patrúin sna freagraí mórán mar an gcéanna sna réimsí éagsúla ábhair, agus bhí 35-37% de na rannpháirtithe ag súil leis go mbeadh athrú mór nó athrú go pointe áirithe ann. Ar an láimh eile, cheap 52-54% nach n-athródh cúrsaí chomh mór sin nó ar chor ar bith. Mar sin, as measc na bhfreagróirí, bhí ní ba mhó de na rannpháirtithe (beagán le cois a leath) ag súil leis nach dtarlódh mórán athraithe agus cheap ní ba mhó ná aon trian de na rannpháirtithe go mbeadh athrú áirithe ann. Ní raibh a fhios ag 11-12% de na freagróirí.

**Fíor 18: Cé chomh mór a cheaptar go n-athróidh ceachtanna matamaitice mar thoradh ar na hathruithe curaclaim atá molta, de réir snáithe**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| Please indicate the extent to which you expect your mathematics lessons to change as a result of the changes to the curriculum as proposed | Léirigh cé chomh mór a cheapann tú go n-athróidh do cheachtanna matamaitice mar thoradh ar athruithe an churaclaim mar atá molta |
|---|---|
| Algebra | Ailgéabar |
| Data and chance | Sonraí agus Seansúlacht |
| Measures | Tomhais |
| Number | Uimhreas |
| Shape and Space | Cruth agus Spás |
| Not at all | Ní athróidh siad ar chor ar bith |
| Not to any great extent | Ní athróidh siad chomh mór sin |
| To some extent | Athróidh siad beagáinín |
| To a great extent | Athróidh siad go mór |
| Don't know | Níl a fhios agam |

Ansin iarradh ar rannpháirtithe breithmheas a thabhairt ar an teanga a úsáidtear sa dréachtchuraclam i ndáil leis na ceithre phríomhghné – na haidhmeanna, na snáitheanna, na gnéithe agus na Contanaim Dul chun Cinn. Thug 653 rannpháirtí (59%) freagra ar an gceist seo. Léirigh ní ba mhó ná trí cheathrú (76%) de na freagróirí gur aontaigh siad go láidir nó gur aontaigh siad nár mhór an teanga lena ndéantar cur síos ar na haidhmeanna a shoiléiriú agus chuir 20% in iúl gur easaontaigh siad nó gur easaontaigh siad go láidir leis an tuairim sin (Fíor 19). Léirigh mórán an méid céanna gur aontaigh agus gur easaontaigh siad leis an dearcadh go bhfuil an teanga lena ndéantar cur síos ar na snáitheanna soiléir – 76% agus 21% faoi seach. Chuir beagán ní ba mhó ná aon trian de

na rannpháirtithe (34%) in iúl gur aontaigh siad leis an tuairim nár mhór an teanga lena ndéantar cur síos ar na gnéithe a shoiléiriú, agus léirigh 63% nár aontaigh siad leis an tuairim sin. Ar an gcuma chéanna, léirigh 41% de na rannpháirtithe gur aontaigh siad leis an tuairim go bhfuil an teanga lena ndéantar cur síos ar na Contanaim Dul chun Cinn soiléir, agus léirigh 71% nár aontaigh siad leis an tuairim sin.

**Fíor 19: An méid a d'aontaigh na rannpháirtithe leis na ráitis i ndáil lena shoiléire atá an teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar aidhmeanna an churaclaim, ar shnáitheanna, ar ghnéithe agus ar Chontanaim Dul chun Cinn**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| | |
|---|---|
| Clarity of language in aspects of the curriculum | Soiléire na teanga maidir le codanna éagsúla den churaclam |
| Language describing the aims needs more clarity | Teastaíonn tuilleadh soiléire ón teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na haidhmeanna |
| Language describing the elements needs more clarity | Teastaíonn tuilleadh soiléire ón teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na gnéithe |
| Language describing the strands is clear | Tá an teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na snáitheanna soiléir |
| Language describing the progression continua is clear | Tá an teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na contanaim dul chun |

| | |
|---|---|
| | cinn soiléir |
| Strongly Disagree | Easaontaím go láidir |
| Disagree | Easaontaím |
| Agree | Aontaím |
| Strongly Agree | Aontaím go láidir |
| Don't know | Níl a fhios agam |

Sa cheist dheireanach i dtaca leis an athrú ar an gcuraclam, iarradh ar na rannpháirtithe a chur in iúl a mhéad agus a d'aontaigh siad le sé ráiteas lena ndéantar comparáid idir an curaclam reatha (1999) agus an dréachtchuraclam nua don mhatamaitic. D'fhreagair 656 rannpháirtí nó 59% an cheist. Chuir beagán ní ba lú ná aon cheathrú de na rannpháirtithe (24%) in iúl gur aontaigh siad leis an ráiteas go bhfuil an téagar céanna sa dréachtchuraclam agus a bhí i gcuraclam 1999 agus léirigh dhá thrian de na rannpháirtithe (67%) nár aontaigh siad leis an ráiteas sin (Fíor 20). Chuir fiche is a hocht faoin gcéad de na rannpháirtithe in iúl gur aontaigh siad leis an ráiteas go bhfuil solúbthacht níos mó sa dréachtchuraclam maidir le cuir chuige teagaisc a chur in oiriúint do riachtanais na bpáistí; léirigh 66% in iúl gur easaontaigh siad leis an ráiteas. Maidir leis an ráiteas go bhfuil 'an dréachtchuraclam níos inrochtana don chuid is mó de pháistí i gcomparáid le curaclam 1999', chuir 15% in iúl gur aontaigh siad leis agus chuir beagán ní ba mhó ná trí cheathrú (76%) in iúl gur easaontaigh siad. Chuir fiche is a sé faoin gcéad de na rannpháirtithe in iúl gur aontaigh siad leis an dearcadh go bhfuil 'ualach níos lú ábhair sa dréachtchuraclam ná mar atá i gcuraclam 1999', agus léirigh 65% de na rannpháirtithe gur easaontaigh siad leis an dearcadh sin. Chuir tríocha is a hocht faoin gcéad in iúl gur aontaigh siad leis an tuairim go gcuireann an dréachtchuraclam béim níos mó ar chuir chuige ghníomhacha teagaisc a úsáid, agus léirigh beagán ní ba mhó ná leath na rannpháirtithe gur easaontaigh siad leis an tuairim sin. Ar deireadh ar fad, léirigh 39% gur aontaigh siad leis an tuairim go gcuireann an dréachtchuraclam béim níos mó ar an bhfoghlaim ghníomhach i gcomparáid le curaclam 1999 agus léirigh 52% de na rannpháirtithe gur easaontaigh siad leis an tuairim sin.

**Fíor 20: An méid agus a d'aontaigh na rannpháirtithe le ráitis lenar cuireadh an curaclam reatha (1999) i gcomparáid leis an dréacht de CMB**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| | |
|---|---|
| Comparison of the current to the new curriculum | An curaclam reatha a chur i gcomparáid leis an gcuraclam nua |
| Same breadth and depth | Tá an fhairsinge agus an doimhneacht chéanna ann |
| Allows for more flexibility in adjusting teaching approaches to children's needs | Ceadaíonn sé níos mó solúbthachta ó thaobh cur chuige teagaisc a chur in oiriúint do riachtanais na bpáistí |
| More easily accessible to most children | Tá sé níos inrochtana don chuid is mó de pháistí |
| Less content-heavy | Níl an oiread sin ábhair ann |
| Greater emphasis on using active teaching approaches | Tá níos mó béime ar chur chuige gníomhach teagaisc a úsáid |
| Greater emphasis on active learning | Tá níos mó béime ar fhoghlaim ghníomhach |
| Strongly Disagree | Easaontaím go láidir |
| Disagree | Easaontaím |
| Agree | Aontaím |
| Strongly Agree | Aontaím go láidir |
| Don't know | Níl a fhios agam |


## Muinín múinteoirí i ndáil leis an matamaitic a mhúineadh

Iarradh ar na rannpháirtithe a mhuiníní atá siad ag múineadh na matamaitice agus na léitheoireachta. Níor chuir ach 184 rannpháirtí (17%) freagra ar fáil. As measc na rannpháirtithe seo,

léirigh 69% go raibh siad an-mhuiníneach agus an mhatamaitic á múineadh, agus léirigh 63% an leibhéal céanna muiníne sa léitheoireacht a mhúineadh (Fíor 21). Chuir fiche is a hocht faoin gcéad in iúl go raibh siad réasúnta muiníneach sa mhatamaitic a mhúineadh, agus thug 33% de na freagróirí le fios go raibh siad réasúnta muiníneach maidir leis an léitheoireacht a mhúineadh.

**Fíor 21: Leibhéil mhuiníne i measc múinteoirí bunscoile i ndáil leis an matamaitic agus an léitheoireacht a mhúineadh faoi láthair**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| As a primary school teacher how confident do you currently feel in teaching... | Mar mhúinteoir bunscoile, cé chomh muiníneach agus atá tú faoi láthair agus tú á múineadh seo: |
|---|---|
| Mathematics | Matamaitic |
| Reading | Léitheoireacht |
| Not very confident | Nílim an-mhuiníneach |
| Fairly confident | Réasúnta muiníneach |
| Very confident | An-mhuiníneach |

Iarradh ar na múinteoirí nach raibh muiníneach (2% i gcás na matamaitice, agus 3% i gcás na léitheoireachta) cúiseanna a thabhairt. Chuir an triúr múinteoirí a mharcáil 'nílim an-mhuiníneach' don mhatamaitic cúiseanna ar fáil. Dar le freagróir amháin go bhfuil neamhréir ann idir a bhfuil éifeachtach agus treochtaí reatha oideachasúla; bhí easpa oiliúna ann sa choláiste (sna 1980idí); agus bhí ualach mór oibre ann mar phríomhoide scoile agus easpa ama dá réir sin eolas a chur ar thionscnaimh nua. Chuir ceithre fhreagróir déag a dúirt go raibh siad réasúnta muiníneach i dtaca leis an matamaitic a mhúineadh cúiseanna leis an easpa muiníne in iúl freisin, cúiseanna lena n-áirítear líon mór daltaí sa rang (a fhágann go mbíonn sé deacair modhanna gníomhacha foghlama a chur chun feidhme), an iomarca ábhair ar an gcúrsa, easpa acmhainní agus easpa muiníne ina n-inniúlacht féin sa mhatamaitic.

I gceist oscailte eile, iarradh ar rannpháirtithe sonraí a thabhairt ar chúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí nó ar cúrsaí oiliúna a chuaigh i bhfeidhm ar bhealach dearfach ar an gcleachtas múinteoireachta. Thug 130 múinteoir freagra ar an gceist seo ar an iomlán agus liostáladh 170 cúrsa nó soláthróir cúrsa (féach Tábla 2). Tá go leor den ábhar céanna ann i measc na gcúrsaí/na gcatagóirí, mar gur mhinic nár cuireadh go leor eolais ar fáil chun catagóiriú cinnte a dhéanamh. Áirítear leis na cúrsaí agus na soláthróirí cúrsaí is mó a luadh na cinn seo a leanas:

- Eile (22% de na cúrsaí) – cúrsaí nó soláthróirí cúrsaí a luadh uair nó dhó; áirítear leo seo cúrsaí *Aistear*, cúrsaí roghnacha coláiste, cúrsaí a rinne múinteoirí agus iad ag obair thar lear agus cúrsaí ar Lego, an múinteoireacht ilghráid, an mhatamaitic i Singeapór, an piartheagasc agus an buíonteagasc. Uaireanta, luadh soláthróirí aonair nó grúpa.
- SFGM (19% de chúrsaí): luadh roinnt cúrsaí SFGM i ndáil leis an matamaitic, lena n-áirítear an fadhbréiteach, *Aistear*, bá le huimhreacha, an mhatamaitic agus an eolaíocht a chomhtháthú, agus tacaíocht don uimhearthacht ar leibhéal na scoile
- Ready, Steady, Go-Maths (14%), a sheachaid SFGM (ach nach luaitear faoi SFGM thuas)
- Mata sa Rang /Maths Recovery (18%)
- Cúrsaí samhraidh (9%), agus cúrsaí agus soláthróirí cúrsa sonracha á lua ag freagróirí áirithe. Áirítear leis na soláthróirí Cumann Múinteoirí Éireann agus CPD College, soláthróir ar líne.
- Cúrsaí iarchéime (6%), lena n-áirítear dioplómaí i riachtanais speisialta oideachais, céimeanna máistreachta sa mhatoideachas agus cláir dochtúireachta.

Ina dhiaidh sin, iarradh ar mhúinteoirí ábhar tacaíochta CNCM (uirlisí úsáide, samplaí, podchraoltaí) a mheas agus iarradh orthu a scríobh cén cineál tacaíochta arbh fhearr leo i ndáil leis na hathruithe atá

beartaithe don churaclam matamaitice. Thug 121 freagróir moladh ar an iomlán. Mar sin féin, níor bhain cuid mhaith díobh le hábhar tacaíochta CNCM. Ina ionad sin, luaigh siad fadhbanna leis an dréachtchuraclam, amhail an riachtanas a bhí ann do Thorthaí Foghlama do gach leibhéal ranga, rinneadh cáineadh ar na Contanaim Dul chun Cinn, rinneadh critíc ar na téacsleabhair reatha agus iarradh go gcuirfí inseirbhís aghaidh ar aghaidh ar fáil. Nuair a cuireadh na freagraí seo, nach mbaineann le cúraimí CNCM, as an áireamh, bhí 66 freagra bailí ann. Is ionann sin agus 6% de fhreagróirí uile an cheistneora (1,104). Déantar achoimre ar na freagraí seo i dTábla 3. Ba é an freagra ba choitianta (51% de na freagróirí) 'acmhainní éagsúla', agus cuid de na freagróirí ag liostáil idir acmhainní sonracha (uirlisí úsáide, samplaí, etc.) agus iarratais ar fhoirmeacha áirithe forbartha gairmiúla leanúnaí (e.g., oiliúint aghaidh ar aghaidh, tacaíocht scoilbhunaithe). Áirítear leis an gcatagóir 'acmhainní' ábhair nithiúla agus 'acmhainní praiticiúla' neamhshonraithe. Áirítear leis an gcatagóir 'eile' treoirlínte do mhúinteoirí amhail na cinn a cuireadh ar fáil i 1999 agus teimpléid do ranganna ilghráid.

**Tábla 2: Forbairt ghairmiúil leanúnach nó oiliúint sa mhatamaitic a chuaigh i bhfeidhm ar an gcleachtas**

| Topaic/Réimse | Líon cúrsaí | Céatadán de na cúrsaí |
|---|---|---|
| Eile | 37 | 22 |
| SFGM | 33 | 19 |
| Mata sa Rang/Maths Recovery | 30 | 18 |
| Ready, Steady, Go Maths | 23 | 14 |
| Cúrsaí samhraidh | 16 | 9 |
| Staidéar iarchéime | 11 | 6 |
| Numicon | 9 | 5 |
| IZAK9 | 4 | 2 |
| Taighde féin | 4 | 2 |
| TFC agus an Mhatamaitic | 3 | 2 |
| Iomláin | 170 | 100 |

**Tábla 3: Foirmeacha d'ábhar tacaíochta CNCM ab fhearr leis na freagróirí**

| Acmhainn | Líon Freagróirí | Céatadán de na Freagróirí |
|---|---|---|
| Acmhainní éagsúla | 35 | 51 |
| Eiseamláirí | 13 | 19 |
| Uirlisí úsáide | 9 | 13 |
| Acmhainní | 5 | 7 |
| Podchraoladh/físeán | 4 | 6 |
| Eile | 3 | 4 |
| Iomláin | 69 | 100 |

## Machnamh deiridh do chách

Iarradh ceist oscailte ar na freagróirí uile ag deireadh an cheistneora agus fiafraíodh díobh an raibh aon tuairimí eile acu ar mhaith leo iad a chur in iúl i ndáil le curaclam nua bunscoile don mhatamaitic a thabhairt isteach. Chuir 463 rannpháirtí as measc 1,104 rannpháirtí (42%) tuairimí in iúl, bhí 1,004 tuairim ar leith ann ar an iomlán i gceist nuair a cuireadh an chéad trí thuairim ar leith a chuir na rannpháirtithe in iúl san áireamh. Rinneadh códú ar na topaicí de réir na príomhthopaice. Níor tugadh an cód céanna don fhreagróir ní ba mhó ná aon uair amháin. Cuirtear an scagadh ar na tuairimí de réir topaice ar fáil i dTábla 4. Ba cheart suntas a thabhairt dó go raibh 16% de na tuairimí (65 ar an iomlán) dearfach (mar shampla, ag tacú le gné áirithe den doiciméad curaclaim amhail an fhoghlaim spraíúil nó an fhoghlaim ghníomhach) nó neodrach (mar shampla, iarratas go gcuirfí gné áirithe d'ábhar nó toradh foghlama áirithe san áireamh nó moladh gur cheart téarma ar leith a úsáid amhail spraoi struchtúrtha a úsáid seachas spraíúil).

Ba í an topaic ba mhó a tháinig chun cinn sa mhachnamh deireanach na Contanaim/Mórchéimeanna Dul chun Cinn (mar a raibh freagróirí diúltach den chuid is mó) agus curaclam 1999 (mar gur áitigh freagróirí go raibh sé ag oibriú go maith agus nár ghá é a athrú). Bhain 22% de na tuairimí uile leis na catagóirí seo, thug 25% de na freagróirí tuairim i ndáil leis na Contanaim/Mórchéimeanna Dul chun Cinn agus thug 24% de na freagróirí tuairim i ndáil le curaclam 1999 (thug cuid acu tuairim i ndáil leis an dá ábhar). Áirítear na topaicí seo a leanas leis na topaicí a ndearna 5% ar a laghad de na freagróirí tagairt dóibh (agus 3% de na tuairimí uile i gceist le gach ceann acu):

- Páipéarachas (25% de na freagróirí): ceapadh go méadódh na Contanaim Dul chun Cinn an méid ama a chaithfí leis an bpáipéarachas/ag déanamh taifead agus go laghdófaí an méid ama don teagasc.
- Curaclam Teanga na Bunscoile (24%): thug freagróirí le fios gur streachail siad féin nó a gcomhghleacaithe leis na Contanaim Dul chun Cinn don Bhéarla (a luadh i ndáil leis an teanga labhartha go minic) agus cheap siad go streachlóidís leis an gcuraclam matamaitice freisin.
- Teanga/easpa soiléire (14%): chuir freagróirí in iúl go raibh imní orthu maidir le castacht na teanga sa doiciméad dréachtchuraclaim nó maidir leis an easpa soiléire a bhí ann go ginearálta faoina mbeadh orthu a mhúineadh. Freagra coitianta faoin gcatagóir seo ba ea go raibh an dréachtchuraclam 'doiléir agus éiginnte'.
- Ualach oibre (51%): bhí imní ar na freagróirí go dtiocfadh méadú ar ualach oibre na múinteoirí agus nach mbeadh a ndóthain ama acu gníomhaíochtaí foghlama a phleanáil; tagann an topaic seo leis an gcatagóir i ndáil le páipéarachas cé nár thagair na tuairimí a cuireadh sa chatagóir darbh ainm ualach oibre go sonrach don pháipéarachas.
- Eile (14%): ba fhreagraí iad seo nár bhain leis na catagóirí eile ach bhí idir thuairimí dearfacha (tacaím go huile is go hiomlán leis an gcuraclam athchóirithe, agus an bhéim a chuirtear ar an tuiscint) thuairimí neodracha (roghchláir anuas de dhíth do na Contanaim Dul chun Cinn) agus tuairimí diúltacha (níl sé oiriúnach don fheidhm) i gceist.
- Struchtúr (11%): léirigh freagróirí imní nár luadh Torthaí Foghlama go soiléir le gach leibhéal ranga. Bhí na freagraí a cuireadh sa chatagóir seo ní ba sonraí ná na freagraí a cuireadh faoin gcatagóir Curaclam 1999 freagraí inar áitíodh den chuid is mó gur cheart curaclam 1999 a choinneáil mar gheall go raibh ag éirí go maith leis.
- Comhthéacs idirnáisiúnta (10%): d'áitigh formhór na bhfreagróirí go raibh struchtúr agus/nó leagan amach an dréachta de CMB cosúil leis na curaclaim a cuireadh chun feidhme in Albain, i Sasana agus áiteanna níos faide i gcéin, curaclaim ar a bhfuil míchlú mar gheall nár mhéadaigh siad an ghnóthachtáil. Tagraíodh don fheabhas a tháinig ar fheidhmíocht na ndaltaí Éireannacha sna measúnuithe idirnáisiúnta le déanaí mar thacaíocht don tuairim nár cheart athrú a dhéanamh.
- Pleanáil (10%): d'iarr freagróirí go gcuirfí teimpléid ar fáil chun éascú a dhéanamh ar an bpróiseas pleanála nó chuir siad in iúl nach raibh a leithéid de theimpléid ar fáil go fóill.
- Torthaí Foghlama (9%): cháin roinnt freagróirí na Torthaí Foghlama sa dréachtdoiciméad agus d'iarr siad go mbeadh ní ba lú torthaí foghlama ann gó go mbeidís ní ba shoiléire. Thagair roinnt

múinteoirí do na Torthaí Foghlama mar chuspóirí (iarsma de churaclam 1999), nó b'ionann leo na Torthaí Foghlama agus na Mórchéimeanna, agus d'áitigh siad go raibh ní ba mhó torthaí foghlama seachas ní ba lú torthaí i gceist, i gcomparáid le curaclam 1999.

- Forbairt ghairmiúil leanúnach (7%): luaigh freagróirí áirithe nár cuireadh aon cúrsa don fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil i ndáil leis an gcuraclam matamaitice, d'iarr freagróirí eile go gcuirfí dianchúrsa forbartha gairmiúla leanúnaí ar fáil agus rinne freagróirí eile critíc ar an gcúrsa forbartha gairmiúla leanúnaí a cuireadh ar fáil i ndáil le Curaclam Teanga na Bunscoile a chur chun feidhme.
- Comhairliúchán (6%): d'áitigh cuid de na freagróirí nach ndearnadh go leor comhairliúcháin leis na múinteoirí agus an dréacht de CMB á fhorbairt; ní raibh rannpháirtithe eile sásta nár reáchtáladh ach trí sheisiún comhairliúcháin agus d'iarr siad go n-eagrófaí a thuilleadh. Rinneadh cáineadh ar fhorbróirí an churaclaim faoi théama eile (CNCM) agus cuireadh ina leith 'nach dtuigeann siad' a mbíonn ar siúl sa seomra ranga ar na saolta seo.
- Acmhainní (6%): d'iarr na rannpháirtithe go gcuirfí réimse leathan acmhainní ar fáil lena n-áirítear acmhainní daonna (níos mó múinteoirí tacaíochta, cúntóirí ranga) agus acmhainní teagaisc, níos mó am teagaisc agus acmhainní praiticiúla agus trealamh matamaiticiúil.
- Teagasc agus Foghlaim (6%): d'iarr freagróirí go ginearálta go leagfaí béim ní ba mhó ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim sa doiciméad curaclaim agus, mar sin, nach leagfaí an bhéim chéanna ar an measúnú (trí na Contanaim agus Mórchéimeanna Dul chun Cinn). Mhol cuid de na freagróirí an iarracht a rinneadh béim a leagan ar an bhfoghlaim spraíúil, ar an gcur chun feidhme sa saol réadúil agus ar an bhfoghlaim chomhoibríoch (cé gur áitigh freagróirí áirithe go raibh na rudaí sin ag tarlú sna scoileanna cheana).
- Ábhar/snáitheanna (4%): cé gur léirigh cuid de na freagróirí go raibh díomá orthu faoin ábhar (nó leis an easpa ábhair a bhí ann dar leo), mhol freagróirí eile an t-ábhar (mar shampla , rothlú agus teisiliú faoin topaic Cruth agus Spás) nó mhol siad mionathruithe (mar shampla, sonraí breise a chur ar fáil maidir lena bhfuil i gceist leis an trasfhoirmiú). Luaigh duine amháin gur pléadh struchtúr uimhir a 10 roimh struchtúr uimhir a cúig, agus go raibh struchtúr uimhir a fiche in easnamh. Bhí duine eile ag iarraidh go soiléireofaí cé acu aonaid nó aonta ar cheart a úsáid agus ionadluach á phlé. D'iarr duine éigin eile go mbeadh luath-thorthaí foghlama ann.
- Stíl (4%): dúirt freagróirí nach raibh sé éasca an doiciméad dréachtchuraclaim a thuiscint (e.g., leathanaigh ar na Contanaim Dul chun Cinn).

**Tábla 4: Topaicí ar bhain na tuairimí a thug na freagróirí leo**

| Topaic | Líon | % de na tuairimí uile | % de na freagróirí |
|---|---|---|---|
| Contanaim/Mórchéimeanna Dul chun Cinn | 114 | 11 | 25 |
| Curaclam 1999 | 113 | 11 | 24 |
| Páipéarachas | 72 | 7 | 16 |
| Curaclam Teanga na Bunscoile | 65 | 6 | 14 |
| Teanga/soiléire | 65 | 6 | 14 |
| Eile | 64 | 6 | 14 |
| Ualach oibre/am | 51 | 5 | 11 |
| Struchtúr | 49 | 5 | 11 |
| Comhthéacs idirnáisiúnta | 46 | 5 | 10 |
| Pleanáil | 45 | 4 | 10 |
| Torthaí Foghlama | 41 | 4 | 9 |
| Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | 34 | 3 | 7 |
| Comhairliúchán | 30 | 3 | 6 |
| Acmhainní | 29 | 3 | 6 |
| Teagasc agus Foghlaim | 27 | 3 | 6 |
| CNCM | 18 | 2 | 4 |
| Ábhar/Snáitheanna | 17 | 2 | 4 |
| Stíl | 17 | 2 | 4 |
| Réasúnaíocht/bunús san fhianaise | 13 | 1 | 3 |
| Cur chun feidhme | 12 | 1 | 3 |
| Measúnú | 11 | 1 | 2 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ranganna ilghráid | 10 | 1 | 2 |
| Gnéithe | 9 | 1 | 2 |
| Riachtanais speisialta oideachais | 8 | 1 | 2 |
| Caighdeáin | 8 | 1 | 2 |
| Difreáil | 7 | 1 | 2 |
| Scrúduithe caighdeánaithe | 6 | 1 | 1 |
| Dearcadh na dtuismitheoirí | 4 | 0 | 1 |
| Ceistneoir | 4 | 0 | 1 |
| *Aistear* | 3 | 0 | 1 |
| Téagar | 3 | 0 | 1 |
| Códú | 3 | 0 | 1 |
| Téacsleabhair | 3 | 0 | 1 |
| Luach ar airgead | 3 | 0 | 1 |
| Iomláin | 1004 | 100 | --- |

Agus an anailís á coimisiúnú, mhol CNCM go mbunófaí torthaí cáilíochtúla an staidéir ar cheithre mhórthéama. Seo iad na téamaí sin: Inrochtaineacht, Inúsáidteacht, Ábhar Tacaíochta, agus Eile. Baineann topaicí áirithe, amhail Teanga/soiléire agus Acmhainní, leis na chéad trí mhórthéama. Baineann topaicí eile, amhail curaclam 1999 agus Curaclam Teanga na Bunscoile, leis an mórthéama dar teideal 'eile'.

### Inrochtaineacht (Múinteoirí agus Daltaí)

Baineann Ábhar/Snáitheanna, Gnéithe, Teanga/soiléire, Comhthéacs idirnáisiúnta, Eile, Struchtúr, Stíl, Contanaim Dul chun Cinn, Réasúnaíocht agus Torthaí Foghlama leis an inrochtaineacht do mhúinteoirí agus baineann Difreáil le daltaí a chuimsiú. Mar a luaitear thuas, chuir cuid bheag de na freagróirí tuairimí dearfacha agus neodracha in iúl bunaithe ar na topaicí seo agus chuir an formhór tuairimí diúltacha in iúl. Áirítear an méid seo a leanas leis na tuairimí dearfacha agus neodracha:

- Tá ábhar maith sa churaclam (Ábhar/Snáitheanna).
- Tá an méadú a rinneadh ar an snáithe 'Feasacht ar Spásúlacht agus Suíomh' an-mhaith. Tá an méadú a rinneadh ar an tsiméadracht rothlach agus ar an teisiliú do rang a 1 agus do rang 2 an-mhaith (Ábhar/Snáitheanna).
- Ní thuigim cad is brí leis na 'héifeachtaí ar ghluaiseachtaí cruthanna' (Ábhar).
- Is cúis áthas dom go bhfuiltear ag díriú ar scileanna a fhorbairt sa mhata - cén fáth a dtugtar "gnéithe" orthu? Ba cheart scileanna a thabhairt orthu (Gnéithe).
- Tacaím go huile is go hiomlán leis an gcuraclam athchóirithe a leagann béim ar an tuiscint (Eile).
- Tuigim an fhealsúnacht taobh thiar den dréachtchuraclam agus aontaím léi (Réasúnaíocht).
- Tuigim go bhfuiltear chun béim níos mó a chur ar an gcumarsáid, an fadhbréiteach, an tuiscint agus an nascadh. Mar sin féin, ceapaim go ndéanann múinteoirí roinnt mhaith de na rudaí ar a bhfuil béim sa churaclam nua cheana mar gheall ar an mbéim a chuirtear ar an bhfoghlaim ghníomhach, ar an bpáiste a bheith ina fhoghlaimeoir agus ar úinéireacht an fhoghlaimeora ar an bhfoghlaim sa churaclam trí chéile (Gnéithe).
- Cuirtear feabhas áirithe ar churaclam 1999 i ndáil le torthaí foghlama ar leith e.g. méadaíodh an méid lena mbítear ag súil i ndáil le cuid den ábhar do na naíonáin bheaga. (Torthaí Foghlama).
- Tá amhras orm faoi dhaltaí níos cumasaí a bhogadh ar aghaidh go dtí coincheapa níos casta i rang a dó. D'fhéadfaí féachaint ar roinnt scileanna eile i gceacht gan cuspóirí éagsúla a úsáid. (Contanaim Dul chun Cinn).

Áirítear an méid seo a leanas leis na tuairimí diúltacha i ndáil leis an mórthéama Inrochtaineacht:

- Beidh an teagasc agus an measúnú míshlachtmhar neamhsheasmhach mar gheall nach bhfuil cuspóirí soiléire ábhair ann agus beidh frustrachas ann ina dtaobh (Ábhar/Snáitheanna).
- Gnéithe: Ní thuigim cén fáth a bhfuil an t-ainm seo ar na ceithre scil mhatamaiticiúla. Cad atá i gceist le gnéithe - cuid d'aonad? (Gnéithe).
- Níl ciall leis na ceithre ghné a úsáidtear sa dréachtchuraclam i gcomhthéacs curaclaim mhata. Is scileanna iad na gnéithe seo agus ba cheart iad a choinneáil amhlaidh. Mar atá cúrsaí faoi láthair, cuirfidh na 'gnéithe' mearbhall ar dhaoine (Gnéithe).
- Tá na Torthaí Foghlama agus na Mórchéimeanna Dul chun Cinn an-doiléir (Teanga/soiléire).
- Soiléirigh, le bhur dtoil, "Bíonn sé/sí i láthair" faoi "An páiste" ar fud an churaclaim nua. Céard is brí leis sin fiú amháin? (Teanga/soiléire).
- Ná habair linn go bhfuil 27 rud ann anois in ionad na 201 cuspóir ábhair a bhíodh ann, chuir tú 56 X 7 = 392 lipéid toraidh foghlama in ionad na 201 cuspóir ábhair, beagnach a dhá oiread (Torthaí Foghlama).
- Is í Albain an t-aon tír amháin ina bhfuil an leagan amach seo ar an gcuraclam mata agus ní ábhar dóchais iad na torthaí (Comhthéacs idirnáisiúnta).
- An cheist nach gcuirtear sa cheistneoir seo is ea an bhfuil an curaclam seo bunaithe ar an dea-chleachtas i dtíortha eile atá cosúil le hÉirinn agus ina bhfuil torthaí maithe (Comhthéacs idirnáisiúnta).

## Inúsáidteacht

Díríodh leis an dara mórthéama a mhol CNCM ar inúsáidteacht an churaclaim. Arís eile, baineann an téama seo le Torthaí Foghlama, Páipéarachas agus Curaclam Teanga na Bunscoile mar aon le topaicí eile amhail Ualach oibre, Measúnú, Difreáil agus Cur chun feidhme, agus Ranganna ilghráid. Bhí formhór na dtuairimí faoin téama seo diúltach seachas dearfach agus áirítear an méid seo a leanas leis an tuairimí:

- Ceapaim, go pearsanta, go mbeidh sé níos deacra pleanáil a dhéanamh don mhata agus an mata a mhúineadh mar gheall ar na contanaim dul chun cinn (Pleanáil).
- Tá an dréachtdoiciméad an-chosúil le Curaclam Teanga na Bunscoile. Níl sé soiléir go leor go mbeadh sé éasca a úsáid (Curaclam Teanga na Bunscoile).
- Beidh sé an-deacair an curaclam nua a chur i bhfeidhm mar a mbeidh ranganna ilghráid ann mar

go bhfuilimid faoi bhrú cheana an curaclam a chlúdach gan curaclam éagsúil mata a bheag nó a mhór a bheith ann do gach leibhéal gráid (Ranganna ilghráid).

- Cé go bhfuil an fhoghlaim ghníomhach an-éifeachtach, tá sé uaillmhianach go leor a rá go mbeadh bainistíocht á déanamh ar ghrúpaí difreáilte ag mórchéimeanna éagsúla i seomraí ranga plódaithe (Difreáil).
- Agus an cháipéisíocht léite agam faoi dhó, tá mearbhall orm go fóill mar gheall ar an teanga agus ar na fo-ranna ar fad (Teanga/soiléire).

## Ábhar Tacaíochta

Baineann an tríú téama a mhol CNCM, Ábhar Tacaíochta, leis an bpleanáil agus le hacmhainní. Cé go raibh na tuairimí a tugadh i ndáil leis an bpleanáil diúltach den chuid is mó, bhí na cinn i dtaca le hacmhainní ní ba neodraí agus iarradh go minic go gcuirfí acmhainní breise ar fáil mar thacaíocht chun an curaclam a chur chun feidhme nó tagraíodh d'easpa acmhainní faoin gcuraclam reatha.

- I mo thuairimse, is í an chuid is dearca de seo an phleanáil agus an teimpléad a úsáid agus a chomhlíonadh. Ba bhreá liom tacaíocht a fháil sa réimse seo (Pleanáil).
- Ní mór tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí ach acmhainní agus eispéiris bhríocha forbartha gairmiúla leanúnaí a chur ar fáil do mhúinteoirí i ndáil leis an gcomhthéacs scoile ina bhfuil siad (Acmhainní).
- Beidh roinnt trealamh agus bileoga oibre etc. de dhíth orainn.  Mar sin, beidh an-tábhacht ag baint leis an maoiniú breise, go háirithe mura mbeidh leabhair mhata in úsáid againn.

## Eile

Bhain na tuairimí a cuireadh faoin téama 'Eile' a mhol CNCM le réimse leathan ceisteanna agus bhí tuairimí dearfacha/neodracha agus tuairimí diúltacha ann.

- Ceapaim go gcabhróidh sé go mór leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn páistí an mata.
- Is dóigh liom gur an-tionscnamh atá ann agus ba mhaith liom go gcuirfí chun feidhme a luaithe agus ab fhéidir le go rachaidh sé chun tairbhe do m'iníon féin.
- Tá tuilleadh eolais agus tuilleadh oiliúna ag teastáil uainn agus ní mór dúinn torthaí na scéime phíolótaí a fheiceáil.
- Cé gur gá an curaclam do na naíonáin a athrú i bhfianaise go bhfuil níos mó ar eolas ag páistí anois agus iad ag teacht chun na bunscoile, tá an chuma ar an scéal go bhfuil roinnt deacrachtaí leis an curaclam nua atá beartaithe.
- I mo thuairimse, sula ndéantar an curaclam bunscoile a athdhréachtú, ní mór go mbeadh

comhar ní ba mhó idir bunscoileanna agus meánscoileanna mar go bhfuil bearna ollmhór eatarthu.

# Seimineáir

Baineann an anailís seo a leanas leis na ceithre cheist a cuireadh ar na rannpháirtithe ag na seimineáir. Is iad seo a leanas na ceithre cheist:

- Na príomhtheachtaireachtaí ar a mbunaítear CMB nua
- Na dúshláin is mó a bheidh ann i ndáil le CMB nua a chur chun feidhme
- Na deiseanna is mó a bheidh ann i ndáil le CMB nua a chur chun feidhme
- Tacaíochtaí chun an curaclam a chur chun feidhme.


Breathnaíodh leis an anailís seo freisin ar thuairimí na rannpháirtithe ach ceist oscailte a chur orthu maidir lena dtuairimí.

## Príomhtheachtaireachtaí

Ba í an chéad cheist ar a ndearnadh anailís don tuarascáil seo: *I do thuairimse, cad iad na príomhtheachtaireachtaí ar a mbunaítear Curaclam nua Matamaitice na Bunscoile*?

**Fíor 22: Na deich bpríomhtheachtaireacht ar a mbunaítear CMB nua**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.



| | |
|---|---|
| Implications for Practice | Tionchar ar an gcleachtas |
| Conceptual change | Athrú Coincheapúil |
| Social constructivism | An tógachas sóisialta |
| Learning outcomes | Torthaí Foghlama |
| Inclusive curriculum | Curaclam cuimsitheach |
| Continum of progress | Contanam dul chun cinn |
| Differentiation | Difreáil |
| Productive disposition | Meon táirgiúil |
| Teacher autonomy | Neamhspleáchas múinteoirí |
| Curriculum as gateway | An curaclam mar gheata |

Léirítear i bhFíor 22 na deich bpríomhtheachtaireacht ar a mbunaítear CMB nua, mar a d'aithin na 90 rannpháirtí iad. I bhFíor 23 tugtar miondealú ar na freagraí maidir leis an tionchar ar an gcleachtas agus an t-athrú coincheapúil.

### Tionchar ar an gcleachtas

As measc an 17.3% de na freagraí a luaigh tionchair ar an gcleachtas mar cheann de na príomhtheachtaireachtaí, is é seo a leanas an miondealú ar na freagraí:

- Thug 31% suntas dó go mbeadh tús áite ag cur chuige páisteláraithe
- Luaigh 27% an bhéim a leagtar ar *Aistear* agus/nó an spraoi
- Scríobh 13% faoin mbéim ar an mata don saol réadúil
- Cheap 11% go rachadh sé i bhfeidhm ar an gcleachtas go n-úsáidfear Tairseach Íseal, Síleáil Ard
- Thug 11% samplaí eile den chaoi a n-athródh an cleachtas chun matamaitic a mhúineadh, mar shampla, úinéireacht a ghlacadh ar an bhfoghlaim ach léiriú a dhéanamh agus freagraí a mhíniú, thagair rannpháirtí amháin don am breise a chaithfear chun scileanna réasúnaíochta a fhorbairt agus na scileanna sin a chur i bhfeidhm
- Bhain an 7% eile leis an bhfadhbréiteach


Agus rannpháirtí amháin ag déanamh cur síos ar an gcuraclam nua matamaitice dúirt sé gur bealach a bheidh ann *eispéiris foghlama ag a bhfuil tairseach íseal agus síleáil ard ag baint leo a chur ar fáil.* Bhí macalla den phríomhtheachtaireacht seo le feiceáil nuair a dúirt rannpháirtí eile *nach mbeadh teorainneacha ann do dhaltaí.*

### Athrú Coincheapúil

I gcás an 13.8% de na rannpháirtithe a luaigh an t-athrú coincheapúil mar phríomhtheachtaireacht, luaigh 47% an inniúlacht, 39% na scileanna/na príomhchoincheapa agus thagair 14% don aistear nó don próiseas foghlama sa mhata.

**Fíor 23: Miondealú ar na freagraí maidir leis an tionchar ar an gcleachtas agus an t-athrú coincheapúil**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| | |
|---|---|
| Key messages | Príomhtheachtaireachtaí |
| Problem-solving | Fadhbréiteach |
| Other | Eile |
| LTHC | LTHC |
| Real life maths | An mata don saol réadúil |
| Aistear/play | Aistear/spraoi |
| Child-centred | Páisteláraithe |
| Process/journey | Próiseas/aistear |
| Skills, key concepts | Scileanna, príomhchoincheapa |
| Proficiency | Inniúlacht |
| Implications for Practice | Tionchar ar an gcleachtas |
| Conceptual Change | Athrú coincheapúil |

## An tógachas sóisialta

As measc an 32 rannpháirtí a luaigh an tógachas sóisialta mar phríomhtheachtaireacht de CMB nua, thagair an chuid ba mhó acu don chaoi a mbeidh ceachtanna sóisialta agus idirghníomhach. Luaigh líon suntasach de na rannpháirtithe an frása tógachas sóisialta féin, luaigh rannpháirtí amháin an fhoghlaim phiarchuidithe, agus rinne duine eile cur síos air mar seo a leanas; *An Mata á mhúineadh i dtimpeallacht foghlama comhoibríoch idirghníomhach suimiúil*.

## Torthaí eile

As measc an 10.3% de na rannpháirtithe a d'aithin Torthaí Foghlama mar phríomhtheachtaireacht, rinne rannpháirtithe áirithe tagairt do na Torthaí Foghlama neamhshonracha don dá bhliain agus dhírigh daoine eile ar na Mórchéimeanna Dul chun Cinn a bheidh le baint amach ag páistí mar chuid de CMB nua. Cheap 8.5% de na rannpháirtithe go raibh an cuimsiú ina phríomhtheachtaireacht, luaigh 8% na Contanaim Dul chun Cinn agus rinne 5.7% tagairt don difreáil. Breathnófar ar an meon

táirgiúil a thuilleadh sa tuarascáil seo agus ba é an dá phríomhtheachtaireacht deiridh a aithníodh neamhspleáchas an mhúinteora (5.3%) agus an curaclam mar gheata gan bhacainní (2.7%).

### Freagróirí aonair

Luaigh roinnt freagróirí aonair tionscnaimh amhail *Maths Recovery,* Mata sa Rang, *Ready, Set, Go - Maths* etc a bhfuil níos mó i gceist leo ná an curaclam reatha. Chuir freagróir amháin in iúl go bhfuil an beartas ag leanúint an chleachtais agus gur cheart sin a chur ar a súile do na múinteoirí le go dtuigfidh siad go bhfuil an curaclam seo de dhíth.

Cheap freagróir amháin go bhféadfadh go mbeadh *gnéithe ag dul thar a chéile ag leibhéil níos airde* mar gheall go bhfuil na torthaí foghlama chomh hoscailte sin. Bhí imní ar fhreagróir eile i ndáil leis an bpleanáil fhadtéarmach agus an chaoi chun ullmhúchán a dhéanamh do chigirí agus dúirt sé: *Nílim cinnte faoin measúnú agus tá imní orm faoi agus faoin lá a dtiocfaidh an cigire ar thóir na bpleananna nó a mbeidh cigireacht ar an scoil uile.*

Ar deireadh ar fad, d'aithin freagróirí éagsúla aonair na príomhtheachtaireachtaí seo a leanas:

- Cuimsiú/nascacht (3 freagróirí)
- Cruthaitheacht sa teagasc (2 fhreagróirí)
- Measúnú foirmitheach (2 fhreagróirí)
- Beocht a chur i sean-ábhair athuair (2 fhreagróirí)
- Uirlisí úsáide chun tacú le múinteoirí (2 fhreagróirí).

## Príomhdhúshláin

Ba í an dara ceist ar a ndearnadh anailís don tuarascáil seo: *I do thuairimse, cad iad na príomhdhúshláin a bheidh ann agus Curaclam nua Matamaitice na Bunscoile á chur chun feidhme?*

**Fíor 24: Forléargas ar na príomhdhúshláin – líon na dtagairtí**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| | |
|---|---|
| Practical Implications | Impleachtaí praiticiúla |
| Criticisms | Cáineadh |
| Attitude | Meon |

**Impleachtaí praiticiúla**

Bhain 119 freagra leis na dúshláin a n-eascródh as na impleachtaí praiticiúla a bheadh ag an dréacht den CMB.

**Tábla 5: Miondealú ar na freagraí a bhain leis an téama 'Impleachtaí praiticiúla'**

| Impleacht phraiticiúil | Líon freagróirí | Céatadán |
|---|---|---|
| Acmhainní | 40 | 33 |
| Breisoiliúint | 20 | 17 |
| Dúshlán na pleanála | 18 | 15 |
| Constaicí ama | 16 | 13 |
| An cóimheas idir daltaí agus múinteoir | 9 | 8 |
| Ualach mór oibre | 8 | 7 |
| Difreáil | 8 | 7 |

As measc an 119 freagra, luadh in aon trian díobh go raibh acmhainní de dhíth. Luaigh 17% de na freagróirí go raibh breisoiliúint de dhíth. Cuireadh freagraí ar bith amhail forbairt ghairmiúil leanúnach, inseirbhís, breisoiliúint agus cúrsaí faoin mórthéarma; 'Breisoiliúint'. Baineann an Bhreisoiliúint leis na hiarratais a rinne na freagróirí ar an mbreisoiliúint i ndáil le CMB nua e.g. conas foghlama dalta a aimsiú ar na Contanaim Dul chun Cinn, conas na daltaí a bhogadh ar aghaidh ó leibhéal amháin go leibhéal eile, conas na Torthaí Foghlama a úsáid agus mar sin de. Chuir roinnt freagróirí in iúl go soiléir nár mhór oiliúint/cúrsa forbartha gairmiúla leanúnaí a chur ar fáil do gach múinteoir agus nár mhór seisiúin eile a chur ar fáil do na múinteoirí sin a chailleann na chéad seisiún mar gheall ar shaoire mháithreachais, ar shos gairme nó ar shaoire tuismitheoireachta. D'iarr cuid de na rannpháirtithe go mairfeadh an oiliúint ar feadh tréimhsí áirithe ama e.g. cúrsaí samhraidh saor in aisce agus go mbeadh na rannpháirtithe i dteideal laethanta breise saoire a thógáil le linn na bliana scoile ach an cúrsa a dhéanamh. Luaigh rannpháirtí eile cúig lá traenála – lá in aghaidh an tsnáithe mar gheall *nach mbeadh dhá lá fada go leor*. Leag cuid mhaith de na freagróirí béim ar a thábhachtaí agus a bheadh an traenáil aghaidh ar aghaidh agus nár mhór scoileanna a dhúnadh. Leag freagróirí eile béim air nár mhór an inseirbhís a chur ar fáil sula gcuirfí CMB nua chun feidhme.

Impleacht phraiticiúil eile a tháinig chun cinn ba ea an dúshlán a bheadh ann sa phleanáil, agus 15% de na 119 freagróir a luaigh impleachtaí praiticiúla ag tagairt don cheist seo. Luadh constaicí ama mar phríomhdhúshlán in 13% de na 119 freagra a fuarthas agus luaigh freagróir amháin an t-ualach mór oibre a d'fheadfadh a bheith ag baint leis an bpleanáil agus le ceachtanna a ullmhú, a rá *go mbeidh mórán easaontais ann faoi na mórchéimeanna dul chun cinn go dtí go ndéanfar píolótú orthu agus go dtí go mbeidh úsáid cheart á baint astu agus mar sin, go laghdófar ualach oibre an mhúinteora.* Tháinig an cheist i ndáil le constaicí ama chun cinn san aiseolas tríd síos agus ba iad na trí cheist eile a tháinig chun cinn i ndáil leis na tionchair a bheidh ann don chleachtas an cóimheas idir daltaí agus múinteoir (7%), ualach mór oibre (6%) agus deacrachtaí maidir leis an difreáil (6%).

## Cáineadh

**Tábla 6: Miondealú ar na freagraí a bhain leis an téama 'Cáineadh'**

| Cáineadh | Líon freagróirí | Céatadán |
|---|---|---|
| Na Contanaim Dul chun Cinn a úsáid | 23 | 47 |
| Doiléireacht na teanga | 13 | 27 |

| | | |
|---|---|---|
| Ceisteanna cuntasachta | 7 | 14 |
| Struchtúr nach bhfuil meas air | 6 | 12 |

As measc an 49 freagra inar cáineadh an dréacht de CMB nua, bhí ceisteanna ag 47% de na freagróirí leis na Contanaim Dul chun Cinn. Chuir freagróir amháin in iúl go mbeadh sé an-dúshlánach do mhúinteoir nuacháilithe sa chás, *mar shampla, go mbeadh air a rá cá háit ar chóir go mbeadh dalta i rang a ceathair san fhorbairt mhatamaiticiúil.* Níor thaitin doiléireacht na teanga sa dréachtchuraclam le ní ba mhó ná aon cheathrú (27%) de na freagróirí. Bhí 14% de na freagróirí a rinne cáineadh míshásta mar gheall ar cheisteanna cuntasachta agus luaigh freagróir amháin go mbíonn *an chigireacht ag súil le torthaí SICRU i gcónaí* agus bhí imní air *nach gcuireann an dréacht de CMB ar chumas múinteora (príomhshrutha) na torthaí sin a chur i bhfeidhm.* Thug freagróir eile suntas don *chumarsáid idir an chigireacht agus CNCM* d'fhonn a áirithiú nach ndéantar *seicliostaí* de na céimeanna a luaitear i CMB. Chomh maith leis, chuir freagróir eile in iúl nach mór *a dhearbhú do mhúinteoirí an mbeidh orthu próifílí ar leith a dhéanamh do gach páiste ar a luaitear an mhórchéim ag a bhfuil an dalta i dtaca le gach gné*, agus chuir sé ceisteanna maidir leis an gcuntasacht agus leis an bpáipéarachas a bheidh de dhíth.  Tháinig ceist na cuntasachta chun cinn go minic san aiseolas sa chuid seo. Chuir freagróirí in iúl go raibh imní orthu maidir leis an íosteorainn a bheadh le baint amach ag gach páiste ag leibhéal ranga a aithint agus an chaoi a nascfaí an íosteorainn sin leis an bhfeidhmíocht sna scrúduithe caighdeánaithe. Tháinig ceisteanna chun cinn freisin maidir le gnóthachtáil a mheas mar gheall nach bhfuil *na hionchais soiléir.* Iarradh go gcuirfí samplaí measúnaithe agus scrúduithe nua caighdeánaithe ar fáil a bheadh ag teacht leis na mionchéimeanna dul chun cinn in CMB nua. Chuir an 12% eile de na freagróirí a rinneadh cáineadh ar an dréachtchuraclam nua nach raibh siad sásta leis an struchtúr agus nár thaitin sé leo go raibh sé cosúil le Curaclam Teanga na Bunscoile.  Cheap freagróir eile nár mhór tionchar *na n-eispéireas diúltach a bhí ag múinteoirí leis an gcuraclam nua teanga a laghdú.*

### Meon

Bhain an téama deireanach a tháinig chun cinn san aiseolas le meon múinteoirí mar gur luadh i bhfiche freagra go mbeadh meon múinteoirí ina phríomhdhúshlán don dréacht de CMB. As measc an fiche freagra, cheap leath na bhfreagróirí go mbeadh sé ina dhúshlán cur chuige nua a chur chun feidhme. Rinne freagróir amháin forbairt ar an bhfreagra agus dúirt sé nach raibh aon deacracht ann maidir le *hábhar an churaclaim nua* ach chuir sé in iúl gurbh fhearr leis struchtúr curaclaim 1999 a choimeád *ach é a chur ar fáil ar bhealach ní ba dhúshlánaí ní ba spraíúla.* Luadh i 30% de na freagraí sin a cuireadh sa chatagóir darb ainm meon go raibh sé ina phríomhdhúshlán go gcuireann

múinteoirí in aghaidh athruithe agus luaigh 20% eile de na freagróirí go mbeadh muinín na múinteoirí sa mhatamaitic a mhúineadh ina phríomhdhúshlán. Chuir freagróir amháin in iúl gur mhaith leis go ndéanfaí *staidéar ceachta sa mhatamaitic ag leibhéal na bunscoile mar a dhéantar sa tSeapáin don fhorbairt ghairmiúil leanúnach,* rud a chabhródh leis na múinteoirí sin *a bhraitheann nach bhfuil siad muiníneach nó inniúil go leor maidir leis an mata a mhúineadh.*

Lasmuigh de na trí mhórthéama a aithnítear thuas, chuir líon beag de na freagróirí in iúl gur cheap siad go mbeadh an measúnú ina phríomhdhúshlán. Chuir na hiarrthóirí in iúl gur ábhar imní dóibh nach raibh ionchais shoiléire ann don mheasúnú agus dúirt siad go raibh soiléiriú de dhíth. Chuir líon beag freagróirí in iúl go raibh dúshláin ann i ndáil le hAistear. Leag rannpháirtithe béim air go raibh ní ba mhó oiliúna sa réimse seo de dhíth agus luaigh siad freisin na dúshláin a bhainfeadh le hAistear a nascadh le CMB nua.


## Príomhdheiseanna

Ba í an tríú ceist ar a ndearnadh anailís don tuarascáil seo: *I do thuairimse, cad iad na príomhdheiseanna a bheidh ann agus Curaclam nua Matamaitice na Bunscoile á chur chun feidhme?*

Luadh na príomhdheiseanna a bheidh ann i ndáil le CMB nua a chur chun feidhme i 122 freagra. Léirítear i bhFíor 26 na príomhdheiseanna a bheidh ann agus déantar iad a rangú ina gceithre chatagóir – eispéiris foghlama, féiniúlacht mhúinteora, pleanáil éifeachtach agus foghlaim dhigiteach.

**Fíor 25: Forléargas ar na príomhdheiseanna a shainaithin na freagróirí**


The translation for the text in this figure can be found in the table below it.



| | |
|---|---|
| Learning experiences | Eispéiris foghlama |
| Teacher identity | Féiniúlacht mhúinteora |
| Effective planning | Pleanáil éifeachtach |
| Digital learning | Foghlaim dhigiteach |

**Fíor 26: Miondealú ar na príomhdheiseanna a shainaithin na freagróirí i ndáil leis an dréacht-CMB nua**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| | |
|---|---|
| Key Opportunities | Príomhdheiseanna |
| Learning Experiences | Eispéiris foghlama |
| Teacher Identity | Féiniúlacht mhúinteora |
| Effective Planning | Pleanáil éifeachtach |
| Digital Learning | Foghlaim dhigiteach |
| Increased enjoyment | Níos mó taitnimh |
| Social constructivism | An tógachas sóisialta |
| Proficiency | Inniúlacht |
| Childcentered | Páisteláraithe |
| Reflective Practice | Cleachtas machnamhach |
| Teacher Autonomy | Neamhspleáchas múinteoirí |
| Structured Differentiation | Difreáil struchtúrtha |
| Problem solving | Fadhbréiteach |
| Aistear | Aistear |
| Mapping progression | Dul chun cinn a mhapáil |
| Whole school planning | Pleanáil uile-scoile |
| Move from textbooks | Aistriú ó na téacsleabhair |
| Elearning resources | Acmhainní ríomhfhoghlama |
| Integration – STEM, coding | Comhtháthú – STEM, códú |

## Eispéiris foghlama

Rinne an chuid ba mhó de na freagraí (56 as measc 122) tagairt do na heispéiris foghlama mar phríomhdheis a chuirtear ar fáil le CMB nua, agus luaigh 32% den 56 freagróir go bhféadfadh sé go mbainfeadh na páistí taitneamh níos mó as na ranganna matamaitice. Dúirt freagróir amháin *go rachaidh na páistí i ngleic leis an mata a fhoghlaim agus go bhfeabhsófar eispéireas foghlama na bpáistí sa mhatamaitic.* Chuir freagróir eile béim air go mbeidh *saoirse níos mó ag múinteoirí deiseanna níos saibhre foghlama a chur ar fáil trí ghníomhaíochtaí spraíúla seachas a bheith ag díriú ar sheicliosta cuspóirí.* Bhain 27% eile de na 56 freagra i ndáil le heispéiris foghlama leis an gcuimsiú, agus luaigh roinnt freagróirí go gcuirfeadh an curaclam nua deiseanna suntasacha ar fáil do pháistí ag a bhfuil riachtanas speisialta oideachais. Luadh an tógachas sóisialta mar phríomhdheis i 25% eile de na freagraí, agus luaigh 9% de na freagraí inniúlacht ní b'fhearr sa mhatamaitic agus thug 7% eile suntas don chur chuige páisteláraithe. Chuir freagróir amháin in iúl go raibh sé den tuairim go *n-áiritheofar leis an gcuraclam nua seo go mbeidh páistí in ann foghlaim a dhéanamh i dtimpeallacht atá feiliúnach dá gcumas féin*, agus rinne duine eile cur síos ar an gcuraclam nua mar *churaclam nua atá feiliúnach do pháistí agus páisteláraithe a rachaidh chun tairbhe do pháistí sa todhchaí.*

## Féiniúlacht mhúinteora

Cuireadh tríocha cúig freagra faoin gcatagóir féiniúlacht mhúinteora agus bhain 46% de na freagraí sin leis an gcleachtas féinmhachnamhach, bhain 28% de na freagraí le neamhspleáchas múinteoirí agus luadh an feabhas ar an oideolaíocht sa 26% eile de na freagraí. Rinne freagróir amháin cur síos ar CMB mar dheis don fhéinmhachnamh mar *go gcuireann aon athrú a dhéantar deis ar fáil machnamh a dhéanamh ar an teagasc,* agus dúirt freagróir eile go gcuireann an curaclam nua deis ar fáil chun *athdhíriú ar na gnéithe a bhfuil feabhas de dhíth orthu.* Cheap daoine eile gur dheis a bheadh ann do mhúinteoirí breisoiliúint a fháil agus cleachtais oideolaíochta a fheabhsú. Cheap freagróir amháin go dtabharfadh CMB nua *saoirse don mhúinteoir le go bhféadfadh sé a bheith cruthaitheach*, agus dúirt duine eile *go bhféadfadh sé an t-eispéireas a bhíonn ag múinteoirí agus ag daltaí i ndáil leis an matamaitic a athrú ó bhonn,* agus mar sin, go laghdófaí *líon na múinteoirí agus líon na ndaltaí a bhfuil eagla orthu roimh an mata.*

## Pleanáil éifeachtach

Bhain cúig fhreagra dhéag leis an deis a bheadh ann leis an gcuraclam seo pleanáil éifeachtach a dhéanamh. As measc na 15 fhreagra, luaigh 29% an difreáil struchtúrtha. Tuigtear ón téarma "difreáil struchtúrtha" go gcuirfear béim ar leith ar an difreáil sa phleanáil. Leag roinnt múinteoirí béim air go bhfuil siad ag déanamh difreála san idirghníomhú leis na daltaí cheana ar bhonn neamhfhoirmiúil uaireanta. Cheap freagróir eile *gur bealach eile a bheidh ann an difreáil a dhéanamh* agus nach mbeidh i gceist leis *ach struchtúr a chur ar an rud a dhéanaimid cuid mhaith*

*cheana.*

Luaigh 29% eile de na freagróirí an fadhbréiteach agus dúirt freagróir amháin *go gcuirtear béim níos mó ar an bhfadhbréiteach agus ar an mata don saol réadúil* sa churaclam nua. Bhain 24% de na freagraí a cuireadh sa chatagóir darb ainm 'an phleanáil éifeachtach' go díreach le h*Aistear*. Luaigh líon beag de na freagróirí an phleanáil uilescoile agus an dul chun cinn a mhapáil mar phríomhdheiseanna.

### Foghlaim dhigiteach

Luadh an fhoghlaim dhigiteach mar phríomhdheis in dá fhreagra dhéag. Bhí 42% de na freagróirí seo ag súil leis an athrú ó na téacsleabhair i dtreo an ábhair ar líne, agus luaigh freagróir amháin *go mbeidh cúrsa nua-aimseartha mata ann.* Tugadh moladh dó in 33% de na freagraí a bhain leis an bhfoghlaim dhigiteach go mbeidh deiseanna níos mó ann cuimsiú a dhéanamh leis na hábhair STEM. Ceapann an 25% eile go gcuirfidh an curaclam nua don mhatamaitic deis ar fáil tacar acmhainní ar líne a chur i dtoll a chéile agus dúirt freagróir amháin go raibh *deis iontach ann tacar ceachtanna éifeachtacha a fhorbairt ar líne.* Cuireadh an tuairim sin in iúl go minic sna freagraí a tugadh ar cheist 6.


Pointí eile a tháinig chun cinn san aiseolas i ndáil leis na príomhdheiseanna nár bhain leis na ceithre théama ar a ndéantar cur síos thuas. Chuir freagróir amháin in iúl go bhféadfadh sé go mbeadh tuismitheoirí sásta leis na mórchéimeanna nua, *gurbh fhearr leo a chloisteáil go bhfuil an páiste ag oibriú ar leibhéal B seachas ar leibhéal na naíonán mór.* Dúirt freagróir eile go bhféadfadh *an curaclam nua feabhas mór a chur ar an gcaoi a fhoghlaimíonn páistí ach acmhainní cuí a chur ar fáil dó.* Dúirt duine amháin gurb é an dea-chleachtas an dea-chleachtas, agus *nár mhór sin a aithint agus a chothú*. Maidir leis an gcuimsiú, cheap freagróir amháin *gur rud dearfach é go ndírítear ar an gcuimsiú sa churaclam* ach cheap sé *go bhféadfaí béim ní ba mhó a leagan ar an gcuimsiú agus struchtúr an churaclaim mar atá sé faoi láthair a choimeád freisin.*

## Tacaíochtaí

Ba í an chéad cheist eile ar a ndearnadh anailís bunaithe ar an aiseolas a thug nócha freagróir ar na seimineáir chomhairliúcháin: *Cad iad na tacaíochtaí a bheadh de dhíth ort chun cabhrú leat an curaclam a chur chun feidhme? (Cuirtear in ord tosaíochta iad).*

**Fíor 27: Tacaíochtaí a chuir na freagróirí sa chéad áit**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| | |
|---|---|
| Resources | Acmhainní |
| Upskilling | Breisoiliúint |
| Clarity - language | Soiléire – teanga |
| Pre-school links | Naisc leis an réamhscoil |

Níor mhór cur chuige anailíse éagsúil a úsáid don cheist seo mar gheall gur cuireadh na freagraí in ord tosaíochta. Ar dtús, rinneadh anailís ar na sonraí ach díriú ar na freagraí a chur na freagróirí sa chéad áit. Léirítear i bhFíor 27 na tacaíochtaí a chuir freagróirí sa chéad áit san ord tosaíochta as measc na dtacaíochtaí a bheidh de dhíth ar mhúinteoirí chun CMB nua a chur chun feidhme. Níor thug cúigear freagróirí freagra ar an gceist áirithe seo. As measc an 85 duine a thug freagra, luaigh 52% go raibh acmhainní de dhíth. Luaigh 46% de na freagróirí go raibh breisoiliúint de dhíth agus luaigh duine amháin nár mhór an teanga a úsáidtear a shoiléiriú agus dúirt freagróir eile nár mhór naisc idir an réamhscoil agus múinteoirí na naíonán beag a fheabhsú.

Rinneadh anailís eile ar na sonraí seo ach na tacaíochtaí ba mhó a tháinig chun cinn sna ceithre fhreagra a shainaithint. Léirítear i bhFíor 28 an méid a luadh na tacaíochtaí éagsúla sna freagraí ar an gceist seo.

**Fíor 28: Tagairtí foriomlána a rinneadh do thacaíochtaí a bheadh de dhíth chun CMB nua a chur chun feidhme**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| | |
|---|---|
| Resources | Acmhainní |
| Upskilling | Breisoiliúint |
| Full roll out | Cur i bhfeidhm iomlán |
| School clusters | Braislí scoileanna |

Tá sé soiléir gurbh iad acmhainní agus an bhreisoiliúint na rudaí is mó a bhí ag teastáil ó na rannpháirtithe. Luadh go raibh acmhainní breise de dhíth i 168 freagra agus luadh gur ghá breisoiliúint a chur ar mhúinteoirí i 86 freagra. Rinneadh miondhealú ar na sonraí seo ar fáil i bhFíor 29 agus i bhFíor 30.

## Acmhainní

**Fíor 29: Miondealú ar na hacmhainní sonracha ar thagair na freagróirí dóibh**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.



| | |
|---|---|
| Support documents | Doiciméid tacaíochta |
| Time | Am |
| Planning supports | Tacaíochtaí pleanála |
| Personnel | Pearsanra |
| Online resource bank | Tacar acmhainní ar líne |
| Toolkit | Uirlisí úsáide |
| Accountability | Cuntasacht |
| General | Ginearálta |
| Funding | Maoiniú |
| Publish textbook/expectations | Téacsleabhar a fhoilsiú/ionchais |

Luaigh 31% de na 168 freagróir a chuir in iúl go mbeadh acmhainní de dhíth go mbeadh doiciméid tacaíochta de dhíth freisin chun cabhrú le múinteoirí CMB nua a chur chun feidhme. Luaigh duine amháin "ACABACM– An chuma a bhíonn ar cheann maith" d'fhonn a áirithiú go mbeidh cur amach ag múinteoirí ar an leagan amach a bheidh ar an gcáipéisíocht. Luaigh 12% de na 168 freagróir go mbeadh am breise de dhíth chun na hullmhúcháin chuí a dhéanamh don churaclam a chur chun feidhme. Luadh i 11% de na freagraí go mbeadh tacaíochtaí pleanála de dhíth, agus d'iarr freagróirí *go gcuirfí doiciméad pleanála gearrthéarmach ar fáil a bhí éasca le húsáid agus arbh fhéidir é a líonadh amach i gceann roinnt nóiméad, ionas go mbeadh múinteoirí in ann díriú ar acmhainní a chruthú/a fháil chun tacú leis an teagasc.*

Luadh i 10% de na freagraí go mbeadh pearsanra brise de dhíth agus mhol 8% de na freagróirí go mbunófaí tacar acmhainní ar líne. D'iarr freagróir amháin go mbeadh eiseamláirí do gach snáithe/toradh foghlama mar chuid den tacar acmhainní; *e.g. go mbeadh físeáin, pleananna ceachta, fadhbanna le tairseach íseal agus síleáil ard ar fáil ar líne. Cén fáth nach ndéanfaí téacsleabhar amháin a choimisiúnú?* D'iarr duine eile go mbeadh *spás ann ar líne don mhata, lárionad a mbeadh gach rud ar fáil ann, amhail an ceann atá acu sa Nua-Shéalainn.*

Luadh i 7% de na 168 freagra a bhain le hacmhainní gur cheart uirlisí úsáide a chur ar fáil chun tacú leis CMB nua a chur chun cinn agus iarradh i 7% eile de na freagraí go gcuirfí acmhainní ar fáil chun cabhrú le ceisteanna cuntasachta, mar a pléadh cheana. Bhí imní ar na freagróirí i ndáil leis an measúnú agus iarradh go gcuirfí samplaí measúnaithe agus scrúduithe nua caighdeánaithe ar fáil a bheadh feiliúnach don churaclam nua. D'iarr freagróir amháin go ndéanfaí athchóiriú ar na *scrúduithe caighdeánaithe le go mbeidh siad ag teacht leis na Torthaí nua Foghlama agus leis na scileanna.*


Ba iarratais ghinearálta ar acmhainní iad 6% de na 168 thagairt a rinneadh d'acmhainní, agus iarradh i 4% de na freagraí go gcuirfí maoiniú breise ar fáil, cuireadh in iúl i 4% eile de na freagraí gur cheart téacsleabhar sonrach a bheadh in oiriúint do CMB a choimisiúnú nó gur cheart *teanga atá leagtha síos do mhata ar gach leibhéal* a fhoilsiú.

Tháinig roinnt tuiscintí agus moltaí eile i ndáil le hacmhainní chun linn freisin, lena n-áirítear iarratas go mbunófaí pobail ghairmiúla foghlama *le go mbeadh deis ag scoileanna teacht le chéile chun taighde a chíoradh, cleachtas a phlé agus smaointe a roinnt.* D'iarr rannpháirtí eile *go gcuirfí treoir ar fáil i ndáil leis an áit a mbeadh an gnáthdhalta i rang a haon/a sé ar na contanaim.*

## Breisoiliúint

**Fíor 30: Miondealú ar an mbreisoiliúint shonrach ar thagair na freagróirí di**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| | |
|---|---|
| General | Ginearálta |
| Aistear | Aistear |
| Inspectorate | Cigireacht |
| Free summer courses | Cúrsaí samhraidh saor in aisce |
| Coding | Códú |
| Growth/ fixed mindset | Meon fáis/socraithe |
| Maths recovery | Maths Recovery |

Mar a léirítear i bhFíor 30, as measc an 86 freagróir a d'iarr go gcuirfí breisoiliúint ar fáil mar thacaíocht don churaclam nua a chur chun feidhme, ba mhian le 80% díobh breisoiliúint ghinearálta a fháil. Mar a pléadh cheana, cuireadh freagraí ar bith amhail forbairt ghairmiúil leanúnach, inseirbhís, breisoiliúint agus cúrsaí faoin mórthéarma 'Breisoiliúint'. Baineann an mórthéama seo leis na hiarratais a rinneadh rannpháirtithe go gcuirfí oiliúint orthu i ndáil le gníomhaíochtaí éagsúla, lena n-áirítear, na Contanaim Dul chun Cinn a úsáid agus an chaoi chun páiste a bhogadh ar aghaidh ó leibhéal amháin go leibhéal eile.

Cuireadh in iúl in ocht bhfreagra (5% de na rannpháirtithe a luaigh an bhreisoiliúint) nár mhór

oiliúint a chur ar an gCigireacht i ndáil leis an gcuraclam nua chun a áirithiú go mbeidh tuiscint ag na cigirí ar a mbeidh i gceist agus iad ag déanamh breathnóireachta ar cheachtanna mata. Thug roinnt rannpháirtithe le fios *nár mhór an Chigireacht a choinneáil ar an eolas agus páirt a thabhairt di* agus d'iarr duine eile *go gcuirfí oiliúint iomlán ar mhúinteoirí.*


Mhol líon beag de na freagróirí (3%) gur cheart cúrsaí samhraidh a chur ar fáil a mbeadh rannpháirtithe i dteideal laethanta breise saoire a thógáil ina leith le go mbeadh deis ag múinteoirí iad féin a ullmhú chun CMB nua a chur chun feidhme. Luaigh freagróirí traenáil shonrach maidir leis an meon fáis, an códú agus *Maths Recovery.* Deir scoil smaointeoireachta an mheoin fáis gur cheart do dhaoine fásta páistí a mholadh as an iarracht a dhéanann siad agus as an dua a chaitheann siad le rud éigin seachas as an éirim atá iontu (Dweck, 2007). Tagann an meon sin leis an iarracht atá ar bun méadú a chur ar an taitneamh a bhaineann páistí as an matamaitic agus luaigh freagróir amháin *go bhféadfaí saothar Carol Dweck maidir le meon fáis agus meon socraithe a nascadh leis an meon táirgiúil.* Baineann seo le ceist a 3 mar a cheap 5.3% de na freagróirí go raibh an meon tháirgiúil ina phríomhtheachtaireacht de CMB nua.

## Tuairimí eile

An cheist dheireanach ar a ndearnadh anailís is ea: *Aon tuairimí eile?*

**Fíor 31: Forléargas ar na tuairimí eile a cuireadh in iúl san aiseolas**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| | |
|---|---|
| No answer | Gan freagra |
| Positive feedback | Aiseolas dearfach |
| General recommendations | Moltaí ginearálta |

| | |
|---|---|
| Resource recommendations | Moltaí d'acmhainní |
| Critique | Critíc |
| Planning concerns | Ceisteanna pleanála |
| Queries | Ceisteanna |

Níor thug 27 rannpháirtí freagra ar an gceist seo agus mar sin, rinneadh anailís ar 63 fhreagra. As measc an 63 freagra ar a ndearnadh anailís, bhí 35% den aiseolas dearfach. Léirítear i bhFíor 32 gur cheap 54% de na rannpháirtithe go raibh fiúntas ag baint leis an seisiún, ghabh 32% buíochas leis na héascaitheoirí as an ionchur a rinne siad agus thug 14% freagraí dearfacha eile, agus rinneadh cur síos air mar *lá tairbheach a chuir roinnt mhaith eolais ar fáil.* Chuir freagróirí eile in iúl gur bhraith siad gur tugadh cluas éisteachta dóibh agus rinneadh cur síos i bhfreagraí áirithe ar an athrú a tháinig ar an meon le linn an tseimineáir, agus dúirt duine amháin, *níor thuig mé cén fáth ar ghá an curaclam mata a athrú go dtí an lá inniu. Anois, feicimid go mbeadh buntáistí ag baint le curaclam nua.* Luaigh freagróir eile scéalta chailleach an uafáis sa chóras, ach tar éis an tseimineáir, dúirt sé *tar éis an lá inniu, ceapaim go n-oibreoidh an curaclam agus go gcuirfear feabhas ar an bhfoghlaim a dhéanann páistí.*

**Fíor 32: Miondealú ar na tuairimí eile a cuireadh in iúl san aiseolas**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| | |
|---|---|
| Any Other Comment | Aon tuairimí eile? |

| | |
|---|---|
| Positive feedback | Aiseolas dearfach |
| General recommendations | Moltaí ginearálta |
| Resource recommendations | Moltaí d'acmhainní |
| Worthwile session | Seisiún fiúntach |
| Thanks | Buíochas |
| other | Eile |
| Training needed | Oiliúint de dhíth |
| Other | Eile |
| Roll out | Cur chun feidhme |
| Time and physical resources | Acmhainní ama agus fisiciúla |
| Digital resources | Acmhainní digiteacha |
| Resources as Gaeilge | Acmhainní as Gaeilge |
| Sample planning documents | Doiciméid shamplacha phleanála |

As measc na 13 fhreagróir ag a raibh moltaí ginearálta, luaigh 46% díobh gur gá oiliúint a chur ar mhúinteoirí. Thagair 13% eile go díreach do CMB a chur chun feidhme. Luaigh roinnt freagróirí nár mhór a áirithiú go bhfuil an curaclam teanga i bhfeidhm ar gach leibhéal ranga agus go gcuirtear oiliúint ar na múinteoirí i ndáil leis an gcuraclam teanga sula dtugtar isteach CMB. Rinne roinnt freagróirí eile tagairt do thionscnaimh eile amhail *Droichead*, a mhéadaíonn ualach oibre na scoileanna, agus dúirt sé *go raibh an iomarca ag teacht chun cinn ag an am céanna.* Ba mhaith le freagróirí eile go mbeadh an curaclam ina iomláine réidh sula dtugtar isteach leis na Naíonáin Bheaga é agus go gcuirfear an curaclam chun feidhme sna leibhéil éagsúla ranga ag an am céanna.

As measc an 11 fhreagróir a luaigh moltaí d'acmhainní, luaigh 46% go raibh acmhainní ama agus fisiciúla de dhíth, luaigh 18% acmhainní Gaeilge, luaigh 18% eile gur cheart go gcuirfí doiciméid shamplacha phleanála ar fáil agus iarradh sa 18% deireanach de na freagraí go gcuirfí acmhainní digiteacha ar fáil. Mhol freagróir amháin gur cheart *plean iomlán mata a bhféadfaí a chur in oiriúint do mhéid agus do riachtanais na scoile a chur amach chuig na scoileanna ar fad.*

D'úsáid 10% de na freagróirí an deis chun critíc a dhéanamh. Mhol freagróir amháin gur cheart dúinn *aitheantas a thabhairt don saineolas atá againn féin agus don taithí atá againn i.e. PIRLS agus gan a bheith ag féachaint ar an Ríocht Aontaithe agus ar an Astráil i gcónaí agus a bheith á leanúint.* Thug freagróir eile le fios gur dheis iontach é an seimineáir chun *tuairimí a chur in iúl* ach go raibh imní air *go dtógfaidh an phleanáil níos mó ama anois agus mar sin, is lú am a bheidh ann don teagasc agus ní bheidh múinteoirí chomh díograiseach céanna.* Chuir an freagróir céanna in iúl gurbh fhearr leis *go reáchtálfaí seimineár comhairliúcháin le múinteoirí sula ndéanfaí an curaclam a dhearadh.* Chuir freagróir eile in iúl gur ábhar imní dó go bhfuil *an iomarca ag tarlú sa chóras ag an am céanna* agus thug freagróir eile suntas dó *go bhfuil fadhbanna ann cheana leis an gcuraclam teanga mar gheall go bhfuil an phleanáil cloíteach.* Cuireadh in iúl go bhfuil *an teanga do 'a' an-*

*ghéiliúil agus go ndéantar athrá uirthi. Ní mór í a fhorbairt le go léireoidh sí an méid atá daltaí ag an leibhéal seo in ann a dhéanamh. Ní mór an chaoi a mbogann 'a' ar aghaidh go 'b' a sheiceáil freisin, mar go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil bearna réasúnta mór ann in áiteanna.* Chuir freagróir eile imní in iúl go raibh an struchtúr céanna ag CMB agus atá ag Curaclam Teanga na Bunscoile agus d'iarr sé ar CNCM *gan an leagan amach atá ar an gcuraclam teanga a leanúint. Tá cuid mhór le foghlaim uaidh... níor éirigh go maith leis.* Ar deireadh thiar, chuir freagróir amháin an cheist *mura bhfuilimid le páistí a ghrádú ag leibhéal an ranga, cén fáth a bhfuil siad sa chóras ar chor ar bith?*

Rinne freagróirí eile moltaí sonracha praiticiúla, mar shampla, gur ghá *leibhéil ranga a thabhairt ar ais* agus leagadh béim air *go mbeadh géarghá le hacmhainní* lena n-áirítear acmhainní do thuismitheoirí. Luadh i bhfreagra amháin gur curaclam *an-uaillmhianach* a bhí ann. Leag freagróir eile béim air nár mhór an doiciméad a aistriú go Gaeilge sothuigthe le go mbeadh múinteoirí in ann é a úsáid.

Áirítear leis na ceisteanna agus na hiarratais eile a tháinig ó na freagróirí *go n-aithneofaí an dea-obair a rinneadh tríd an bhféinmheasúnú scoile chun an uimhearthacht a fheabhsú i scoileanna.* Anuas air sin uile, d'iarr freagróir amháin go mbainfeadh CNCM úsáid ní ba mhó as na meáin shóisialta chun aird a tharraingt ar an dea-obair a dhéanann sí. *Bíodh muinín againn sa taighde. Ná tugaimis uisce do na fiailí, agus ná tugaimis cluas éisteachta dóibh siúd a dhéanann cáineadh mar gheall go bhfuil imní orthu nó mar gheall ar aineolas.*

# An líonra scoileanna

Cuirfear i láthair na torthaí ó na sonraí a bailíodh sna scoileanna sa chuid seo, ó thús an phróisis comhairliúcháin go dtí cruinniú deireanach na scoileanna. Aithníodh na trí mhórthéama tríd an bpróiseas anailíse sonraí ar a ndéantar cur síos i gCaibidil 2. Is iad seo a leanas na téamaí:

- Cur i láthair agus struchtúr na sonraíochta
- Aidhmeanna agus réasúnaíocht an churaclaim
- Tacaíochtaí

Cuireadh na sonraí i láthair ach úsáid a bhaint as stua insinte i gcás inarb iomchuí, chun béim a leagan ar an aistear a rinneadh an líonra scoileanna agus iad ag oibriú ar an dréachtsonraíocht ón gcéad chruinniú go dtí gur bailíodh na sonraí deireanacha. Ina theannta sin, cuirfear na sonraí i ndáil le guth páistí i láthair faoi na trí mhórthéama freisin.

## Cur i láthair agus struchtúr na sonraíochta

### Struchtúr na sonraíochta – tuairimí tosaigh

Bhain cuid mhaith den phlé a rinneadh sna scoileanna bunaithe ar struchtúr na dréachtsonraíochta, agus thug na múinteoirí aiseolas measctha air.

Bhain roinnt ceisteanna a tháinig chun cinn maidir leis an réimse seo leis na Contanaim Dul chun Cinn. Cheap roinnt scoileanna gur trua é gur cuireadh na contanaim dul chun cinn isteach sa churaclam agus dúirt freagróir amháin *gur aontaigh gach duine leis an taighde ach nár cheap daoine go mbeadh na Contanaim Dul chun Cinn mar thoradh air.* Cheistigh múinteoirí eile an réasúnaíocht a bhí ann leis na contanaim dul chun cinn a úsáid sa mhatamaitic ar chor ar bith agus d'iarr siad *go roinnfí an réasúnaíocht a bhí ann leis na scoileanna.*

Chuir múinteoirí in iúl go raibh frustrachas orthu i dtaca leis na Contanaim Dul chun Cinn, agus chuir siad in iúl gur cheap siad gur próiseas fadálach deacair é agus nár cheap siad nach n-oibreodh sé mar chóras. Cheap múinteoir amháin go raibh sé *an-chorraithe mar gheall air; bhí gach rud dírithe ar na Contanaim Dul chun Cinn. Ní oibreodh an córas seo agus ní bheadh sé éasca le húsáid.* Ar aon dul leis sin, bhí duine eile den tuairim: *nuair a fheiceann múinteoirí na Contanaim Dul chun Cinn ar fad, bíonn siad corraithe go leor.* Bhí sé deacair do mhúinteoirí dul i ngleic leis an tsonraíocht ar dtús; *bhí sé deacair í a léamh, tá sé an-deacair í a láimhseáil agus an áit ar cheart tosú inti a aimsiú.* Dúirt múinteoir eile *nár thuig siad cad a bhí le déanamh* nuair a d'oscail sí an tsonraíocht don chéad uair.

*Rinne mé mo dhícheall, ach ní fhéadfainnse an doiciméad a úsáid. Nuair a d'oscail mé é, bhí mé ag léamh agus ag léamh ach níor thuig mé ó thalamh an domhain cad a bhí i gceist leis.* Chuir múinteoirí in iúl gur theastaigh treoir ní ba shoiléire uathu maidir leis an gcaoi arbh fhéidir an tsonraíocht a úsáid agus a léamh; ba cheart go dtuigfimís a bhfuil le déanamh againn tar éis leathanach amháin a léamh. Chomh maith leis an deacracht a bhí ann maidir leis an tsonraíocht a léamh, tháinig frustrachas ar roinnt múinteoirí nuair a rinne siad iarracht na mórchéimeanna cearta a aimsiú do na páistí sa rang; chaith mé roinnt ama ag iarraidh a oibriú amach cá háit ar cheart go mbeadh mo rang. Chuir a lán múinteoirí eile in iúl go raibh an t-eispéireas céanna acu agus luaigh siad go raibh imní orthu go n-úsáidfí na Contanaim Dul chun Cinn chun lipéadú a dhéanamh ar pháistí, dúirt múinteoir amháin: tá an-imní orm go mbeifí ag súil le lipéadú ar leith ar pháistí sa todhchaí mar gheall ar an lipéadú a dhéantar leis na Contanaim Dul chun Cinn, mar pháiste a, páiste b, etc. Thug múinteoirí roinnt samplaí d'iarrachtaí a rinne siad páistí a lua leis na mórchéimeanna agus cheap siad *gur thasc diúltach mírathúil a bhí ann nár thacaigh leis an bhfoghlaim ná leis an teagasc.*

Chuir formhór mór na múinteoirí in iúl go raibh athrú mór i gceist ó thaobh struchtúir de i gcomparáid le curaclam 1999, agus dúirt múinteoir amháin go bhfuil sé an-éagsúil leis an rud ar a bhfuil taithí againn. Ar an ábhar seo, ba é an t-ábhar imní ba mhó a luadh go rabhthas ag imeacht ó leibhéil ranga. Bhraith roinnt múinteoirí nár cuireadh liosta ullmhaithe den ábhar a bhí le múineadh acu ar fáil sa tsonraíocht, agus thug siad le fios gur mhaith leo go mbeadh doiciméad acu ina leagfaí amach go beacht an rud a bhí le déanamh. Chuir méid áirithe múinteoirí in iúl gurbh fhearr leo na cuspóirí ábhair, mar a úsáideadh i gcuraclam 1999, agus dúirt múinteoir amháin gur mhaith léi *go mbeadh a fhios ag an múinteoir cad iad na rudaí ar cheart a bheith ar eolas ag páistí ag deireadh rang a haon.* Dúirt múinteoir eile ag a raibh rang a dó *go raibh sé soiléir cad a bhí le foghlaim ag páistí le curaclam 1999 ach nach bhfuil sé soiléir leis an gcuraclam nua cad atá le múineadh.* Anuas air sin, chuir roinnt múinteoirí in iúl gur mhaith leo ndéanfaí bunábhar a shainiú le gach leibhéal ranga, agus dúirt múinteoir áirithe go raibh a leithéid de dhíth *le go mbeadh a fhios ag an múinteoir an t-íosmhéid a bhí le clúdach leis an rang. Tá an cur síos a dhéantar ar an ábhar atá le clúdach róscaoilte agus tá an baol ann nach ndéanfaí an t-íosmhéid a chlúdach.* Bhí imní ar roinnt múinteoirí go mbeadh an iomarca neamhspleáchais ag múinteoirí leis an struchtúr nua seo, agus *go raibh an t-athrú rómhór ó chuspóirí ábhair bunaithe ar ranganna chuig Torthaí Foghlama leathana nach bhfuil bunaithe ar ranganna.* Cheistigh líon beag múinteoirí a réidhe agus a bheadh múinteoirí Éireannacha i leith athraithe dá leithéid agus dúirt sé *cé go bhfuil tuiscint mhaith múinteoirí áirithe ar an matamaitic, níl tuiscint mhaith ag múinteoirí eile agus léiríodh sa taighde a rinneadh go bhfuil easnamh ann sa réimse seo in Éirinn.*

Luaigh roinnt múinteoirí go bhféadfadh sé go mbeadh sé deacair a oibriú amach ag tús na bliana cad

a rinne an rang an bhliain roimhe sin. Rinneadh cur síos ar chruinnithe aistrithe mar chruinnithe gearra neamhfhoirmiúla agus nach mbeifí in ann *cur síos mionsonraithe a dhéanamh ar an méid a clúdaíodh le gach páiste nó grúpa.* Mar gheall air sin, bhí imní ar mhúinteoirí *go bhféadfaí páistí áirithe a ligean i ndearmad.* Chuir múinteoirí eile in iúl go raibh imní orthu go dtabharfaí ábhair áirithe isteach róluath do pháistí. Mar shampla, maidir le hionadluach a dhéanamh faoin dréachtchuraclam, chuir múinteoir amháin in iúl go raibh formhór na ndaltaí i rang a haon *ag breathnú ar uimhreacha ní ba mhó ná 199 nuair a d'fhéadfadh sé nach raibh tuiscint mhaith acu ar an ionadluach.* Rinne múinteoirí tagairt do na deacrachtaí a bhí acu na mórchéimeanna a úsáid freisin agus cheap siad *nach raibh hionchais a théann leis na mórchéimeanna comhsheasmhach agus go raibh páistí ag feidhmiú ag mórchéimeanna éagsúla sna snáitheanna éagsúla.* Ar an ábhar céanna, cuireadh ceisteanna faoi mhúinteoirí nuacháilithe agus luaigh roinnt múinteoirí nach mbeidís in ann an struchtúr nua a úsáid mar nach mbeadh mórán taithí acu; *ní thuigfeadh múinteoir nuacháilithe cá háit ar cheart tosú agus cá háit ar cheart críochnú.*

Cuireadh tuairimí dearfacha in iúl sna comhráite tosaigh freisin. Chuir líon áirithe múinteoirí fáilte roimh an struchtúr nua, cheap siad nach raibh sé chomh srianta céanna agus gur thacaigh sé leis na dea-chleachtais a bhí ann cheana. Rinne múinteoir amháin cur síos ar an gcéad eispéireas a bhí acu; *agus muid ag dul ar aghaidh, tuigim go ndéanaim roinnt mhaith de na rudaí sin a luaitear sa tsonraíocht cheana ar chuma ar bith agus is cúis áthais dom go bhfuil a leithéid sa tsonraíocht.* Dúirt múinteoir eile gur bhraith sé *go raibh sé ní ba shrianta agus faoi cheangal ag curaclam 1999 ach go mbeadh an tsaoirse ann anois bogadh suas agus síos go héasca.* Ba chúis áthais do roinnt múinteoirí go n-úsáidfear Torthaí Foghlama mar go mbeidh sé ag teacht le Curaclam Teanga na Bunscoile agus leis na Curaclaim Iarbhunscoile. Bhí an t-ailíniú seo an-tábhachtach do mhúinteoirí i scoileanna i scoileanna speisialta go háirithe mar a mbíonn siad ag plé leis an gcuraclam bunscoile agus leis an gcuraclam iarbhunscoile gach lá. Glacadh go forleathan le leagan amach na ngnéithe sa tsonraíocht mar go ndíreofar níos mó ar na scileanna matamaiticiúla. Luaigh múinteoir amháin *go dtugtar na scileanna (gnéithe) agus an t-ábhar le chéile níos mó agus mar sin, dírítear níos mó ar na scileanna seo.* Dúirt múinteoir eile *go léirítear na gnéithe ar bhealach úsáideach agus mar sin, tá sé níos fusa domsa a aithint cén réimse ina bhfuil mé ag obair. Is dóigh liom gur gá díriú ar an bhfadhbréiteach leis an leagan athchóirithe den churaclam.* Chuir líon beag múinteoirí go mbeadh sé ní b'fhusa an struchtúr nua a chun i bhfeidhm i ranganna ilghráid.

### Struchtúr na sonraíochta – tuairimí ina dhiaidh sin

Agus an próiseas comhairliúcháin ag dul ar aghaidh, tháinig na scoileanna le chéile don seimineár láir agus don seimineár deiridh, rinneadh roinnt plé ar an struchtúr agus tuiscint ag teacht chuig múinteoirí ar an réasúnaíocht agus ar ról an struchtúir athraithe. Tar éis an phlé seo, bhí athrú

suntasach le feiceáil ar an bhfócas a bhí ag na comhráite i ndáil leis an struchtúr. Chuir múinteoirí in iúl gur mhian leo *go mbeadh feidhm agus ról na dTorthaí Foghlama agus na gContanam Dul chun Cinn ní ba shoiléire* sa tsonraíocht. Cheap siad go raibh mearbhall agus imní ar mhúinteoirí mar gheall nach raibh soiléireacht ann sa chóras. Chuir múinteoirí in iúl go raibh imní orthu *go raibh an struchtúr nua beagnach ag moladh do mhúinteoirí páistí a lua leis na mórchéimeanna* agus nár mhór teachtaireacht ní ba láidre a chur amach chun sin a sheachaint. Cheap na scoileanna gur cheart béim a leagan air sa chur i láthair gur tacaíocht iad na Contanaim Dul chun Cinn, a bheidh mar bhonn eolais leis na Torthaí Foghlama, a chuirfidh leo agus a thacóidh leo. Moladh gur cheart físeán treorach úsáidte a chur ar fáil agus go mbeadh eolas ann maidir leis *an gcaoi chun an curaclam nua a thuiscint agus go ndéanfaí cur síos ar ról na struchtúr éagsúil atá ann.* Bhí treoir ní ba shoiléire maidir le ról an churaclaim, agus mhol múinteoir amháin *nár mhór sin a mhíniú go soiléir ar dtús – cad is curaclam ann agus cén aidhm a bhíonn leis.*

Tháinig cuid de na ceisteanna a bhí ann i dtús aimsire, a pléadh thuas, chun cinn arís san aiseolas deiridh. Bhain na ceisteanna sin leis an t-athrú suntasach ar an struchtúr agus le deireadh a chur leis na leibhéil éagsúla ranga den chuid ba mhó. Luaigh líon beag múinteoirí go bhfuil an córas oideachais bunaithe ar leibhéil ranga, agus mar sin gur chóir go mbeadh an curaclam ag teacht leis sin. *Tá ábhar don ghnáthdhalta i ngach leibhéil ranga de dhíth orainn agus beimid in ann difreáil a dhéanamh ar an ábhar sin ina dhiaidh sin, mar atá ar bun againn cheana.* Luaigh siad freisin *go ndéantar na scrúduithe caighdeánaithe in aghaidh an leibhéil ranga go fóill agus go bhfuil siad níos tábhachtaí anois ná riamh don Roinn Oideachais.* Anuas air sin, cheap múinteoirí áirithe go gcabhródh sé le múinteoirí dá luafaí leis na mórchéimeanna aoiseanna daltaí a rinne an ghnáthfhorbairt lena mbeifí ag súil.

Bailíodh moltaí eile ó na scoileanna chun go mbeidh an tsonraíocht éasca le húsáid. D’iarr formhór na múinteoirí go gcuirfí samplaí den fhoghlaim leis na céimeanna mar a leagtar amach sna Contanaim Dul chun Cinn iad; *bhí samplaí i gcló iodálach i gcuraclam 1999 agus tá a leithéid ag teastáil sa doiciméad nua seo freisin.* Pléitear roghanna i ndáil lena leithéid de shamplaí a chur ar fáil níos faide anonn sa chuid seo. Chomh maith leis sin, d’iarr scoileanna go ndíreofaí ní ba mhó ar oideolaíochtaí sa churaclam. D’iarr roinnt scoileanna go sonrach go mbeadh na meitichleachtais, mar a phléitear sna tuarascálacha taighde, ina n-eiseamláirí sa churaclam agus go mbeidís chun tosaigh sa churaclam nua; *Feicim go luaitear san aguisín iad ach ba cheart go mbeidís i gcroí-lár an churaclaim nua seo.* Cheap múinteoirí *gur ghá iad a fheiceáil agus iad á n-úsáid, mar shampla, chaint mhata, taispeáin dom cén chuma a bhíonn air.* Cheistigh múinteoirí eile cén fáth nach raibh aon bhéim ar mhodheolaíochtaí sa tsonraíocht agus bhraith sin *gur ghá iad a chur sa tsonraíocht más mian linn feabhas a chur ar an teagasc a dhéantar ar an matamaitic.*

Maidir leis na Torthaí Foghlama, cheap múinteoirí go raibh sí leathan agus doiléir. Cé gur aithin múinteoirí go gciallaíonn a leithéid go mbeadh saoirse ní ba mhó acu, léirigh scoileanna go mbeadh miondhealú ar na príomhchoincheapa taobh istigh de na Torthaí Foghlama úsáideach dóibh. Dá gcuirfí a leithéid ar fáil mar aon le heolas ní ba shoiléire i ndáil lena thábhachtaí atá siad, is dócha go mbreathnódh múinteoirí ar na Torthaí Foghlama mar thúsphointe seachas a bheith ag díriú ar na Contanaim Dul chun Cinn ar dtús. *Tuigimid anois gurb iad na Torthaí Foghlama an túsphointe. Ní mór béim shoiléir a leagan orthu agus is gá eolas a chur ar fáil maidir leis an gcaoi ar cheart iad a úsáid.* Mhol scoil eile *go léireofaí na smaointe criticiúla atá mar bhonn eolais leis na smaointe móra.* Dúirt siad *go gcabhródh príomhchoincheapa dá leithéid (bunaithe ar ábhar) faoi bhandaí dhá bhliain go mór le múinteoirí.*

Thug roinnt múinteoirí aiseolas i ndáil lena fheiliúnaí atá líon na mórchéimeanna agus chuir siad in iúl gur mhaith leo go laghdófaí líon na mórchéimeanna ó seacht gcéim go sé chéim; *is mór an méid é seacht gcéim do ceithre rang, braithimid gur cheart ceann amháin a bhaint amach.* D'fhiafraigh múinteoirí cé mhéad mórchéim a bheadh ann ina dhiaidh sin agus chuir siad in iúl nár mhaith leo go mbeadh ní ba mhó ná deich gcloch ann ar an iomlán, nuair a chuirfear an tsonraíocht atá beartaithe do rang a trí go dtí rang a sé san áireamh.

Rinne scoileanna áirithe athmhachnamh ar an gcáineadh a rinne siad ar dtús agus mhínigh siad cén fáth ar athraigh an dearcadh a bhí acu. Chuir scoil amháin in iúl *go raibh go leor deacrachtaí agus teachtaireachtaí contrártha ag baint leis an gcuraclam nua teanga.* Dúirt siad nuair a chonaic siad go raibh struchtúr dá leithéid beartaithe don mhatamaitic freisin, *nár thaitin sé leo ón dtús.* Ba mhór ag na múinteoirí an plé a rinne siad le múinteoirí ó scoileanna eile sa líonra agus bhraith siad, tar éis an chruinnithe láir, go raibh tuiscint ní b'fhearr acu ar an réasúnaíocht a bhí ann don churaclam agus ar na codanna éagsúla de. D'iarr siad go gcuirfí *na teachtaireachtaí seo ar fáil sa chóras.*

## Teanga

Bhain fadhbanna a tháinig chun cinn i ndáil leis an teanga leis an tsoiléireacht agus leis an réim teanga den chuid ba mhó. Thug múinteoirí le fios gur cheap siad go bhfuil an teanga a úsáidtear i gContanaim Dul chun Cinn na Sonraíocht *an-fhoclach* agus *deacair le tuiscint.* Thug múinteoirí áirithe samplaí d'fhocail nach bhfaca siad cheana, agus cheap siad go raibh na focail 'an-teicniúil'. Cheap daoine eile go raibh na nathanna a úsáidtear sna céimeanna de na Contanaim Dul chun Cinn róchasta agus san am céanna nach raibh siad soiléir. Agus comparáid á déanamh leis an gcuraclam reatha, dúirt múinteoir amháin *gur thóg sé tamall dul i dtaithí ar churaclam 1999 nuair a tháinig sé isteach, ach cuireadh sampla ar fáil le focail nua, amhail 'comhcheangail' le go dtuigfeadh múinteoirí a raibh i gceist leis.* D'iarr múinteoirí go gcuirfí samplaí den téarmaíocht nua ar fáil d'fhonn tuiscint chomhaontaithe a chur chun cinn. *Tá an teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an*

*gcomhaireamh an-chasta. Ní mór dom a thuiscint a bhfuil i gceist leis i réimse an teagaisc agus na foghlama, chabhródh samplaí go mór liom.* Cé go raibh múinteoirí áirithe ag iarraidh go mbeadh samplaí ag gabháil leis na céimeanna éagsúla de na Contanaim Dul chun Cinn, chuir múinteoirí eile in iúl go mbeadh imní orthu go méadódh a leithéid an méid teanga atá iontu agus chuir siad in iúl gurbh fhearr leo go mbeadh na samplaí ar fáil i leagan den tsonraíocht ar líne nó in uirlisí úsáide an mhúinteora.

Tháinig ceisteanna chun cinn maidir le líon na bhfocal sna Contanaim Dul chun Cinn. Bhraith múinteoir amháin ag a raibh na Naíonáin Mhóra *go bhfuil ualach rómhór teanga sna Contanaim Dul chun Cinn* agus cheap duine eile gur cheart *go mbeadh an teanga ní ba ghiorra nó ní ba shothuigthe.* Leag múinteoirí béim ar a thábhachtaí agus a bheidh sé *teanga ab fhéidir le múinteoirí a thuiscint gan aon stró* a úsáid. Chuir siad in iúl *nár mhór teanga ghonta a úsáid mar arbh fhéidir é* toisc gur cheap siad go raibh *na Contanaim Dul chun Cinn rófhoclach mar atá siad.* Cuireadh in iúl gurbh fhearr *go n-úsáidfí ráitis ní ba ghiorra ní ba dhírithe.*

Agus an próiseas comhairliúcháin ag teacht chun deiridh, chuir na scoileanna in iúl ag an gcruinniú deireanach gur cheap siad go mbeadh gluais ar an téarmeolaíocht cabhrach chun cuid de na téarmaí a bhí doiléir a shoiléiriú. Agus an teanga a úsáidtear sna Contanaim Dul chun Cinn á bplé, mhol cúpla múinteoir go mbeadh roinnt buntáistí ag baint leis dá gcuirfí leagan de na Contanaim ar fáil ina n-úsáidtear *teanga a bheadh feiliúnach do pháistí. Chuirfeadh sé ar chumas an pháiste a chuid foghlama a aithint agus chuirfeadh sé an teanga a bhí le húsáid sa próiseas foghlama ar fáil freisin.*

Maidir leis an teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an inniúlacht sa mhatamaitic agus ar na gnéithe, luaigh roinnt múinteoirí go raibh sé deacair scileanna agus inniúlacht sa mhatamaitic a aithint óna chéile agus d'iarr siad go ndíreofaí ar thacar amháin téarmaí. D'aithin múinteoirí an luach a bhaineann leis an téarmeolaíocht don inniúlacht sa mhatamaitic a úsáid ach d'aontaigh siad go bhféadfaí ní ba mhó a dhéanamh chun í a mhíniú do mhúinteoirí agus samplaí a chur ar fáil.

### Leagan Gaeilge

Léirigh roinnt múinteoirí go raibh díomá orthu leis an leagan Gaeilge den dréacht de CMB agus cheap siad go raibh an Ghaeilge ann deacair agus doiléir. Thug múinteoirí le fios gur úsáid siad *an leagan Béarla go minic/i gcónaí seachas an leagan Gaeilge.* Dúirt múinteoirí gur léigh siad an téacs céanna cúpla uair ach nach raibh siad in ann tuiscint a bhaint as an teanga.

Cheap múinteoirí go raibh an teanga doiléir agus luaigh siad neamhréir faoi leith, mar shampla:

- 'Páistí iad féin' – páistí leo féin nó páistí astu féin
- 'eolaíocht' – déan cur síos agus déan idirdhealú

- ‘móide’ le hais ‘agus’.

D’aontaigh na múinteoirí go raibh an próiseas aistriúcháin an-tábhachtach. D’iarr siad go mbeadh múinteoirí rannpháirteach sa phróiseas sin d’fhonn a chinntiú go gcuirtear leagan dílis den doiciméad ar fáil agus go n-úsáidtear teanga a bheadh sothuigthe ann.

Ag an gcruinniú deireanach scoileanna, moladh go gcuirfí leagan ar fáil ar líne a d’fhéadfaí a athrú le go mbeadh scoileanna in ann é a chur in oiriúint don chanúint. Chuir siad in iúl go gcabhródh a leithéid leis an teanga a neartú agus a chaomhnú sna ceantair sin. D’iarr múinteoirí go láidir freisin go bhfoilseofaí leagan Gaeilge agus leagan Béarla den ábhar tacaíochta agus de na doiciméid ábhartha ag an am céanna.

### Mórchéim a

Rinneadh roinnt plé ar an teanga a úsáidtear i mórchéim A le múinteoirí atá ag oibriú i scoileanna RSO. Cheap a lán múinteoirí go raibh an iomarca athrá ann. Chomh maith leis sin, cheap roinnt múinteoirí gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na briathra a úsáidtear don mhórchéim seo. Tháinig roinnt aiseolais chun cinn i dtaobh an bhriathar ‘cuir ag’ mar gur cheap múinteoirí *nár leor é.* Mar sin féin, leagadh béim air i gcomhráite a rinneadh le múinteoirí i scoil speisialta nár mhór a bheith cúramach agus na briathra sa mhórchéim á n-athrú mar *cé go bhféadfadh sé nach mbeadh daoine áirithe compordach leo, má tá siad róghníomhach, tá an baol ann go bhfágfar páistí áirithe ar lár.* Ar an ábhar céanna, mar a bhí ann i gcás na mórchéimeanna eile, bhraith na múinteoirí sa scoil speisialta nár mhór samplaí d’obair páistí a chur ann mar eiseamláirí ar an bhfoghlaim.

### Ceannteidil agus lipéid

Tháinig ceisteanna áirithe chun cinn i ndáil leis na ceannteidil agus na teidil a úsáidtear sa tsonraíocht. Bhí imní ar roinnt múinteoirí maidir leis na focail ‘An páiste’, atá le feiceáil faoi bhun na gceannteideal litreach do na mórchéimeanna.

> *Ní thuigim cén fiúntas a bhaineann le páistí a chur ar chontanam. Cé go bhfeicim cén fáth a bhfuil na litreacha mórchéimeanna ar chontanam na foghlama, dá mbainfimis an fréamh: ‘an páiste’, ansin bheadh léiriú ar dhul chun cinn i gceist leis na litreacha seachas áit a thabhairt don pháiste.*

Nuair a tháinig na scoileanna le chéile don seimineár deireanach, aontaíodh go mbainfí lipéid ina dtagraítear do ‘an páiste’ ó cheannteidil na mórchéimeanna. Chabhródh sé leis an mbéim a leagan ar an bhfoghlaim; *dá n-athchóireofaí na Contanaim Dul chun Cinn chun béim a leagan ar bhealaí soiléire foghlama seachas an lipéad ‘an páiste’ a bheith orthu, bheadh sé ní b’éasca úsáid a bhaint astu’.* Chuir formhór na scoileanna in iúl gurbh fhearr leo nach mbeadh focal ar bith ag gabháil leis na litreacha le nach mbeadh an lipéadú nó rangú i gceist, agus cheap líon beag múinteoirí go mbeadh an

téarma ‘an foghlaimeoir’ ní b’fheiliúnaí.

Bhí mearbhall ar roinnt múinteoirí i ndáil leis an téarma Lipéad Toraidh Foghlama agus chuir siad in iúl gurbh fhearr leo go n-úsáidfí an seantéarma Aonad Snáithe. *Cuireann an téarma lipéid toraidh foghlama mearbhall orm, thug sé roinnt mhaith ama tuiscint a fháil air. Cén fáth ar athraíodh aonad snáithe? Cén fáth nárbh fhéidir é a fhágáil mar a bhí? Tuigim go bhfuilim ag dul i dtreo na dTorthaí Foghlama, ach ba cheart dúinn aonaid snáithe a choinneáil mar lipéad.*

## Cur i láthair

Chuir múinteoirí fáilte roimh an gcaoi ar cuireadh an dréachtsonraíocht i láthair den chuid ba mhó. Chabhraigh sé le múinteoirí gur cuireadh *an t-ábhar i láthair* ar leathanach amháin agus ba chúis áthais do na múinteoirí freisin nach raibh leathanaigh a bhí le hoscailt amach ná cluaisíní sa tsonraíocht mar gur bhraith múinteoirí gur *chuir siad as do múinteoirí agus iad ag léamh an doiciméid.* Chuir scoileanna roinnt mhaith smaointe in iúl maidir le leagan amach an doiciméid. Cheap siad gur cheart go mbeadh *ní ba mhó íomhánna agus pictiúr* chun cabhrú leis an múinteoir an t-ábhar a thuiscint. Mar shampla, moladh go gcuirfí íomhá i dtaca leis na meitichleachtais ann le go mbeadh siad *chun tosaigh sa tsonraíocht agus mar sin, go mbeadh an múinteoir ag cuimhneamh orthu.* Bhraith siad freisin go gcabhródh sé le múinteoirí tuiscint a fháil ar an gcúig ghné den inniúlacht sa mhatamaitic dá gcuirfí i láthair go físiúil iad.

Chuir sé imní ar líon beag múinteoirí gur baineadh amach an tsnáithe Luathghníomhaíochtaí Matamaiticiúla. Cé gur thuig siad go raibh an t-ábhar a bhíodh sa snáithe seo scaipeadh amach i measc na snáitheanna eile anois, chuir siad in iúl gur mhaith leo go leagfaí béim ar an réimse seo go fóill sa chur i láthair nó san ábhar tacaíochta.

Chuir roinnt múinteoirí in iúl gur chreid siad go láidir nár mhór béim ní ba mhó a leagan ar na Torthaí Foghlama sa doiciméad. Bhraith siad go bhfuil na Contanaim Dul chun Cinn chun tosaigh sa doiciméad mar atá sé anois agus nár mhór sin a athrú; *dírítear ar na Contanaim Dul chun Cinn sa doiciméad mar atá sé faoi láthair. An bhféadfaí na Contanaim Dul chun Cinn a chur in Aguisín seachas i lár an leabhair, agus mar sin, go mbreathnófaí orthu mar ábhar tacaíochta?* Braith scoileanna go bhfuil an chuma ar an scéal faoi láthair *nach iad na Torthaí Foghlama an rud is tábhachtaí sa tsonraíocht.* Ag an gcruinniú deireanach de na scoileanna, aontaíodh go gcuirfí na Torthaí Foghlama (a bhaineann le Lipéad Toraidh Foghlama amháin), na meitichleachtais agus na hinniúlachtaí le chéile ar leathanach amháin nó dhó agus go mbeadh na Contanaim Dul chun Cinn sna leathanaigh ina dhiaidh sin.

Bhraith múinteoirí go bhféadfaí an-leas a bhaint as an ardán ar líne chun feidhmiúlacht na sonraíochta a mhéadú. Mhol scoil amháin *go bhféadfaí an téarmeolaíocht a mhíniú go mion agus an*

*míniú a chur i láthair an léitheora nuair a chuirfeadh sé an luchóg os cionn an téarma.* Maidir leis an moladh a rinneadh gur cheart na príomhchoincheapa a chur i láthair ní ba luaithe sa chaibidil seo, mhol múinteoirí áirithe go bhféadfaí íomhánna a úsáid chun na príomhchoincheapa a mhíniú a thuilleadh do mhúinteoirí.

Iarradh freisin go ndéanfaí athmhachnamh ar an gcaoi a gcuirtear na meitichleachtais os comhair an léitheora. Moladh amháin a chuir na scoileanna chun cinn ba ea go ndéanfaí liosta de na meitichleachtais in aice na dTorthaí Foghlama. Moladh freisin go bhféadfaí iad a chuimsiú leis na samplaí den fhoghlaim a thiocfadh ina dhiaidh sin, ach dá ndéanfaí sin go bhféadfadh sé go mbeadh ní ba mhó ná sampla amháin den fhoghlaim ag teastáil in aghaidh na gcéimeanna, mar a shonraítear sna Contanaim Dul chun Cinn.

# Aidhmeanna agus réasúnaíocht an churaclaim

Sa chuid seo, léirítear an t-aiseolas a bailíodh ó mhúinteoirí sa líonra scoileanna i ndáil le bunús teoiriciúil na sonraíochta. Cuirtear na sonraí i láthair faoi cheithre mhórthéama; aidhmeanna an churaclaim agus réasúnaíocht, an cuimsiú, foghlaim na bpáistí agus ceistneoir deiridh a rinneadh leis an líonra scoileanna.

### Aidhmeanna agus réasúnaíocht an churaclaim

Fáiltíodh go forleathan roimh mhóraidhm an churaclaim nua i.e. inniúlacht sa mhatamaitic a fhorbairt. Tar éis na gcúig ghné a chur i láthair don líonra scoileanna, bhí an t-aiseolas a fuarthas i ndáil leis an ról a bheadh acu sa churaclam nua an-dearfach, agus dúirt múinteoir amháin *go ndeachaigh an bhéim a cuireadh ar an inniúlacht sa mhatamaitic i mBaile Átha Luain go mór i bhfeidhm orainn.* Agus na haidhmeanna nua á bplé, chuir múinteoir amháin in iúl *go ndeachaigh siad i gcion ní ba mhó ar mo chuid smaointeoireachta ná aidhmeanna churaclam 1999.* Thug roinnt múinteoirí suntas dó go mbeadh na gnéithe den inniúlacht sa mhatamaitic úsáideach agus machnamh á dhéanamh ar an matamaitic ina scoileanna féin agus dúirt múinteoir amháin *go bhféadfaí do scoil a mhapáil ar na gnéithe seo. Is scoil ar leith atá inti agus bheadh na láidreachtaí a bheadh againn ag teacht leo.* Cé gur leag múinteoirí béim ar an tacaíocht a thug siad do na gnéithe den inniúlacht sa mhatamaitic, chuir múinteoirí áirithe in iúl go mbeadh eagla orthu *go ndéanfaí dearmad ar aidhmeanna an churaclaim mura ndéanfaí iad a cheangal leis an teagasc agus leis an bpleanáil.*

Ba chúis mhór sásaimh do mhúinteoirí gur cuireadh an meon táirgiúil isteach sa churaclam. Tar éis an chéad chruinnithe leis na scoileanna, labhair na múinteoirí faoin gcaoi a raibh siad ag cuimhneamh ar an meon táirgiúil agus faoin gcaoi a raibh sé ní b'fheiceálaí sna seomraí ranga. Dúirt scoil amháin go raibh siad *ag leagan béime ar a úsáidí atá an mhatamaitic agus go raibh na páistí in ann sin a fheiceáil ina saol féin.* Dúirt múinteoir amháin *go ndeir sí leis na daltaí gur matamaiticeoirí iontacha iad agus go bhfuil na ceachtanna matamaitice i bhfad níos dearfaí dá bharr sin. Chomh maith leis sin, is mó muinín atá ag na daltaí agus iad ag plé leis an mata.* Chuir roinnt múinteoirí in iúl go mbeadh samplaí den mheon táirgiúil ní b'fheiceálaí sa tsonraíocht nó in áit éigin eile, *cé go bhfuil na ceithre ghné eile an-fheiceálach sna ábhair, ní chuirtear béim ar an meon táirgiúil agus mar sin, is dóigh liom nár mhór samplaí de a chur ar fáil le go mbeidh fíor-athrú ann.* Leag múinteoirí eile béim air nach raibh taithí ag múinteoirí ar na téarmaí den chuid is mó agus nár mhór iad a mhíniú a thuilleadh; *níor chuala mé trácht ar an meon táirgiúil cheana agus beidh samplaí de dhíth orm sula n-úsáidfidh mé sa seomra ranga é.*

Dúirt roinnt scoileanna go ndeachaigh an fhoireann i ngleic leis na tuarascálacha taighde agus go

raibh siad sásta lena raibh iontu. Cheap múinteoirí go raibh an réasúnaíocht *soiléir agus gur díríodh ar na gnéithe ar chóir díriú orthu san oideachas ar an matamaitic.* Dúirt múinteoir amháin go raibh áthas ar gach duine tar éis an chéad seimineáir i mBaile Átha Luain go raibh an bhéim ar "an mata do chách", agus go gcuirfidh a leithéid feabhas ar eispéireas na bpáistí leis an ábhar. Bhí sé tábhachtach do mhúinteoirí freisin *go bhfuil an curaclam seo feiliúnach do gach duine* agus *go ndírítear ar an matamaitic a nascadh leis an saol réadúil ann.*

Ba mhian le múinteoir áirithe *go ndíreofaí ar mheon múinteoirí ní ba mhó leis an réasúnaíocht* mar gur bhraith siad nár mhór *é a athrú.* Bhí eolas breise maidir leis an gcúlra a bhain leis an gcuraclam a fhorbairt de dhíth ar mhúinteoirí áirithe, agus iarradh *go gcuirfí an treoir a tugadh ar dtús i leith an athraithe ar fáil agus go dtabharfaí le fios cé a bheartaigh gur cheart go mbeadh an curaclam feiliúnach do chách?* Bhraith siad go nglacfadh múinteoirí ní b'fhonnmhaire leis an athrú dá dtuigfidís na cúiseanna a bhí leis an struchtúr nua agus an réasúnaíocht a bhí ann dó.

**Cuimsiú**

Cheap scoileanna go raibh an cuimsiú mar dhlúthchuid den tsonraíocht nua agus gur aithníodh inti an aidhm go gcuimseofaí gach páiste. Ba chúis sásaimh do mhúinteoirí a bhíonn ag plé le RSO go bhfuil bunaítear cur chuige an churaclaim nua ar thorthaí.

Cé gur fáiltíodh roimh mhórchéim a go ginearálta, cheap formhór na múinteoirí nár mhór a thuilleadh eagarthóireachta a dhéanamh ar an teanga ann agus gur ghá eiseamláirí de na heispéiris foghlama ar a ndéantar cur síos a chur ar fáil. Roinn múinteoirí an taithí a bhí acu ar mhórchéim a a úsáid, agus luaigh múinteoir amháin a oibríonn i scoil speisialta *nach ndéantar foráil le mórchéim a don fhoghlaim a dhéanann páistí ag a bhfuil diandeacrachtaí foghlama agus deacrachtaí measartha foghlama.*

Roinn múinteoirí i scoileanna príomhshrutha an taithí a bhí acu sa réimse seo freisin agus dúirt siad *go raibh an tsonraíocht ag dul sa treo ceart, mar go mbíonn sé i ndán do pháistí áirithe teipeadh leis an gcuraclam reatha mar nach mbainfidh siad amach riamh an méid lena mbítear ag súil ag deireadh aon ranga.* D'fháiltigh múinteoirí roimh leagan amach uilíoch na sonraíochta freisin agus *go ndearna siad machnamh ní ba mhó ar riachtanais na bpáistí mar gheall air.*

D'iarr múinteoirí áirithe *go ndéanfaí mórchéim a a bhriseadh síos a thuilleadh* mar go ndúirt siad go dtógfaidh sé cuid mhaith de na blianta bunscoile ar na páistí a bheidh á múineadh acu an fhoghlaim sin a bhaineann le mórchéim a a dhéanamh. Leag siad béim ar a úsáidí atá na Treoirlínte Ginearálta um Míchumas Foghlama atá ann faoi láthair maidir le curaclam 1999, agus bhí imní orthu faoin rud a thiocfadh i gcomharbacht orthu sin. Dúirt múinteoir eile *nár leor na sonraí i ndáil le mórchéim a i gcomparáid leis na mórchéimeanna eile, agus gur lú samplaí a cuireadh ar fáil.* D'iarr scoileanna go

soiléireofaí teachtaireachtaí maidir le Torthaí Foghlama a bhaint amach beag beann ar an mórchéim lena mbaineann an fhoghlaim a dhéanann an páiste. Ar an ábhar sin, d'iarr scoileanna go soiléireofaí cé na páistí ar cheart go mbeidís ag déanamh na foghlama i mórchéim a, *mar nach ndéantar tagairt ar bith do phaistí ag a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise agus an áit ar cheart go mbeidís ag tosú ar an aistear sa mhatamaitic.* Cheap múinteoir amháin *nár thuig siad cá háit ar cheart go mbeadh páiste ag a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise ag déanamh foghlama.* Thug múinteoirí áirithe faoina n-aire go raibh na bandaí dhá bhliain ag gabháil leis na Torthaí Foghlama agus nach n-oibreodh a leithéid i gcónaí i gcás páistí ag a bhfuil RSO.

I gcomparáid leis sin, bhraith múinteoirí áirithe go raibh an tsonraíocht nua róchuimsitheach agus cheistigh siad *ar cheart struchtúr iomlán a bhunú ar líon beag daltaí atá cuimsithe go maith sa chóras cheana féin.* Chuir na múinteoirí seo in iúl go raibh taithí acu ar an curaclam reatha a úsáid *chun an príomhghrúpa a theagasc agus go ndéanann siad difreáil éifeachtach suas agus síos chun freastal a dhéanamh ar na daltaí.* Chuir siad in iúl go mbíonn *pleananna sonracha aonair oideachais do phaistí ag a bhfuil RSO agus mar sin go bhfreastalaítear orthu ag an leibhéal atá oiriúnach dóibh.* Mar atá cúrsaí faoi láthair, déanann na páistí seo foghlaim ar a leibhéal féin.

### Foghlaim na bpáistí

Chuir scoileanna fáilte roimh an t-athrú béime atá le sonrú sa churaclam nua i dtreo eispéireas foghlama an tógachais shóisialta. D'aithin siad na buntáistí a bhaineann leis seo agus go mbíonn *eispéireas dearfach foghlama* ag páistí mar gheall air seo.

Agus iad ag cur síos ar an taithí a bhí acu agus iad ag cur an curaclam nua chun feidhme sa seomra rang, luaigh múinteoirí go raibh *an mhatamaitic ní ba thaitneamhaí agus ní ba spraíúla do pháistí* Rinne roinnt scoileanna tagairt don spraoi agus d'Aistear a chomhtháthú ní ba mhó leis an dréachtchuraclam. Chonaic múinteoirí na buntáistí a bhain leis an matamaitic a nascadh le h*Aistear* agus luaigh múinteoir amháin *go raibh sé ag iarraidh í a nascadh le hAistear ní ba mhó mar go bhfaca sé gur bhain na páistí taitneamh as agus go raibh ar a gcumas labhairt faoin mata.* Rinne scoileanna áirithe cur síos ar shamplaí den fhoghlaim spraíúil agus chruthaigh scoileanna eile timpeallacht foghlama do na páistí inar díríodh ar chuir chuige ní ba spraíúla a úsáid i ngníomhaíochtaí éagsúla foghlama.

> *D'úsáideamar Aistear chun an t-ábhar 'An tAm' a mhúineadh agus dhíríomar ar roinnt gnéithe éagsúla. Níor úsáideamar an cur chuige a raibh taithí againn air chun an t-ábhar a mhúineadh. Chuimsíomar le hábhar eile, an Béarla agus OSIE, é. D'úsáideamar ceithre stáisiún éagsúla; rólimirt, dramhealaín, scéalta a chur in ord agus gníomhaíochtaí sórtála agus rinneamar iarracht díriú ar an réasúnaíocht agus ar an bhfadhbréiteach.*

Thug múinteoirí faoina n-aire *go ndearnadh roinnt foghlama* agus go raibh ní ba mhó suime ag páistí áirithe san obair ná mar a bheadh acu go hiondúil. Dúirt múinteoirí freisin go ndearna siad gníomhaíocht tar éis an *Aistir inar chuir siad an teanga mhatamaitice a bhí le húsáid chun cinn.*

D'iarr múinteoirí go gcuirfí ní ba mhó samplaí soiléire den úsáid arbh fhéidir a bhaint as an spraoi ar fáil. Luaigh scoil amháin *gur leagadh béim ar a thábhachtaí agus ata an fhoghlaim atá bunaithe ar an spraoi sa taighde ach cá háit sa doiciméad seo a gcuirtear samplaí den chaoi arbh fhéidir í a chur chun feidhme sa seomra ranga?* Chuir scoileanna eile in iúl gur chúis imní dóibh an fréamh 'trí eispéiris spraíúla foghlama iomchuí' a thagann roimh gach toradh foghlama. Dúirt múinteoirí áirithe nach mbaintear úsáid as an spraoi ach amháin i ranganna na naíonán agus mar sin go mbeadh *athrú mór cleachtais i gceist* agus d'iarr siad *go gcuirfí ní ba mhó treorach ar fáil i dtaca leis an bhfoghlaim spraíúil i rang*$_{a\ 1}$*agus i rang*$_{a\ 2}$ *.* Bhraith múinteoirí áirithe nárbh fhéidir an fhoghlaim spraíúil a dhéanamh i gach ceacht mata, agus go bhféadfaí í a úsáid cúpla uair sa tseachtain agus d'fhiafraigh múinteoirí eile *an bhfuiltear ag moladh leis an gcuraclam nua go múinfear gach aon rud tríd an spraoi nó an mbeidh cothromaíocht ann idir ghníomhaíochtaí matamaitice atá níos foirmiúla agus an spraoi.*

## Ceistneoir deiridh

Ag deireadh an phróisis comhairliúcháin leis an líonra scoileanna, tugadh ceistneoir do dhá dhuine is tríocha idir phríomhoidí agus mhúinteoirí. Bhí na ceisteanna ar an gceistneoir seo réasúnta cosúil leis na ceisteanna ar an gceistneoir ar líne agus iarradh ar rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas comhairliúcháin féin freisin.

**Fíor 33: An méid a d'aontaigh na rannpháirtithe leis na ráitis i ndáil le fís agus aidhmeanna an dréachta de CMB**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| | |
|---|---|
| The draft curriculum communicates a clear vision regarding the role of mathematics in children's lives. | Cuireann an dréachtchuraclam fís shoiléir in iúl i dtaca le ról na matamaitice i saol na bpáistí |
| The draft primary mathematics curriculum will help children to develop mathematical proficiency. | Cabhróidh dréachtchuraclam matamaitice na bunscoile le páistí oilteacht mhatamaiticiúil a fhorbairt. |
| The draft primary mathematics curriculum will provide children with a range of opportunities to put their acquired learning into practice. | Tabharfaidh dréachtchuraclam matamaitice na bunscoile raon deiseanna éagsúla do pháistí an méid a fhoghlamaíonn siad a chur i ngníomh. |
| The draft primary mathematics curriculum will encourage a productive disposition towards mathematics. | Spreagfaidh dréachtchuraclam matamaitice na bunscoile meon táirgiúil i leith na matamaitice. |

Mar a léirítear i bhFíor 33, thug na freagróirí aiseolas dearfach maidir le fís agus aidhmeanna an dréachtchuraclaim nua. Léirigh 88% de na freagróirí gur aontaigh nó gur aontaigh siad go láidir leis an ráiteas go gcuireann an dréachtchuraclam fís shoiléir in iúl i dtaca le ról na matamaitice i saol na bpáistí, agus chuir 9% in iúl gur easaontaigh siad nó gur easaontaigh siad go láidir leis an ráiteas. Nuair a iarradh orthu cé mhéad a chabhródh an dréachtchuraclam leis an oilteacht a fhorbairt sa mhatamaitic, chuir 94% de na freagróirí in iúl gur aontaigh siad go láidir nó gur aontaigh siad. Chuir 91% de na freagróirí in iúl gur aontaigh siad nó gur aontaigh siad go láidir leis an ráiteas i ndáil leis an méid a fhoghlaimíonn siad agus chuir 94% in iúl gur aontaigh siad go láidir nó gur aontaigh siad leis an tuairim go spreagfaidh an dréachtchuraclam meon táirgiúil i leith na matamaitice.

**Fíor 34: Tuairimí i ndáil le cé acu atá nó nach bhfuil na cúig ghné d'oilteacht mhatamaiticiúil follasach ar fud na dréachtsonraíochta**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| In your view, are the five aspects of mathematical proficiency clearly evident across the draft specification? | I do thuairim, an bhfuil na cúig ghné d'oilteacht mhatamaiticiúil follasach ar fud na dréachtsonraíochta? |
|---|---|
| Yes | Tá |
| No | Níl |
| Not sure | Nílim cinnte |

Nuair a cuireadh ceist ar na freagróirí an bhfuil na cúig ghné d'oilteacht mhatamaiticiúil follasach ar fud na dréachtsonraíochta, d’aontaigh 56% de na freagróirí go raibh siad follasach agus bhraith 25% nach raibh. Ní raibh 19% de na freagróirí cinnte.

**Fíor 35: An méid a d’aontaigh na rannpháirtithe le ráitis i ndáil le gnéithe an dréachta de CMB**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| | |
|---|---|
| The relationship between the elements and learning outcomes is clear | Tá an caidreamh idir na gnéithe agus na torthaí foghlama soiléir. |
| The curriculum explains the elements clearly. | Míníonn an curaclam na gnéithe go soiléir. |
| Strongly agree | Aontaím go láidir |
| Agree | Aontaím |
| Disagree | Easaontaím |
| Strongly disagree | Easaontaím go láidir |
| Don’t know | Níl a fhios agam |

Nuair a iarradh ar na rannpháirtithe an méid agus a d’aontaigh siad leis an tuairim go bhfuil an caidreamh idir na Gnéithe agus na Torthaí Foghlama soiléir, chuir 57% de na freagróirí in iúl gur aontaigh siad go láidir nó gur aontaigh siad. Chuir 40% de na freagróirí in iúl gur easaontaigh siad nó gur easaontaigh siad go láidir, agus ní raibh 3% de na freagróirí cinnte. Fiafraíodh leis an dara ceist an méid agus a d’aontaigh na rannpháirtithe leis an ráiteas, ‘Míníonn an curaclam na gnéithe go soiléir’. Chuir 72% de na freagróirí in iúl gur aontaigh siad go láidir nó gur aontaigh siad agus chuir an 28% eile de na freagróirí in iúl gur easaontaigh siad nó gur easaontaigh siad go láidir.

**Fíor 36: Freagraí ar na ceisteanna i ndáil leis an bhfoghlaim a bhfuiltear ag súil léi ó na Torthaí Foghlama**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| | |
|---|---|
| To what extent do you think it is clear what learning is expected from the learning outcomes? | Cé chomh mór a cheapann tú go bhfuil sé soiléir a bhfuiltear ag súil leis ó na Torthaí Foghlama? |
| Stage 1 | Céim 1 |

| Stage 2 | Céim 2 |
|---|---|
| To a great extent | An-soiléir |
| To some extent | Sách soiléir |
| Not to any great extent | Níl sé róshoiléir |
| Not at all | Níl sé soiléir ar chor ar bith |

Déantar cur síos i bhFíor 36 ar na freagraí a fuarthas ar an gceist 'Cé chomh mór a cheapann tú go bhfuil sé soiléir a bhfuiltear ag súil leis ó na Torthaí Foghlama?' i ndáil le Céim 1 (rang na naíonán beag agus rang na naíonán mór) agus Céim 2 (rang a haon agus rang a dó). Bhí na patrúin a tháinig chun cinn sna freagraí ar an dá cheist an-chosúil lena chéile, agus dúirt 38% agus 39% de na freagróirí faoi seach go raibh sé an-soiléir. Bhraith 41% agus 45% faoi seach go raibh sé sách soiléir, agus bhraith 19%  agus 16% de na freagróirí nach raibh sé róshoiléir. Bhraith 3% de na freagróirí nach raibh sé soiléir ar chor ar bith cén fhoghlaim a rabhthas ag súil léi ó na Torthaí Foghlama ag Céim 1.

**Fíor 37: Freagraí ar an gceist maidir le muinín ó thaobh Torthaí Foghlama a úsáid**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| To what extent would you feel confident teaching using the learning outcomes for each strand? | Cé chomh muiníneach agus a bheifeá ag múineadh agus na Torthaí Foghlama do gach snáithe á n-úsáid agat? |
|---|---|
| To a great extent | Bheinn an-mhuiníneach |
| To some extent | Bheinn sách muiníneach |
| Not to any great extent | Ní bheinn rómhuiníneach |
| Not at all | Ní bheinn muiníneach ar chor ar bith |

Nuair a fiafraíodh de mhúinteoirí agus de phríomhoidí cé chomh muiníneach agus a bheidís agus iad ag múineadh leis na Torthaí Foghlama, chuir 89% díobh in iúl go mbeidís an-mhuiníneach nó sách muiníneach. Chuir 2% de na freagróirí in iúl nach mbeidís rómhuiníneach, agus chuir 9% de na freagróirí in iúl nach mbeidís muiníneach ar chor ar bith maidir leis na Torthaí Foghlama a úsáid agus

iad ag múineadh.

**Fíor 38: Tuairimí ar a oiriúnaí atá na Contanaim Dul chun Cinn maidir leis na Torthaí Foghlama**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| How appropriate do you feel the Progression Continua are in relation to the learning outcomes of primary school children? | Cé chomh hoiriúnach agus atá na Contanaim Dul chun Cinn maidir le Torthaí Foghlama pháistí na bunscoile? |
|---|---|
| Very appropriate | An-oiriúnach |
| Fairly appropriate | Sách oiriúnach |
| Some changes needed | Roinnt athruithe ag teastáil |
| Not appropriate at all | Níl siad oiriúnach ar chor ar bith |
| Not sure | Níl mé cinnte |

Nuair a cuireadh ceist faoina oiriúnaí atá na Contanaim Dul chun Cinn maidir leis na Torthaí Foghlama, fuarthas réimse leathan freagraí. Bhraith 38% de na freagróirí go raibh siad an-oiriúnach, agus cheap 19% de na freagróirí go raibh siad sách oiriúnach. Cheap 41% de na freagróirí go raibh roinnt athruithe ag teastáil agus bhraith 3% de na freagróirí nach raibh siad oiriúnach ar chor ar bith.

**Fíor 39: An méid agus a d'aontaigh na freagróirí leis an ráiteas go gcuireann na Contanaim Dul chun Cinn dóthain sonraí ar fáil chun eispéiris foghlama shaibhre sa mhatamaitic a thabhairt do gach foghlaimeoir**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| | |
|---|---|
| The progression continua provide an appropriate level of detail to deliver rich mathematical learning experiences for all learners in each of the strands. | Cuireann na Contanaim Dul chun Cinn dóthain sonraí ar fáil chun eispéiris foghlama shaibhre sa mhatamaitic a thabhairt do gach foghlaimeoir i gach snáithe. |
| Strongly agree | Aontaím go láidir |
| Agree | Aontaím |
| Disagree | Easaontaím |
| Strongly disagree | Easaontaím go láidir |
| Not sure | Níl mé cinnte |

Léirítear i bhFíor 39 na freagraí a fuarthas i ndáil leis an ráiteas 'Cuireann na Contanaim Dul chun Cinn dóthain sonraí ar fáil chun eispéiris foghlama shaibhre sa mhatamaitic a thabhairt do gach foghlaimeoir i gach snáithe'. Chuir 20% de na freagróirí in iúl gur aontaigh siad go láidir leis an ráiteas agus léirigh 45% de na freagróirí gur aontaigh siad leis an ráiteas. Chuir 16% de na freagróirí in iúl gur easaontaigh siad agus chuir 16 eile in iúl gur easaontaigh siad go láidir, agus ní raibh 3% de na freagróirí cinnte.

**Fíor 40: Tuairimí ar a oiriúnaí atá na Contanaim Dul chun Cinn don teagasc i dtimpeallachtaí éagsúla nó le grúpaí éagsúla páistí**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| How useful do you think the Progression Continua are for teaching in the following settings or with the following group of children? | I do thuairim, cé chomh hoiriúnach agus atá na Contanaim Dul chun Cinn don teagasc sna timpeallachtaí seo a leanas nó leis na grúpaí páistí seo a leanas? |
|---|---|
| Children with severe/profound educational needs | Páistí ag a bhfuil dianriachtanais/riachtanais throma oideachais |
| Children with moderate educational needs | Páistí ag a bhfuil riachtanais mheasartha oideachais |
| Children with a wide range of educational needs | Páistí ag a bhfuil réimse leathan riachtanas oideachais |
| Children in a multi-class | Páistí i rang ilghráid |
| Children in a single-class | Páistí i rang singil |
| Very appropriate | An-oiriúnach |
| Fairly appropriate | Sách oiriúnach |
| Some changes needed | Roinnt athruithe ag teastáil |
| Not at all appropriate | Níl siad oiriúnach ar chor ar bith |

Nuair a cuireadh ceist faoina oiriúnaí atá na Contanaim Dul chun Cinn i ndáil le páistí ag a bhfuil RSO a theagasc, tháinig trí chatagóir chun cinn. I gcás páistí ag a bhfuil dianriachtanais nó riachtanais throma oideachais, bhraith 16% de na múinteoirí go raibh siad an-oiriúnach, agus cheap 41% de na freagróirí go raibh siad sách oiriúnach. Cheap 31% de na freagróirí go raibh roinnt athruithe ag teastáil agus bhraith 13% de na freagróirí nach raibh siad oiriúnach ar chor ar bith. Maidir le páistí ag a bhfuil riachtanais mheasartha oideachais, cheap 38% de na freagróirí go raibh siad an-oiriúnach

agus cheap 22% díobh go raibh siad sách oiriúnach. Cheap 34% de na freagróirí go raibh roinnt athruithe ag teastáil agus bhraith 6% de na freagróirí nach raibh siad oiriúnach ar chor ar bith. Nuair a cuireadh ceist faoina oiriúnaí agus a bheidís do pháistí ag a bhfuil réimse leathan riachtanas oideachais, chuir 72% de na freagróirí in iúl go raibh siad an-oiriúnach nó sách oiriúnach. Cheap 22% de na freagróirí go raibh roinnt athruithe ag teastáil agus bhraith 6% de na freagróirí nach raibh siad oiriúnach ar chor ar bith. I gcás páistí i rang ilghráid, cheap 50% de na múinteoirí agus de na príomhoidí go raibh na Contanaim Dul chun Cinn an-oiriúnach agus léirigh 28% gur cheap siad go raibh siad sách oiriúnach. Cheap 19% de na freagróirí go raibh roinnt athruithe ag teastáil agus bhraith 3% de na freagróirí nach raibh siad oiriúnach ar chor ar bith. I gcomparáid leis sin, i gcás páistí i rang singil, cheap 44% de na múinteoirí agus de na príomhoidí go raibh na Contanaim Dul chun Cinn an-oiriúnach agus léirigh 31% de na freagróirí gur cheap siad go raibh siad sách oiriúnach. Bhraith 22% de na freagróirí go raibh roinnt athruithe ag teastáil agus shíl 3% de na freagróirí nach raibh siad oiriúnach ar chor ar bith.

**Fíor 41: Tuairimí ar a oiriúnaí atá líon na mórchéimeanna**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| When you think of all children from junior infants to second class, how appropriate do you think the number of progression milestones are? | Agus tú ag cuimhneamh ar na páistí ar fad ó na naíonáin bheaga go dtí rang a dó, cé chomh hoiriúnach agus atá líon na Mórchéimeanna Dul chun Cinn, dar leat? |
|---|---|
| Very appropriate | An-oiriúnach |
| Fairly appropriate | Sách oiriúnach |
| Some changes needed | Roinnt athruithe ag teastáil |
| Not at all appropriate | Níl sé oiriúnach ar chor ar bith |

Nuair a cuireadh ceist faoi líon na mórchéimeanna sna dréachtsonraíocht, chuir 19% de na múinteoirí agus de na príomhoidí in iúl gur cheap siad go raibh siad an-oiriúnach agus léirigh 44% gur cheap siad go raibh siad sách oiriúnach. D'aontaigh 22% de na freagróirí go raibh roinnt athruithe ag teastáil agus shíl 9% de na freagróirí nach raibh sé oiriúnach ar chor ar bith.

**Fíor 42: An méid a d'aontaigh na rannpháirtithe le ráitis i ndáil le hathrú an churaclaim**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| Reflections on curriculum change | Machnamh ar athrú an churaclaim |
|---|---|
| The draft curriculum highlights the importance of playful and meaningful experiences for children's learning in Stage 1 (Junior and Senior Infants). | Léiríonn an dréachtchuraclam an tábhacht atá le heispéiris spraíúla agus bhríocha d'fhoghlaim na bpáistí ag Céim 1 (Naíonáin Bheaga agus Mhóra). |
| Playful learning experiences are not appropriate for children's learning in Stage 2 (First Class and Second Class). | Níl eispéiris spraíúla foghlama feiliúnach d'fhoghlaim na bpáistí ag Céim 2 (Rang a hAon agus Rang a Dó). |
| The draft curriculum does not support learning as a social and collaborative process. | Ní thacaíonn an dréachtchuraclam leis an bhfoghlaim mar phróiseas sóisialta agus comhoibríoch. |
| The draft curriculum supports children's participation in their own learning of mathematics | Tacaíonn an dréachtchuraclam le rannpháirtíocht ghníomhach na bpáistí i bhfoghlaim na matamaitice. |
| The draft curriculum supports the | Tacaíonn an dréachtchuraclam le forbairt |

| | |
|---|---|
| development of computational, creative and flexible thinking skills | scileanna ríomhaireachtúla, cruthaitheacha agus solúbtha smaointeoireachta. |
| The draft curriculum is inclusive of all students. | Cuimsíonn an dréachtchuraclam gach dalta. |
| The rationale for changing the primary mathematics curriculum is clear. | Tá an réasúnaíocht atá le Curaclam Matamaitice na Bunscoile a athrú soiléir |
| Strongly agree | Aontaím go láidir |
| Agree | Aontaím |
| Disagree | Easaontaím |
| Strongly disagree | Easaontaím go láidir |
| Don't know | Níl a fhios agam |

Léirítear na freagraí a fuarthas ar na ráitis i ndáil leis an athrú ar an gcuraclam i bhFíor 42. Ar dtús, iarradh ar na rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar 'an tábhacht atá le heispéiris spraíúla agus bhríocha d'fhoghlaim na bpáistí'. Chuir 88% de na freagróirí in iúl gur aontaigh siad go láidir nó gur aontaigh siad leis an ráiteas agus chuir an 12% eile de na freagróirí in iúl gur easaontaigh siad nó gur easaontaigh siad go láidir. Chuir 91% de na freagróirí in iúl gur easaontaigh siad go láidir nó gur easaontaigh siad leis an ráiteas 'Níl eispéiris spraíúla foghlama feiliúnach d'fhoghlaim na bpáistí ag Céim 2', agus léirigh an 9% eile gur aontaigh siad.  D'easaontaigh 84% de na rannpháirtithe leis an ráiteas 'Ní thacaíonn an dréachtchuraclam leis an bhfoghlaim mar phróiseas sóisialta agus comhoibríoch'. Léirigh 6% de na freagróirí gur aontaigh siad leis an ráiteas agus chuir 10% de na rannpháirtithe in iúl nach raibh a fhios acu. Léiríodh an tacaíocht chéanna a bheag nó a mhór do na chéad trí ráiteas eile i ndáil le rannpháirtíocht ghníomhach na bpáistí san fhoghlaim, an smaointeoireacht ríomhaireachtúil agus an cuimsiú agus 84%, 85% agus 84% de na freagróirí faoi seach ag léiriú gur aontaigh siad leis na ráitis, agus léirigh idir 12% agus 13% de na rannpháirtithe gur easaontaigh siad leis na ráitis. Maidir leis an ráiteas deiridh maidir leis an réasúnaíocht atá le Curaclam Matamaitice na Bunscoile a athrú a bheith soiléir, léirigh 74% de na freagróirí gur aontaigh siad, chuir 23% in iúl gur easaontaigh siad agus léirigh 3% eile nach raibh a fhios acu.

**Fíor 43: An t-athrú ar cheachtanna lena bhfuiltear ag súil mar thoradh ar na hathruithe dá dtagraítear sa dréacht de CMB**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| | |
|---|---|
| Please indicate the extent to which you expect your mathematics lessons may change as a result of the changes to the curriculum as proposed. | Léirigh cé chomh mór a cheapann tú go n-athróidh do cheachtanna matamaitice mar thoradh ar athruithe an churaclaim mar atá molta. |
| To a great extent | Athróidh siad go mór |
| To a certain extent | Athróidh siad beagáinín |
| Not to any great extent | Ní athróidh siad chomh mór sin |
| Not at all | Ní athróidh siad ar chor ar bith |
| I don't know | Níl a fhios agam |

Nuair a fiafraíodh de mhúinteoirí an raibh siad ag súil le mórán athraithe ar cheachtanna matamaitice mar gheall ar na hathruithe nua, chuir 7% de na freagróirí in iúl gur cheap siad go n-athróidís go mór, cheap 45% díobh go n-athróidís beagáinín, cheap 34% díobh nach n-athróidís chomh mór sin agus cheap 13% nach n-athróidís ar chor ar bith.

**Fíor 44: An méid a d'aontaigh na rannpháirtithe le ráitis i ndáil lena shoiléire atá an teanga a úsáidtear sa tsonraíocht**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| | |
|---|---|
| Reflections on language | Machnamh ar an teanga |
| The language used in describing the aims needs more clarity | Teastaíonn tuilleadh soiléire ón teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na haidhmeanna. |
| The language used in describing the strands is clear | Tá an teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na snáitheanna soiléir. |
| The language used in describing the elements needs more clarity | Teastaíonn tuilleadh soiléire ón teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na gnéithe. |
| The language used in describing the progression continua is clear | Tá an teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na Contanaim Dul chun Cinn soiléir |
| Strongly agree | Aontaím go láidir |
| Agree | Aontaím |
| Disagree | Easaontaím |
| Strongly disagree | Easaontaím go láidir |
| Don't know | Níl a fhios agam |

Nuair a iarradh ar na freagróirí machnamh a dhéanamh ar na ceithre ráiteas i ndáil leis an teanga a úsáidtear sa tsonraíocht, fuarthas freagraí measctha. Agus machnamh á dhéanamh ar an teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na haidhmeanna sa tsonraíocht, léirigh 47% de na freagróirí gur aontaigh siad go láidir nár mhór an teanga a shoiléiriú, agus chuir 41% díobh in iúl gur aontaigh siad leis an ráiteas. D’easaontaigh an 12% eile leis an ráiteas. Léirigh 66% de na freagróirí gur aontaigh siad go bhfuil an teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na snáitheanna éagsúla soiléir agus léirigh 34% díobh gur easaontaigh siad. Maidir leis an ráiteas faoin teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na gnéithe, léirigh 69% de na freagróirí gur aontaigh siad nár mhór an teanga a shoiléiriú agus d’easaontaigh 28% de na freagróirí leis sin. Léirigh 72% de na freagróirí gur easaontaigh siad leis an ráiteas deireanach i ndáil leis an teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na Contanaim Dul chun Cinn, agus chuir 28% de na freagróirí in iúl gur cheap siad go bhfuil an teanga soiléir.

**Fíor 45: An méid agus a d'aontaigh na rannpháirtithe le ráitis lenar cuireadh curaclam 1999 i gcomparáid leis an dréacht de CMB**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| | |
|---|---|
| Comparison between the current and draft new curriculum | Comparáid idir an curaclam reatha agus an dréachtchuraclam nua |
| The draft curriculum has the same depth and breath as the 1999 curriculum | Tá an fhairsinge agus an doimhneacht chéanna sa dréachtchuraclam agus i gcuraclam 1999. |
| Compared to the 1999 curriculum, the draft curriculum allows for more flexibility in adjusting teaching approaches to children's needs. | I gcomparáid le curaclam 1999, ceadaíonn an dréachtchuraclam níos mó solúbthachta ó thaobh cur chuige teagaisc a chur in oiriúint do riachtanais páistí. |
| Compared to the 1999 curriculum, the draft curriculum is more easily accessible to most children. | I gcomparáid le curaclam 1999, tá an dréachtchuraclam níos oiriúnaí don chuid is mó de pháistí. |
| The draft curriculum is less content heavy compared to the 1999 curriculum. | Níl an oiread sin ábhair sa dréachtchuraclam agus atá i gcuraclam 1999. |

| | |
|---|---|
| Compared to the 1999 curriculum, the draft curriculum has a greater emphasis on using active teaching approaches. | I gcomparáid le curaclam 1999, tá níos mó béime ar chur chuige gníomhach teagaisc a úsáid sa dréachtchuraclam. |
| Compared to the 1999 curriculum, the draft curriculum has a greater emphasis on active learning. | I gcomparáid le curaclam 1999, tá níos mó béime ar fhoghlaim ghníomhach sa dréachtchuraclam. |
| Strongly agree | Aontaím go láidir |
| Agree | Aontaím |
| Disagree | Easaontaím |
| Strongly disagree | Easaontaím go láidir |
| Don't know | Níl a fhios agam |

Léirítear i bhFíor 45 na freagraí a fuarthas i ndáil leis na sé ráiteas lenar cuireadh an curaclam reatha i gcomparáid leis an dréachtchuraclam nua. Chuir 63% de na rannpháirtithe in iúl gur aontaigh siad go láidir nó gur aontaigh siad go bhfuil an fhairsinge agus an doimhneacht chéanna sa dréachtchuraclam agus i gcuraclam 1999 agus léirigh 37% de na rannpháirtithe gur easaontaigh siad leis an tuairim sin. Chuir 85% de na freagróirí in iúl gur aontaigh siad go gceadaíonn an dréachtchuraclam nua níos mó solúbthachta ó thaobh cur chuige teagaisc a chur in oiriúint do riachtanais páistí agus léirigh 12% díobh nár aontaigh siad leis an ráiteas sin. Maidir lena bheith oiriúnach do pháistí, bhraith 72% de na rannpháirtithe go bhfuil an dréachtchuraclam nua níos oiriúnaí agus d'easaontaigh 16 díobh leis an tuairim sin. Chuir 53% de na freagróirí in iúl gur aontaigh siad leis an ráiteas 'Níl an oiread sin ábhair sa dréachtchuraclam agus atá i gcuraclam 1999', agus d'easaontaigh 41% de na freagróirí leis sin. Maidir leis an ráiteas faoi chur chuige gníomhach teagaisc, d'aontaigh 79% de na freagróirí go bhfuil béim mhór air sin sa dréachtchuraclam nua agus d'easaontaigh 18% díobh leis an tuairim sin. Deirtear sa ráiteas deireanach go bhfuil níos mó béime ar fhoghlaim ghníomhach sa dréachtchuraclam. Chuir 75% de na freagróirí in iúl gur aontaigh siad leis an ráiteas sin agus léirigh 22% de na freagróirí gur easaontaigh siad leis an ráiteas.

**Fíor 46: Machnamh deiridh ar an bpróiseas comhairliúcháin**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| Final reflection | Machnamh deireanach |
|---|---|
| I feel less at ease with the changes introduced in the new curriculum | Tá mé níos míshuaimhní leis na hathruithe atá beartaithe leis an gcuraclam nua. |
| I have a better understanding of the key messages and intentions underpinning the curriculum | Tá tuiscint níos fearr agam ar na príomhtheachtaireachtaí agus ar na príomhrúin ar a mbunaítear an curaclam. |
| I am confident that the curriculum will have a positive impact in the classroom | Tá mé muiníneach go mbeidh tionchar dearfach ag an gcuraclam sa seomra ranga. |
| I am less confident that I would be able to enact the new curriculum in the classroom | Níl mé chomh muiníneach céanna go mbeidh mé in ann an curaclam nua a chur chun feidhme sa seomra ranga. |
| Strongly agree | Aontaím go láidir |
| Agree | Aontaím |
| Disagree | Easaontaím |
| Strongly disagree | Easaontaím go láidir |
| Don't know | Níl a fhios agam |

Díríodh na ceisteanna deireanacha ar mhachnamh deiridh na rannpháirtithe ar an dréachtchuraclam nua. Chuir 71% de na rannpháirtithe in iúl gur easaontaigh siad leis an ráiteas go bhfuil siad níos míshuaimhní leis na hathruithe atá beartaithe, agus léirigh 77% gur easaontaigh siad leis an ráiteas nach bhfuil siad chomh muiníneach céanna go mbeidh siad in ann CMB nua a chur chun feidhme. Toradh tábhachtach is ea gur aontaigh 97% de na rannpháirtithe go bhfuil tuiscint níos fearr acu anois ar na príomhtheachtaireachtaí agus ar na príomhrúin ar an mbunaítear an curaclam nua, rud a léirítear sa chuid roimhe seo i ndáil leis an gcur i láthair agus an struchtúr. Chreid 70% de na rannpháirtithe go mbeadh tionchar dearfach ag CMB bua ar fhoghlaim na bpáistí, d'easaontaigh 6% díobh leis an tuairim seo agus ní raibh 23% de na rannpháirtithe cinnte faoi.

### Comparáid leis an gceistneoir ar líne

Ach comparáid a dhéanamh idir na freagraí a shonraítear thuas agus na freagraí ón gceistneoir ar líne, feictear go bhfuil roinnt difríochtaí suntasacha ann. Chuir 88% de na múinteoirí agus na príomhoidí sa líonra scoileanna in iúl gur cheap siad go gcuireann an tsonraíocht fís shoiléir in iúl i dtaca le ról na matamaitice i saol na bpáistí, ach níor aontaigh ach 50% de na rannpháirtithe a rinne an suirbhé ar líne leis an tuairim sin. Nuair a iarradh orthu cé mhéad a chabhródh an dréachtchuraclam leis an oilteacht a fhorbairt sa mhatamaitic, chuir 94% de na freagróirí sa líonra scoileanna in iúl gur aontaigh siad go láidir nó gur aontaigh siad. Ach i gcomparáid leis sin, níor aontaigh ach 42% de na rannpháirtithe a rinne an suirbhé ar líne leis an tuairim sin. Bhí éagsúlacht le sonrú freisin sna torthaí i ndáil lena shoiléire atá an cur síos a dhéantar ar an bhfoghlaim sna Torthaí Foghlama. Léiríodh sa cheistneoir ar líne gur cheap 60% agus 61% de na freagróirí nach raibh an fhoghlaim róshoiléir do Chéim 1 (naíonáin bheaga agus naíonáin mhóra) agus do Chéim 2 (rang a haon agus rang a dó) faoi seach. Léirigh na torthaí comhfhreagracha ón gceistneoir a scaipeadh ar an líonra scoileanna figiúirí i bhfad níos lú do na ceisteanna céanna, i.e., 19% agus 16%. Anuas air sin, nuair a cuireadh ceist ar na rannpháirtithe faoina mhuiníní agus a bheidís agus iad ag úsáid na dTorthaí Foghlama, chuir 89% de na freagróirí ón líonra scoileanna in iúl go mbeidís an-mhuiníneach nó sách muiníneach, ach 40% de na freagróirí ar an gceistneoir ar líne a chuir in iúl go mbeidís muiníneach. Maidir leis an ráiteas 'Cuimsíonn an dréachtchuraclam gach dalta', léirigh 53% de na freagraí a fuarthas ar líne gur aontaigh na freagróirí leis an tuairim sin, ach chuir 84% de na freagróirí ar an gceistneoir a tugadh don líonra scoileanna in iúl gur aontaigh siad leis an ráiteas. D'fhéadfadh sé gurbh í an difríocht ba shuntasaí a tháinig chun cinn an difríocht a bhí le sonrú maidir leis an ráiteas 'Tá an réasúnaíocht atá le Curaclam Matamaitice na Bunscoile a athrú soiléir' mar gur chuir 17% de na freagróirí ar líne in iúl gur aontaigh siad go láidir nó gur aontaigh siad leis an tuairim sin, ach bhí méadú suntasach air sin i gcás na bhfreagróirí ón líonra scoileanna, agus 74% díobh ag aontú leis an tuairim sin.

Bhí figiúirí ó na ceistneoirí i ndáil le ceisteanna eile ní ba chosúla lena chéile, lena n-áirítear na ráitis i ndáil lena shoiléire atá an teanga sa tsonraíocht. D'aontaigh 88% de na freagróirí ón líonra scoileanna go dteastaíonn tuilleadh soiléire ón teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na haidhmeanna agus chuir 76% de na freagróirí ar an gceistneoir ar líne in iúl gur aontaigh siad leis an tuairim sin. D'aontaigh 69% de na freagróirí ón líonra scoileanna go dteastaíonn tuilleadh soiléire ón teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na gnéithe agus chuir 76% de na freagróirí ar an gceistneoir ar líne in iúl gur aontaigh siad leis an tuairim sin. Bhí an-chosúlacht ann maidir leis an ráiteas i ndáil lena shoiléire atá an teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na Contanaim Dul chun Cinn, mar nár aontaigh ach 28% de na freagróirí ón líonra scoileanna agus 25% de na freagróirí ar an gceistneoir ar líne leis an ráiteas go bhfuil an teanga soiléir, agus léirigh 72% agus 71% faoi seach gur easaontaigh siad leis an ráiteas. Anuas air sin, nuair a cuireadh an ráiteas 'Níl eispéiris spraíúla foghlama feiliúnach d'fhoghlaim na bpáistí ag Céim 2' faoi bhráid na bhfreagróirí ón líonra scoileanna, léirigh 91% díobh nár aontaigh siad leis an tuairim sin, agus léirigh 73% de na freagróirí ar an gceistneoir ar líne nár aontaigh siad leis an ráiteas ach an oiread.

## Tacaíochtaí

Cuirtear i láthair sa chuid seo na torthaí a bailíodh ón líonra scoileanna i ndáil le tacaíochtaí. Chun críocha cur i láthair, cuirtear na sonraí i láthair faoi thrí theideal: pleanáil, tacaíochtaí curaclaim agus tacaíochtaí nach mbaineann leis an gcuraclaim.

### Pleanáil

Tháinig sé chun solais le linn an chomhairliúcháin go raibh an phleanáil ina hábhar imní do mhúinteoirí. Bhraith múinteoirí ag an tús go raibh an próiseas pleanála *an-chiotach* agus *fadálach*. Léirigh múinteoirí go raibh imní orthu faoin méid páipéarachais a bheadh i gceist leis an bpleanáil agus leis an gcuraclam nua. Rinne múinteoirí áirithe comparáid idir na forbairtí nua agus córas Shasana mar a bhfuil *múinteoirí ag imeacht ón ngairm tiubh te mar gheall ar an bpáipéarachas* agus chuir siad in iúl arís *nár mhaith leo go mbeadh a leithéid i gceist anseo in Éirinn.* Chuir múinteoirí amháin in iúl *dá mbeadh orainn gach a bhfuil ar bun againn faoi láthair a scríobh síos, bheadh an-chuid páipéarachais ag baint leis agus ní bheadh mórán ama againn chun acmhainní a ullmhú.* Chuir múinteoirí áirithe in iúl *gur thóg sé an-chuid ama go deo orthu nuair a rinne siad iarracht liosta a dhéanamh de na céimeanna ar fad ó na Contanaim Dul chun Cinn a úsáideadh in obair seachtaine agus nach bhféadfaí a leithéid a dhéanamh go fadtéarmach. Bhí roinnt leathanach sa phlean agus bhí sé an-chasta.* Tháinig ceisteanna chun cinn freisin maidir leis *an rud a bhí le cur isteach sna*

*pleananna don churaclam nua.* *Ní raibh* múinteoirí áirithe *cinnte faoi méid a bhí ag teastáil sna pleananna coicíse agus sa chuntas míosúil.* Agus é ag tagairt go sonrach do na mórchéimeanna, chuir múinteoir amháin an cheist *dá mbeadh formhór an ranga ag foghlaim ó mhórchéim d agus dá mbeadh páistí eile ag c nó e, an gá na Torthaí Foghlama agus na céimeanna a scríobh amach dóibh ar fad?* Chuir múinteoir eile an cheist, *i gcás an tseomra ranga atá dírithe go mór ar an spraoi, feicimid go mbítear ag díriú ar ábhair éagsúla san am céanna, fiú in aon cheacht amháin, ach conas is féidir sin a léiriú ar an bplean?*

D'aithin na scoileanna ar fad go mbeadh deis ann leis an bhforbairt ar an gcuraclam breathnú ar an gcaoi a ndéantar an phleanáil. Rinne múinteoirí machnamh ar an gcleachtas reatha pleanála agus chuir siad in iúl nach raibh roinnt den ábhar a chuirtear sna pleananna *úsáideach don teagasc agus don fhoghlaim.* I bhfianaise an méid sin, moladh do scoileanna teimpléad pleanála dá gcuid féin a fhorbairt a bheadh feiliúnach don scoil sin dar leo. D'iarr siad go gcuirfí teimpléad pleanála atá éasca le húsáid agus praiticiúil do mhúinteoirí ar fáil. *Tá uirlisí úsáide pleanála ar líne ag teastáil go géar uainn don mhata. Ní mór go mbeadh sé éasca le húsáid agus go laghdódh sé an méid ama a chaitheann múinteoirí ag pleanáil.* Dúirt múinteoir amháin *gur mhaith leis gach rud a fheiceáil ar aon scáileán amháin le go mbeadh sé in ann cliceáil ar an aidhm, gné nó toradh foghlama ábhartha.* Mhol múinteoir amháin *go laghdódh uirlisí úsáide pleanála cearta an imní atá ar mhúinteoirí maidir leis an gcuraclam nua matamaitice agus teanga.* Chuir scoileanna moltaí chun cinn maidir le huirlisí úsáide pleanála ar líne a bheadh éasca le húsáid. Ar mhaithe lena chinntiú go mbeadh sé éasca le húsáid, moladh *go mbeadh múinteoirí in ann cliceáil ar na Torthaí Foghlama nó ar an bhFoghlaim ábhartha agus go gcuirfí isteach sa doiciméad pleanála go huathoibríoch iad.*

Tháinig an chruthaitheacht chun cinn mar ghné thábhachtach den phleanáil freisin. Bhí neamhspleáchas ní ba mhó ag teastáil ó mhúinteoirí áirithe chun an phleanáil a chur in oiriúint don chomhthéacs ina bhfuil siad, agus d'fhiafraigh duine amháin an bhféadfaí *meabhairmhapa den phleanáil a tharraingt nó eagraí grafach a úsáid chun an cuimsiú a léiriú?* Labhair múinteoirí faoin gcaor a dtarlaíonn imeachtaí nach mbítear ag súil leo sa phleanáil agus seachas neamhaird a dhéanamh ar na deiseanna sin, gur cheart go mbeadh an deis acu athrú a chur ar an bpleanáil chun iad a chuimsiú inti.

### Tacaíochtaí curaclaim

Leag a lán scoileanna béim ar a thábhachtaí agus a bheadh uirlisí úsáide maithe. Luaigh roinnt scoileanna *an chaoi a mbítear ag brath ar théacsleabhair an iomarca* agus chonaic siad go raibh deis ann leis an gcuraclam nua *imeacht ó na téacsleabhair le nach mbeidís ag stiúradh an teagaisc agus na foghlama.* D'fhonn sin a bhaint amach, bhraith a lán múinteoirí *nár mhór go mbeadh acmhainní maithe sna huirlisí úsáide faoi cheangal, mar go bhfillfeadh múinteoirí ar na téacsleabhair mura*

*mbeadh a leithéid ar fáil.*

D'iarr na scoileanna go soiléir go mbeadh *gníomhaíochtaí agus tascanna foghlama* mar chuid den ábhar tacaíochta a chuirfí ar fáil. Tháinig sé chun cinn gur mhaith le scoileanna go ndéanfaí na tacaíochtaí a nascadh leis na mionchéimeanna dul chun cinn agus d'iarr múinteoirí *go dtabharfaí samplaí den chaoi arbh fhéidir seo a dhéanamh sa seomra ranga.* D'iarr scoil eile go gcuirfí *samplaí de thascanna saibhre ar fáil mar go bhfuil tuiscintí éagsúla ann ar a bhfuil i gceist leis sin.* Cuireadh in iúl go mbeadh sé tábhachtach go mbeadh samplaí de *thascanna le tairseach íseal agus síleáil ard* sna huirlisí úsáide, agus go gcuirfí *samplaí den fhoghlaim a mbeadh gach páiste in ann a dhéanamh* ar fáil freisin.

Leag scoileanna béim air go raibh tacaíocht de dhíth i réimse an spraoi agus i réimse na foghlama spraíúla. Cuireadh in iúl go bhfuil *an fócas seo fós nua go leor do scoileanna* agus d'iarr múinteoirí go gcuirfí samplaí den fhoghlaim spraíúil ar fáil agus go gcuirfí eiseamláirí de naisc idir *Aistear* agus an curaclam nua matamaitice ar fáil freisin.

Maidir le RSO, rinne scoileanna moltaí i dtaobh tacaíochtaí breise. Iarradh go ndéanfaí mórchéim a a bhriseadh síos a thuilleadh agus mhol múinteoirí áirithe go bhféadfaí a leithéid a bhaint amach leis an ábhar tacaíochta. Rinne múinteoirí tagairt don ábhar tacaíochta *Bealaí RSO* don churaclam nua teanga. Bhraith roinnt múinteoirí go mbeadh a leithéid úsáideadh i gcomhthéacs na matamaitice *ach é a bheith feiliúnach don mhata* agus bhraith múinteoirí eile *nach raibh sé sonrach go leor mar atá sé anois.* Leag múinteoirí béim ar a thábhachtaí atá *na Treoirlínte Ginearálta um Míchumas Foghlama* agus ar a lárnaí atá siad sa chleachtas anois. Mheas siad go mbeadh *tacaíochtaí nua de dhíth* dá mbeifí chun imeacht uathu. Chuir múinteoirí in iúl *go mbeadh treoirlínte i ndáil le dianriachtanais agus riachtanais mheasartha a bheadh in oiriúint don churaclam nua de dhíth.* Mhol múinteoirí ó thimpeallachtaí RSO go gcuirfí spriocanna samplacha a chuirfí i bplean sainiúil oideachais san ábhar tacaíochta. Bheadh na spriocanna seo *ní ba shonraí ná an méid atá sa tsonraíocht cheana.* D'iarr roinnt múinteoirí go gcuirfí treoir nó tacaíocht ar leith ar fáil maidir le páistí a bhfuil an Béarla acu mar theanga bhreise, agus luaigh daoine eile nár mhór tacaíocht a chur ar fáil chun freastal a dhéanamh ar riachtanais an pháiste thréithigh.

D'iarr roinnt scoileanna go gcuirfí níos mó tacaíochta ar fáil i ndáil le modheolaíochtaí. Braith na scoileanna seo go dtugtar deis iontach do mhúinteoirí leis an gcuraclam seo *machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a múintear an mhatamaitic agus tugtar deis dóibh freisin eispéireas dearfach foghlama a chur ar fáil do pháistí.* Thug na scoileanna aiseolas dearfach i dtaobh na meitichleachtais a pléadh ag na seimineáir agus chuir siad in iúl gur mhaith leo go gcuirfí ábhar tacaíochta ar fáil chun *na modheolaíochtaí nua seo agus na bealaí nua seo chun breathnú ar an matamaitic a chur chun cinn.*

Dúirt múinteoir amháin *nach raibh ann ach an gcaoi a ndéantar éascú ar an bhfoghlaim do na páistí, tá na ceisteanna a chuireann tú orthu an-tábhachtach agus mar sin, tá ábhar tacaíochta de dhíth orainn ina bhfuil na ceisteanna agus na modhanna ceistiúcháin seo.* Maidir leis an réimse seo, luaigh múinteoirí freisin gur mhaith leo go gcuirfí teanga agus samplaí ar fáil dóibh le go mbeidís in ann an mata a léiriú ar bhealach dearfach do pháistí. D'fhéadfaí *comhráite samplacha nó smaointe a léiríonn an mata mar ábhar úsáideach spéisiúil* a chur ar fáil chun sin a dhéanamh.

Rinne scoil amháin cur síos ar an taithí a bhí acu ar an mbuíonteagasc agus chuir sí in iúl gur mhaith léi go gcuirfí tacaíochtaí ar fáil chun scoileanna eile a spreagadh: *Chuamar i muinín an bhuíonteagaisc sa mhata agus chuaigh sé go mór chun leas na scoile. Thosaíomar le rang amháin agus chuireamar leis ina dhiaidh sin. Ní mór tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna le go mbeidh siad in ann a leithéid a chur ar bun.*

D'iarr scoileanna go bhforbrófaí ábhar tacaíochta sonrach maidir leis an bhfoclóir matamaiticiúil a bheadh le húsáid le gach lipéad toraidh foghlama. Bhraith múinteoirí go gcuirfeadh tacaíochtaí dá leithéid *béim ar a thábhachtaí atá an gcaint mhata agus go gcuirfeadh na scoileanna uile fáilte rompu.* D'iarr múinteoirí atá ag múineadh i nGaelscoileanna go mbeadh *teanga mhata* ann.

Leag múinteoirí béim ar a thábhachtaí agus a bheadh sé go gcuirfí acmhainní ar fail i ndáil le réimse na luathghníomhaíochtaí matamaiticiúla. Mhol siad go raibh a leithéid de dhíth *chun aitheantas a thabhairt don thábhacht a bhaineann leo mar thúsphointe criticiúil san oideachas matamaiticiúil.*

Maidir leis an gcuimsiú, chuir scoileanna áirithe in iúl go raibh díomá orthu nach raibh aon smaointe soiléire i ndáil leis an gcuimsiú sa tsonraíocht. D'iarr múinteoirí go gcuirfí a leithéid ar fáil sa tsonraíocht nó sna huirlisí úsáide a ghabhann léi, agus dúirt siad *go raibh smaointe láidre i ndáil leis an gcuimsiú de dhíth má táthar ag súil go n-imeoidh an t-ábhar ón gcóras dolúbtha.* Chuir múinteoirí in iúl go bhféadfaí eiseamláirí den obair tionscnaimh a chur ar fáil mar spreagadh de mhúinteoirí a bheith ag múineadh ar bhealach cuimsitheach. Bhraith scoileanna nár mhór béim a leagan ar an ngaol idir an mhatamaitic agus ábhair eile. Rachadh sé chun sochair do na múinteoirí agus do na páistí dá bhfeicfidís *roinnt feidhmeanna atá ag an matamaitic lasmuigh den seomra ranga matamaitice.* Cheap scoil eile go raibh deis ann leis an gcuimsiú na naisc leis na hábhair STEM a neartú a thuilleadh.

Iarradh go gcuirfí ábhar tacaíochta i ndáil leis an bhfadhbréiteach ar fáil mar gur chuir scoileanna in iúl go raibh sé deacair teacht ar acmhainní sa réimse sin. Dúirt múinteoirí *mar gheall go n-insítear dúinn sa tsonraíocht fadhbanna a réiteach, ba cheart cineálacha éagsúla fadhbanna agus straitéisí is féidir linn a úsáid leis na páistí a chur ar fáil san ábhar tacaíochta.* Iarradh go gcuirfí *samplaí d'fhadhbanna bunaithe ar fhocail ar fáil do gach mórchéim*, go gcuirfí *samplaí den fhadhbréiteach*

*nach bhfuil bunaithe ar fhocail ar fáil* agus go gcuirfí *na céimeanna den fhadhbréiteach ar fáil freisin.* Braith scoileanna dá gcuirfí *tacar de shamplaí* a raibh réitigh agus straitéisí ag gabháil leo go gcabhródh sé leo an fadhbréiteach a chur chun cinn sa seomra ranga. D'fhéadfaí a léiriú leis seo *an chaoi arbh fhéidir fadhbanna a úsáid chun cuimsiú a dhéanamh le hábhair éagsúla.*

D'iarr formhór na scoileanna go gcuirfí ábhar tacaíochta i ndáil leis an measúnú ar fáil. Chuir múinteoirí in iúl gur fadhb í nach bhfuil aon treoirlínte measúnaithe sa tsonraíocht nua. D'iarr siad go gcuirfí tacaíochtaí ar fáil *go háirithe i réimse an mheasúnaithe fhoirmithigh.* Chuir scoil amháin iúl *gur chuid ríthábhachtach den phróiseas foghlama go mbeadh tuiscint ag na múinteoirí agus ag na daltaí ar an measúnú agus ar ról an aiseolais.*

Mhol scoileanna áirithe go mbeadh liosta d'ábhair nithiúla úsáideach. Thabharfadh *liosta de na hacmhainní a bheadh de dhíth chun an curaclam a chur chun feidhme de réir an tsnáithe* tuairim do scoileanna faoi na hábhair a bheadh de dhíth orthu. Luaigh múinteoirí go mbeadh a leithéid de liosta an-úsáideach do scoileanna a bunaíodh le deireanas.

Luaigh scoileanna freisin go mbeadh ábhar tacaíochta de dhíth ar thuismitheoirí. Chuir siad in iúl go raibh *tábhacht as cuimse* leis an nasc idir an baile agus an scoil. Áirítear leis na moltaí a fuarthas cluichí, gníomhaíochtaí baile, rainn agus rainn comhairimh do pháistí. D'iarr scoileanna freisin go ndéanfaí ábhar a ullmhú chun eolas a thabhairt do thuismitheoirí ar an gcuraclam nua, lena n-áirítear achoimre ar an athrú a bheidh i gceist le béim a leagan ar an gcaoi is fearr do pháistí an mhatamaitic a fhoghlaim.

Maidir le teachtaireachtaí láidre a chur amach mar a luadh ní ba luaithe sa chaibidil seo, bhraith scoileanna go mbeadh ábhar tacaíochta maidir leis an gcuraclam nua a úsáid agus Torthaí Foghlama a bhaint amach úsáideach do mhúinteoirí.

Rinne roinnt scoileanna cur síos ar smaoineamh a bhí acu go gcruthófaí tacar lárnach do na hacmhainní i dtaca leis an gcuraclam nua matamaitice. D'fhéadfaí *fóram ar líne a chur ann le go mbeadh múinteoirí in ann teagmháil a dhéanamh lena chéile agus eispéiris agus cleachtais a roinnt.* Chuir múinteoirí in iúl gurbh fhearr leo go mbeadh pointe lárnach amháin ann *seachas a bheith ag cuardach suíomhanna éagsúla gréasáin chun t-ábhar cuí a fháil.* Chuir múinteoirí in iúl gur cheap siad go gcabhródh sé leis an gcuraclam nua matamaitice a chur chun cinn dá gcuirfí suíomh gréasáin ar leith ar fáil *mar go mbeadh gach rud i ndáil leis an matamaitic sa bhunscoil ar fáil ann, amhail an suíomh gréasáin don tionscnamh mata* ag an dara leibhéal.

Le linn an chruinnithe dheireanaigh den líonra scoileanna, rinne scoileanna cur síos ar ábhar tacaíochta a bheadh feiliúnach don lipéad toraidh foghlama Luachionad. Roghnaigh na scoileanna féin an réimse áirithe seo mar gur bhraith siad go mbíonn deacrachtaí ag baint leis an ábhar seo a

mhúineadh agus a fhoghlaim.

Mhol na scoileanna deich bpríomhréimse don ábhar tacaíochta:

- Teanga na matamaitice atá le húsáid (nasctha leis na Contanaim Dul chun Cinn)
- Luathghníomhaíochtaí matamaitice agus coincheapa
- Gníomhaíochtaí idirghníomhacha agus moltaí d’acmhainní nithiúla.
- Samplaí de cheisteanna ó mhúinteoirí
- Gníomhaíochtaí fadhbréitigh
- Samplaí den mheasúnú foirmitheach sa réimse seo
- Bileog eolais do thuismitheoirí
- Físeáin ina dtugtar samplaí de mhíthuiscintí coitianta
- Rainn agus amhráin
- Pleananna ceachta samplacha

Agus plé ginearálta á dhéanamh ar an leagan amach a bheadh ar ábhar tacaíochta, chuir scoileanna áirithe in iúl gur mhaith leo go n-úsáidfí ardáin éagsúla lena n-áirítear físeáin, podchraoltaí, doiciméid arbh fhéidir a íoslódáil agus liostaí idirghníomhacha ar líne. Chuir múinteoir amháin in iúl *go bhfuil na físeáin atá ar fáil cheana ar shuíomh gréasáin CNCM an-chabhrach agus ba cheart físeáin eile dá leithéid a dhéanamh do mhúinteoirí ina ndírítear ar na príomhghnéithe den fhoghlaim.* Cheap scoileanna go mbeadh ceangal ní ba mhó idir an tsonraíocht agus an t-ábhar tacaíochta dá mbeadh spás ar líne ann agus go bhféadfaí an t-úsáideoir a thabhairt go díreach chuig na tacaíochtaí a bhaineann le réimse foghlama ar leith. Chuir múinteoirí i nGaelscoileanna in iúl gur mhaith leo go bhfoilseofaí an t-ábhar i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.

# Eile

## An próiseas comhairliúcháin

Le linn an phróisis comhairliúcháin, leagadh béim ar a thábhachtaí atá meon na múinteoirí agus ar na dúshláin a bhaineann leis an meon sin a athrú  Ag an gcruinniú deireanach, rinne múinteoirí gníomhaíocht mhachnamhach ina ndearna siad comparáid, go bunúsuach, idir na tuairimí a bhí acu ag tús an phróisis comhairliúcháin agus ag a dheireadh.

**Tábla 7: An chomparáid a rinne na rannpháirtithe ón líonra scoileanna idir na tuairimí a bhí acu ag tús an phróisis comhairliúcháin agus ag a dheireadh**

| Rannpháirtí | Tús | Deireadh |
|---|---|---|
| 1 | Scanraithe | Ag dul i dtaithí air |
| 2 | Trí chéile | Dearfach |
| 3 | Trí chéile | Ar an eolas |
| 4 | Suim san ábhar | Muiníneach |
| 5 | Faoi bhrú | Faoiseamh |
| 6 | Imní | Dóchasach |
| 7 | Frustrachas | Cumasaithe |
| 8 | Trí chéile | Ag súil leis |
| 9 | Fiosrach | Suim san ábhar |
| 10 | Trí chéile | Soiléir |
| 11 | Díomách | Muiníneach |
| 12 | Míshásta | Ag súil leis |
| 13 | Trí chéile | Níos suaimhní |
| 14 | Frustrachas | Spreagtha |
| 15 | Eagla mhór | Spreagtha |
| 16 | Caillte | Léargas faighte |
| 17 | Caillte | Ar an eolas |
| 18 | Scanraithe | Suim san ábhar |
| 19 | Faoi bhrú | Eagla (cur chun feidhme) |
| 20 | Faoi bhrú | Ag súil leis |
| 21 | Imníoch | Soiléir |
| 22 | Scanraithe | Compordach |
| 23 | Neamhchinnte | Dóchasach |
| 24 | Faoi bhrú | Compordach |

Chuir rannpháirtithe leis na freagraí a thug siad agus d'admhaigh múinteoir amháin *gur tháinig athrú ar an tuiscint traidisiúnta a bhí aige ar an mata* le linn an phróisis comhairliúcháin agus nuair agus nuair a chuimhnítear ar an todhchaí atá amach romhainn, níor mhór go mbeadh páistí ní ba chruthaithí agus go mbeidís in ann fadhbanna a réiteach, *níor mhór go mbeidís in ann oiriúnú agus athrú.* Luaigh siad gur féidir *na scileanna ar cuireadh béim orthu go traidisiúnta a úsáid sna*

*gníomhaíochtaí oscailte agus sna tascanna comhuaineacha.* Rinne múinteoir eile machnamh *ar a bhfaca siad sna páistí sa seomra ranga* agus ar an gcaoi *ar athraigh sin mar aon leis an bpróiseas comhairliúcháin* na tuairimí a bhí acu. I gcás múinteora eile, *dúirt sé gur éirigh sé ní b'éasca dó é an úsáid agus a thuiscint tar éis tamaill nuair a chuaigh sé i dtaithí ar an athrú agus nuair a bhí sé soiléir faoi ról na gContanam Dul chun Cinn.*

Nuair a rinne múinteoirí machnamh ar na tuairimí a bhí acu ar an tsonraíocht ar dtús, cheap roinnt mhaith acu go raibh drogall orthu ina leith mar gheall ar an taithí a bhí acu ar an gcuraclam nua teanga. Chuir siad in iúl go raibh *drochthaithí acu go dtí seo leis an gcuraclam teanga agus nuair a chonaic siad go raibh struchtúr dá leithéid beartaithe don mhatamaitic freisin, nár thaitin sé leo ón dtús.*

Agus machnamh á dhéanamh ar an bpróiseas comhairliúcháin, chuir múinteoirí in iúl gur chúis sásaimh dóibh a bheith ag oibriú le scoileanna eile. Chuir múinteoirí in iúl gur cheap siad *gur phróiseas oscailte macánta a bhí ann.* Luaigh príomhoide amháin *go ndeachaigh an próiseas go mór chun tairbhe don fhoireann.* Cheap siad gur thug an próiseas comhairliúcháin deis dóibh *plé domhain gairmiúil a dhéanamh faoin matamaitic a theagasc agus a fhoghlaim.* Léirítear i bhFíor 47 tuairimí na múinteoirí agus na bpríomhoidí a léiríodh sa cheistneoir deiridh a tugadh don líonra scoileanna. Léiríonn na sonraí go raibh rannpháirtíocht dearfach leis an bpróiseas. Mar shampla, d'aontaigh 91% de na rannpháirtithe gur thaitin sé leo páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán agus bhraith 95% gur chuidigh siad leis an obair a bhaineann le curaclam a fhorbairt.

Is fiú a lua gur chuir roinnt scoileanna in iúl go raibh díomá orthu nár cuireadh ábhar tacaíochta ar fáil don phróiseas comhairliúcháin. Dúirt múinteoir amháin go raibh díomá air *nach raibh cuid den ábhar tacaíochta réidh don phróiseas comhairliúcháin, go háirithe mar go bhfuil an chuma ar an scéal gur cuid an-tábhachtach den churaclam nua a bheidh ann.* Chuir múinteoirí áirithe in iúl go raibh díomá orthu nach raibh siad páirteach sa phróiseas i ndáil le curaclam a fhorbairt níos luaithe agus chuir siad in iúl gurbh fhearr leo a bheith páirteach ann ón dtús.

**Fíor 47: Taithí ar an bpróiseas comhairliúcháin**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| | |
|---|---|
| Experience of consultation process | Taithí ar an bpróiseas comhairliúcháin |
| I enjoyed participating in the school network consultation | Bhain mé taitneamh as páirt a ghlacadh sa comhairliúchán leis an líonra scoileanna. |
| I feel that I have made a contribution to the work of curriculum development | Braithim gur chabhraigh mé leis an obair i ndáil le curaclam a fhorbairt. |
| The NCCA provided appropriate imput to allow me to contribute informed feedback | Chuir CNCM ionchur ábhartha ar fáil dom le go mbeinn in ann aiseolas eolach a thabhairt. |
| The school network meetings in Athlone were useful | Bhí na cruinnithe den líonra scoileanna i mBaile Átha Luain úsáideach. |
| The school visits by NCCA staff were useful | Bhí na cuairteanna a thug foireann CNCM ar an scoil úsáideach. |
| I feel my views and opinions were listened to | Braithim gur tugadh cluas éisteachta do na tuairimí atá agam. |
| The NCCA values the voice of schools and teachers in developing curriculum | Tá meas ag CNCM ar thuairimí múinteoirí agus scoileanna maidir leis an gcuraclam a fhorbairt. |
| Strongly agree | Aontaím go láidir |

| | |
|---|---|
| Agree | Aontaím |
| Disagree | Easaontaím |
| Strongly disagree | Easaontaím go láidir |
| Don't know | Níl a fhios agam |

**Ceisteanna gaolmhara**

Le linn an phróisis comhairliúcháin, bailíodh sonraí nach mbaineann le sainchúram CNCM. Bhí cuid den aiseolas seo a thug na scoileanna i ndáil le tacaíochtaí nár bhain le tacaíochtaí curaclaim agus mar sin, léirítear san fho-roinn seo é.

D'iarr scoileanna go gcuirfí ní ba mhó acmhainní fisiciúla ar fáil le go mbeidís ann chun CMB nua a chur chun feidhme. Leag scoileanna béim ar an ngá a bheadh le hacmhainní dá leithéid i bhfianaise na tábhachta a bhainfidh le heispéiris spraíúla foghlama. Chuir sin in iúl *gur mhaith leo maoiniú a fháil chun acmhainní nua a fháil nó go ndéanfadh ROS 'tacar' trealaimh don mhatamaitic agus go dtabharfaí ceann do gach scoil.*

D'iarr scoileanna freisin go laghdófar líon daltaí sna ranganna *chun éascú a dhéanamh ar na heispéiris nua foghlama, mar a shonraítear sa dréachtchuraclam.* Luaigh scoileanna eile go raibh cúntóirí teagaisc de dhíth mar atá ann i ndlínsí i ngiorracht dúinn.

Leag múinteoirí béim air go mbeidh oiliúint nua inseirbhíse i ndáil leis an gcuraclam nua de dhíth. Mhol scoileanna go gcuirfí cúrsa seachtaine ar fáil d'ionadaithe ó na scoileanna. Thabharfadh a leithéid *deis do rannpháirtithe eolas cuimsitheach a chur ar na hathruithe agus bheadh siad in ann na hathruithe a chur in iúl don chuid eile den fhoireann*. Leag siad béim air freisin nár mhór leanúint den oiliúint ar Aistear a chur ar fáil, go háirithe cúrsaí a mbeadh sé mar aidhm leo Aistear a thabhairt le chéile leis an matamaitic.

Leag múinteoirí béim air go mbeadh am de dhíth orthu chun an curaclam nua a chur chun feidhme amach anseo. D'iarr scoileanna go dtabharfaí bliain dóibh chun *plé a dhéanamh leis an bhfoireann.* D'iarr siad freisin go gcuirfí ardán do phobal gairmiúil foghlama ar fáil agus an curaclam á chur chun feidhme agus ina dhiaidh sin, *mar a mbeadh múinteoirí in ann teacht le cheile agus labhairt le daoine gairmiúla eile taobh amuigh dá scoil féin.* Leag scoileanna béim ar na buntáistí a bheadh ag gabháil le struchtúr dá leithéid mar go mbeadh *an deis an múinteoirí eispéiris dhearfacha agus réitigh a roinnt lena chéile mar aon le deacrachtaí a réiteach.*

D'iarr scoileanna áirithe go gcuirfeadh RSO laethanta ar leataobh don phleanáil. Ar an ábhar seo, d'iarr siad go gcuirfí *éascaitheoirí tacaíochta ar fáil chun cuairt a thabhairt ar an scoil agus díriú ar an bpleanáil go sonrach.*

Leag scoileanna béim ar a thábhachtaí agus a bheidh sé go mbeidh ceangal láidir idir na páirtithe

lena mbaineann an curaclam nua, lena n-áirítear lucht forbartha an churaclaim, seirbhísí tacaíochta agus an chigireacht, i ndáil le haidhmeanna agus teachtaireachtaí.

Maidir leis an tástáil, d'iarr formhór na scoileanna go ndéanfaí athbhreithniú ar fhócas an mheasúnaithe sa chóras. Léirigh siad go raibh imní orthu maidir le ról na tástála caighdeánaithe mar atá sé faoi láthair *agus an chaoi a dtagann an tástáil le haidhmeanna agus réasúnaíocht an churaclaim nua* agus luaigh siad *an bhéim mhór a chuirtear ar scóir na dtástálacha.* Luaigh múinteoir amháin *nach dtagann an fócas nua ar an bhfoghlaim chomhoibríoch shóisialta leis an gcóras na dtástálacha caighdeánaithe mar atá sé faoi láthair.* Chuir múinteoirí ceisteanna freisin maidir leis an bhfoghlaim ar a ndéanfar measúnú má táthar chun na tástálacha seo a bhunú ar an leibhéal ranga.

# Guth na bpáistí

Baineann na torthaí thíos leis an snáithe den chomhairliúchán a rinneadh leis an líonra scoileanna inar bhailigh múinteoirí a chuir codanna den dréachtsonraíocht chun feidhme eolas ar dhearcadh na bpáistí ar na heispéiris foghlama a bhí acu sa mhatamaitic. Rinneadh na heispéiris seo a phleanáil ach úsáid a bhaint as an dréacht de CMB. Cuireadh na torthaí seo thíos i dtoll a cheile ach anailís chuimsitheach córasach a dhéanamh ar ghuth páistí bunaithe ar na déantáin a bailíodh. Ach anailís théamach a dhéanamh ar na sonraí, tháinig tuiscintí agus tuairimí ar na heispéiris foghlama a bhí ag na páistí sa mhatamaitic chun solais. Déantar iarracht sa roinn seo a leanas léiriú a dhéanamh ar na dearcaí seo trí leas a bhaint as ghuth páistí.

## Téama a haon: An fhoghlaim ghníomhach


**“Ghlaoigh múinteoir amach na cruthanna agus bhí orainn rith chuig an gcruth sin” (Kerri, rang a haon)**

Tháinig an fhoghlaim ghníomhach chun cinn go minic trí ghuth páistí. Bhí gníomhaíocht agus gluaiseacht fhisiciúil i gceist le linn na heispéiris foghlama sin. Rinneadh cur síos ar eispéiris phraiticiúla thadhlacha freisin le guth na bpáistí.


Rinne an bheirt pháistí seo a leanas tagairt do cheacht corpoideachais a rinneadh i halla na scoile inar raibh siad rannpháirteach. Rinne Kerri (rang a haon) cur síos ar an eispéireas agus dúirt, “*bhí sé cosúil le cathair ghríobháin a bheith ag siúl thart agus thaitin sé liom a bheith ag aimsiú na gcruthanna a thapúla agus ab fhéidir liom*” (féach Fíor 48). Agus í ag déanamh machnaimh ar an eispéireas céanna, dúirt Megan (rang a haon) gur éirigh sí ‘*an-tapúil agus an cluiche ag dul ag aghaidh.”* Maidir le gníomhaíocht ordaithe uimhreacha, dúirt Leon (rang a haon) “*bhí rás againn agus bhí orainn na huimhreacha a chur in ord ón gceann is lú go dtí an ceann is mó”* (féach Fíor 50). Rinne Cillian tagairt don ghluaiseacht a bhaineann le seasamh suas agus suí síos d’uimhreacha áirithe agus dúirt “*tá tú suí síos anseo, agus ag seasamh suas ag dó*” (sic). Rinne sé léiriú ar an ngluaiseacht sa phictiúr a tharraing sé (féach Fíor 49). Is léir ó ghuth na bpáistí go gcuimhníonn na páistí ar na heispéiris seo mar eispéiris ghníomhacha a raibh gluaiseacht i gceist leo.

Tháinig eispéiris phraiticiúla foghlama chun cinn go minic sa mhéid a dúirt na páistí freisin. Labhair cuid de na daltaí i rang a 2 faoi na heispéiris foghlama a bhí acu agus iad ag plé leis na gcodáin ina raibh orthu tasc praiticiúil a dhéanamh ach naipcín a fhilleadh agus caoineog a dhéanamh. Luaigh páistí eispéiris tadhlacha foghlama freisin. Agus é ag labhairt faoi cheacht ar chruth, dúirt Conor (rang a haon) linn *"gur thug sé buille faoi thuairim go tapa maidir leis an gcruth ach na taobhanna agus na coirnéil a mhothú"* (féach Fíor 51). Luaigh Ciara (rang a haon) "*go ndearna muid cruthanna 3T le taos súgartha."* Tá sé soiléir ó fhocail na bpáistí gur eispéiris thadhlacha phraiticiúla a bhí i gceist leis na heispéiris foghlama seo.


**Fíor 48: An pictiúr a tharraing Kerri**




**Fíor 50: An pictiúr a tharraing Leon**




**Fíor 49: An pictiúr a tharraing Cillian**



**Fíor 51: An pictiúr a tharraing Conor**




# Téama a dó: Súgradh

**“*Bhí mé ag imirt le rhino searaf leon*” (Christopher, N. Mhóra)**

Tháinig an súgradh agus an spraíúlacht chun cinn mar phríomhthéama i nguth na bpáistí. Rinne cuid mhaith de na páistí tagairt do na heispéiris foghlama a bhí acu mar chuid de chluiche. Rinne Aidan (rang a haon) cur síos air seo agus dúirt sé “*ba é an cluiche ab fhearr liom an cluiche a d’imríomar leis na cruthanna nuair a chuir an múinteoir cruth ar an gclár os ár gcionn. Fuair mé dronuilleog ghlas agus triantán buí.”* Chuir Olga, dalta ní b’óige (5 bliana d’aois), in iúl gur cheap sí gur rud spraíúil a bhí san eispéireas foghlama nuair a dúirt sí “*táimid ag déanamh mata agus cluiche meaitseála. Bíonn spraoi againn sa mhata agus imríonn gach duine an cluiche. Tógaimid cártaí ón mbord agus*


*déanaimid meaitseáil leo*" (féach Fíor 52).

**Fíor 52: An pictiúr a tharraing Olga**



Rinne Jade cur síos ar an eispéireas foghlama a bhí aici agus ar an gcaoi a raibh sí ag spraoi le dalta eile sa rang agus dúirt "*bhí mé ag súgradh leis Leonie leis disc agus an huimhir a dúirt an múinteoir. Chuir mé disc ar a huimhir sin*" (sic). Rinne Tina (rang a haon) cur síos mionsonraithe ar an eispéireas spraíúil foghlama a bhí aici agus dúirt "bhí orainn seasamh ag an gclár agus buille faoi thuairim a bhaint faoi cruth a bhí os ár gcionn. Ní raibh cead againn ach ceisteanna a raibh "is ea" nó "ní hea" mar fhreagra orthu a chur. Chuir mé ceisteanna amhail "*an bhfuil trí choirnéal agam?*" agus "*an bhfuil taobh amháin agam? Bhí an-spraoi ann. Rinne mé é faoi dhó – Bhí triantán agus dronuilleog agam*" (féach Fíor 53). Léiríonn tuairimí na bpáistí gur eispéiris spraíúla ina raibh na páistí rannpháirteach a bhí i gceist leis na gníomhaíochtaí a phleanáil na múinteoirí.

**Fíor 53: An pictiúr a tharraing Tina**




## Téama a trí: Spraoi agus taitneamh

**"Is maith liom gach a mbaineann leis an am mata" (Orla, 4 bliana d'aois)**

Tháinig an spraoi agus an taitneamh chun cinn sna tuairimí a thug na páistí ar na heispéiris foghlama. Ba léir ó na páistí go raibh siad sásta agus gur cheap siad gur rud dearfach a bhí i gceist leis na heispéiris ghníomhacha spraíúla.

Chuir Jessica, (rang a dó) in iúl go raibh sí an-tógtha leis an eispéireas foghlama sa mhatamaitic ar an iomlán agus dúirt sí "*Ba mhaith liom é a imirt athuair*." Léirigh Juiliet go raibh sí chomh tógtha céanna leis agus dúirt sí "*Is aoibhinn liom a bheith ag foghlaim faoi uimhreacha"* agus dúirt Nathan: "Is breá liom na ciúbanna a chur ar a chéile chun a fheiceáil cén túr is ea an ceann is airde." Chuir Carly in iúl gur bhain siad taitneamh as an eispéireas foghlama mar gheall ar an neamhspleáchas a tugadh di, dúirt sí "*Is maith liom é a dhéanamh asam féin, is maith liom an cluiche rásaíochta."*

## Téama a ceathair: Ábhair agus acmhainní nithiúla


**“Ba é an chuid den cheacht ba mhó a thaitin liom nuair a bhí orainn na barraí seacláide a fhilleadh ar bhealaí difriúla” (Laura, rang a dó)**

Rinne roinnt páistí tagairt d’ábhair agus acmhainní nithiúla a d’úsáid sin le linn an eispéiris foghlama nó tharraing siad iad. Áirítear leo seo ciúbanna, cruthanna 2T agus 3T, ainmhithe, cártaí le huimhreacha, taos súgartha, soip, boinn, frámaí uimhríochta, bileoga oibre, téacsleabhair agus ríomhaire.


Luaigh Zara (rang a haon) gur thaitin sé léi “*nuair a bhíomar ag comhaireamh na ndeicheanna leis na soip*” (féach Fíor 55). Tharraing Jennifer pictiúr di féin agus í ag súgradh leis an fráma uimhríochta agus dúirt sí gur mhaith léi “*a bheith ag spraoi leis na frámaí mar go gcaithfidh tú na plusanna a dhéanamh 3 ar an mbarr agus 2 ar an mbun”* (féach Fíor 54). Agus é ag labhairt faoi eispéireas foghlama inar úsáideadh bréag-airgead, mhol páiste amháin “gurbh fhearr fíor-airgead a úsáid” (Sam) seachas an t-ábhar nithiúil a úsáideadh.

Maidir leis an leabhar a úsáid don mhatamaitic, tháinig dhá thuairim éagsúil chun cinn. Chuir páiste amháin in iúl gur thaitin sé leis nach raibh leabhar in úsáid san eispéireas foghlama agus dúirt “*bhí sé go maith sos a fháil ó na leabhair”* (Alex). I gcomparáid leis sin, dúirt páiste eile (Morgan) ón rang céanna “*B’fhearr liom mata a dhéanamh”* (agus leabhair i gceist aige). Tá an chuma ar an scéal nár thuig an páiste seo go raibh ceacht matamaitice i gceist leis an ngníomhaíocht foghlama toisc nár úsáideadh aon leabhar.

**Fíor 55: An pictiúr a tharraing Zara**




**Fíor 54: An pictiúr a tharraing Jennifer**



# Cruinnithe déthaobhacha agus aighneachtaí scríofa

Cuirtear na torthaí ó cheithre aighneacht scríofa agus ó na cruinnithe déthaobhacha a reáchtáladh le dhá eagraíocht chomhpháirteacha oideachais i láthair faoi naoi dtéama sa dá chuid seo a leanas.

### Easpa réasúnaíochta soiléire

Ceistíodh in aighneacht amháin an gá le curaclam nua matamaitice agus tagairt á déanamh den dul chun cinn a rinneadh i ndáil le torthaí na hÉireann i dTreochtaí san Staidéar Idirnáisiúnta ar an Matamaitic agus ar an Eolaíocht. Luadh freisin *go bhfuil frustrachas ar mhúinteoirí agus iad ag iarraidh na hathruithe atá beartaithe a phlé toisc nár cuireadh comhthéacs ná réasúnaíocht don athrú ar an gcuraclam ar fáil. Níl múinteoirí cinnte faoin réasúnaíocht don athrú agus níl sé soiléir cé na teoiricí curaclam ar a mbunaítear na forbairtí atá ndéanamh ar an gcuraclam teanga agus ar an gcuraclam matamaitice e.g. curaclam mar phróiseas; curaclam mar thorthaí nó curaclam mar ábhar (Walsh, 2018).*

### Rannpháirtíocht sa chomhairliúchán

Cé gur léir gur chúis sásaimh do na grúpaí leasmhara go raibh deis acu tuairimí ar CMB a chur in iúl, ba léir freisin gur mhaith leo go gcuirfí an t-aiseolas a fuarthas ó na próisis éagsúla comhairliúcháin faoi bhráid an phobail i.e. ó na seimineáir chomhairliúcháin, na suirbhéanna ar líne agus go háirithe tuairimí na scoileanna sin inar cuireadh clár píolótach CMB chun feidhme. Chuir roinnt grúpaí in iúl go raibh imní orthu nár tugadh fógra do mhúinteoirí in am trátha faoi na deiseanna éagsúla a bhí acu páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán. Tá imní ar na grúpaí seo gur chuir sin isteach ar an deis a bhí ann *plé fiúntach a dhéanamh ar an dréachtsonraíocht.* Moltar go n-oibreofaí le gach cineál scoile (e.g. scoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta sainiúla ina dtugtar tacaíocht do pháistí a bhfuil uathachas, lagú radhairc, laga éisteachta, neamhord mothúchánach, neamhord iompraíochta nó lagú fisiceach orthu) ach ní ba mhó seisiún comhairliúcháin a dhéanamh. Dá mbeadh achar ní b'fhaide ama i gceist go mbeadh deis ann dul i mbun comhairliúcháin ní ba chuimsithí leis na múinteoirí i ndáil leis an tsonraíocht agus mar sin, go gcinnteofaí go mbeadh go leor ama agus tacaíochtaí ag múinteoirí plé gairmiúil fiúntach a dhéanamh ar na tograí nua.

### Cuimsiú

Cé gur chúis sásaimh do na grúpaí comhpháirtíochta go gcuirtear béim ar an gcuimsiú i CMB, rinneadh moltaí eile chun cuimsiú ní ba mhó a dhéanamh. Moladh go láidir go ndéanfaí na Contanaim Dul chun Cinn a bhriseadh síos a thuilleadh do pháistí san oideachas speisialta. Áitítear go bhfuil bearna shuntasacha idir mórchéim A agus mórchéim B agus go dtógadh sé i bhfad ní ba mhó ná dhá bhliain ar pháistí áirithe an dul chun cinn sin a dhéanamh. Moladh eile a rinneadh ba ea *go*

*dtacódh an tSeirbhís Tacaíochta don Oideachas Speisialta le múinteoirí i dtimpeallachtaí don oideachas speisialta ach cúrsa forbartha gairmiúla CMB a bheadh in oiriúint don chomhthéacs a chur ar fáil, mar a rinneadh do Churaclam Teanga na Bunscoile*

Bíonn an teanga a úsáidtear ríthábhachtach don chuimsiú. Mhol grúpa amháin go n-athrófaí an ráiteas *go bhfuil CMB do na ranganna ar fad sa bhunscoil ó rang na naíonán beag go dtí rang a sé* a athrú mar nach gcuimsítear páistí i dtimpeallachtaí eile oideachais leis. Chomh maith leis sin, molann an grúpa seo go bhfuil an frása *páistí atá ag foghlaim ón gcuraclam seo sa timpeallacht scoile mar a bhfuil CMB mar bhunús don fhoráil* níos cuimsithí. Cuireadh in iúl freisin nár aithníodh na dúshláin a bhíonn le sárú i nGaelscoileanna sa churaclam seo ach an oiread. Léirigh COGG go raibh imní air faoin teanga chasta matamaiticiúil agus an nasc atá ann idir seo agus teip sa mhatamaitic. Ba chúis áthais do COGG gur aithníodh i CMB gur gá tacaíocht a thabhairt do pháistí teanga na matamaitice a fhorbairt d'fhonn an smaointeoireacht mhatamaiticiúil a chur chun cinn. Molann COGG, mar sin, go gcuirfear liosta de na príomhfhocail a bhaineann leis na céimeanna éagsúla le chéile chun teanga na Matamaitice a fhorbairt sa Ghaeltacht agus i dtimpeallachtaí Gaeilge. Chabhródh a leithéid le CMB a chur chun feidhme san Oideachas Gaeltachta. Moladh freisin go gcuirfí ábhar tacaíochta ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.

### Aistear

Leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le h*Aistear* sna haighneachtaí scríofa, agus rinne grúpa amháin tagairt do thaighde Vygotsky (1978) ina luaitear go mbaineann páistí leibhéil níos airde tuisceana amach tríd an spraoi fisiciúil, tríd an spraoi cognaíoch agus trí theanga a ionramháil. Cuireadh in iúl freisin go dtacaíonn prionsabail *Aistear* leis an leanúnachas ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Leag freagróirí béim air nach bhféadfaí glacadh leis go bhfuil múinteoirí inniúil sna prionsabail, sna téamaí ná sa chur chuige oideolaíoch a bhaineann le h*Aistear* agus go bhfuil forbairt ghairmiúil maidir le h*Aistear* de dhíth.

### Na Contanaim Dul chun Cinn

Cé gur aithníodh go gcuireann na Contanaim Dul chun Cinn deis níos mó ar fáil an difreáil a chur i bhfeidhm, bhí éiginnteacht ann go fóill maidir lena raibh i gceist leo. Cuireadh in iúl go bhfuil imní ann go méadóidh na Contanaim Dul chun Cinn ualach oibre na múinteoirí. Moltar go gcuirfear treoir shoiléir ar fáil i ndáil le haidhm na gContanam Dul chun Cinn agus na Contanaim Dul chun Cinn a úsáid. Braitheann múinteoirí nach mór go mbeadh tuiscint acu ar an áit a mbeadh an 'gnáthpháiste' ar na contanaim do gach leibhéal ranga le go mbeidís in ann na Contanaim Dul chun Cinn a úsáid mar is ceart. Moltar freisin go gcuirfí in iúl do mhúinteoirí gurb é aidhm na gContanam Dul chun Cinn treoir agus tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí i ndáil le heispéiris foghlama. Rinne grúpa amháin cur síos ar thaithí a fuarthas ar chontanam dul chun cinn a úsáid i gcóras oideachais na hAlban agus

ar an gcaoi ar chuir sé isteach ar fhéinmheas na bpáistí.

### Soiléireacht

Tháinig an tsoiléireacht nó easpa soiléireachta chun cinn go minic sna haighneachtaí scríofa. Dúradh go bhfuil an teanga a úsáidtear i CMB doiléir agus chuir sin isteach ar fhreagróir amháin mar go dúirt sé go mbíonn múinteoirí ag oibriú i dtimpeallachtaí casta gnóthacha cheana le curaclam iomarcach agus nach mbíonn an t-am acu a oibriú amach cad atá sa CMB. Leagadh béim air nár mhór go mbeadh an teanga sa churaclam soiléir le go mbeidh tuiscint amháin air. Áirítear leis seo an teanga a úsáidtear sna Contanaim Dul chun Cinn, *teanga a d'fhéadfaí a bheachtú le nach mbeadh aon mhíthuiscint uirthi* dar le grúpa amháin. Cheistigh grúpa amháin a raibh i gceist le *bealaí bríocha* mar go bhfuil sé an-doiléir. Rinne grúpaí eile cáineadh dá leithéid, go háirithe maidir leis an airgead i CMB. Cuireadh in iúl nach dtugtar go leor sonraí do mhúinteoirí maidir leis na heispéiris foghlama ar cheart a chruthú ná an t-ábhar atá le múineadh sna Torthaí Foghlama a bhaineann leis an airgead. Moltar go dtabharfar eolas do mhúinteoirí ar an gcaoi arbh féidir leo soiléiriú nó treoir a fháil.

Ar an ábhar sin, tá amhras ar mhúinteoirí go fóill maidir le cur chuige na dTorthaí Foghlama, agus dúirt grúpa amháin "ní fios go fóill an mbeidh cur chuige na dtorthaí foghlama feiliúnach do chomhthéacs bunscolaíochta na hÉireann". Léiríonn na ceisteanna seo gur gá an teanga a shimpliú agus deiseanna forbartha gairmiúla a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar mhíthuiscintí atá ann. Is ábhar imní é an easpa soiléireachta mar go mbraitheann daoine áirithe go mbeidh múinteoirí ag brath ar théacsleabhair nó ar churaclam 1999 chun treoir a fháil. Moltar go láidir go gcuirfear Torthaí Foghlama sonracha, réadúla intomhaiste ar fáil le go mbeidh soiléireacht ann.

### Measúnú

Tháinig an measúnú, go háirithe an tástáil chaighdeánaithe, chun cinn go minic freisin. Ní mór do scoileanna na torthaí ar na tástálacha caighdeánaithe a dhéantar ar rang a dó, rang a ceathair agus rang a sé a chur chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Fiafraíodh i bhformhór na n-aighneachtaí an gcuirfí an tástáil chaighdeánaithe in oiriúint do CMB nua e.g. go mbeadh sé bunaithe ar mhórchéimeanna. Tá seo an-thábhachtach mar tá imní ar mhúinteoirí maidir leis an gcuntasacht a bhaineann leis na torthaí sin a thuairisciú don Roinn.

### Ualach mór oibre

Aontaítear go ginearálta go méadóidh CMB ualach oibre na múinteoirí. Áitíodh gurbh fhéidir le múinteoirí measúnú agus difreáil a dhéanamh gan stró ar bith leis an gcuraclam reatha matamaitice. Tuigtear go mbeidh an phleanáil níos deacra le CMB agus go gcaithfear an t-am a chaitheadh ceana ag léamh na dTorthaí Foghlama ag iarraidh na Contanaim Dul chun Cinn a láimhseáil. Leagtar béim air go bhfuil níos mó ama, tacaíochta agus deiseanna forbartha gairmiúla ag teastáil ó mhúinteoirí le go mbeidh siad in ann dul i ngleic leis an gcur chuige nua don churaclam. Níor

cheart an curaclam a phlódú agus ba cheart go leagfaí béim ar tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na bpáistí sa mhatamaitic.

### Tacaíochtaí

Rinne na freagróirí uile réimse moltaí maidir le tacaíocht a chur ar fáil don CMB a chur chun feidhme. Áirítear leis na moltaí sin:

- Go laghdófaí an cóimheas idir daltaí agus múinteoir
- Go gcuirfí deiseanna eile comhairliúcháin ar fáil
- Go mbeadh an fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil go tráth rialta
- Go gcuirfí uirlisí úsáide ar fáil do thimpeallachtaí RSO
- Go gcuirfí ábhar tacaíochta ar fáil do RSO go sonrach (amhail Bealaí RSO do Curaclam Teanga na Bunscoile)
- Go gcuirfí samplaí d'ábhar measúnaithe ar fáil
- Go gcuirfí uirlisí pleanála ar fáil chun ualach oibre na múinteoirí a laghdú

Moltar go gcuirfí forbairt ghairmiúil leanúnach in *Aistear* agus i ndáil le forbairtí eile oideolaíocha ar fáil a luaithe agus is féidir. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh leanúnachas agus comhsheasmhacht sa chlár forbartha gairmiúla. Ar deireadh, mar aon le maoiniú agus acmhainní a chur ar fáil mar thacaíocht do CMB a chur chun feidhme, d'iarr múinteoirí freisin go gcuirfí teimpléad ar fáil ar líne chun tacú leo agus leis na scoileanna sa phleanáil. Bheadh deis iontach ann lena leithéid de spás ar líne do CNCM samplaí ar ardchaighdeán agus acmhainní idirghníomhacha a chur ar fáil do mhúinteoirí. D'iarr freagróirí go soiléireofaí cé na tacaíochtaí a bheidh ar fáil do mhúinteoirí le CMB a chur chun feidhme.

# Tuismitheoirí

Tar éis cruinniú le Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí agus aiseolas a fháil uaithi, cuireadh na sonraí i dtoll a chéile agus cuirtear i láthair thíos iad faoi cheithre mhórthéama: curaclam a fhorbairt agus cumarsáid, tacaíochtaí molta, ceisteanna agus ábhar imní.


## Curaclam a fhorbairt agus cumarsáid

### Cén chaoi ar maith le do pháistí an mhatamaitic a fhoghlaim?

D'eascair trí théama as na freagraí a tugadh ar an gceist "Cén chaoi ar maith le do pháistí an mhatamaitic a fhoghlaim?" Ba é an chéad téama a tháinig chun cinn sna freagraí a thábhachtaí atá an fhoghlaim ghníomhach le go mbainfidh páistí taitneamh as an matamaitic. Thug cuid mhaith de na freagróirí samplaí den fhoghlaim ghníomhach mar úsáid phraiticiúil den mhata, ach ionramháil nithiúil a úsáid agus an mhatamaitic a fhoghlaim tríd an spraoi. Téama eile a aithníodh sna freagraí ba ea an tógachas sóisialta. Áirítear leis na samplaí grúpaí sa rang agus idirghníomhaíocht shóisialta le piaraí, cuireadh in iúl freisin gur thaitin sé le páistí a dtuismitheoirí agus páistí eile sa chlann a thabhairt isteach san eispéireas foghlama mata. An tríú téama a tháinig chun cinn ba ea an mhatamaitic sa saol réadúil e.g. siopadóireacht agus clog a úsáid. Gnéithe eile a tháinig chun cinn sna freagraí ba ea páistí a fhoghlaimíonn go físiúil, páistí a fhoghlaimíonn óna bheith ag éisteacht agus páistí a fhoghlaimíonn nuair a bhronntar duais nó luach saothair as gnóthachtáil.

**Fíor 56: Freagraí ar an gceist 'Cén chaoi ar maith le do pháistí an mhatamaitic a fhoghlaim?'**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| | |
|---|---|
| Active learning | Foghlaim ghníomhach |
| Social contructivism | An tógachas sóisialta |
| Real life maths | Mata don saol réadúil |
| Visual learning | Amharcfhoghlaim |
| Incentivized learning | Foghlaim dhreasaithe |
| Auditory learning | Foghlaim ó chluas |

***Cén chaoi ar féidir leis an gcuraclam cabhrú le tuismitheoirí tacú le foghlaim na bpáistí sa mhatamaitic?***

**Fíor 57: Freagraí ar cén chaoi ar féidir le CMB nua cabhrú le tuismitheoirí tacú le foghlaim na bpáistí sa mhatamaitic**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.





| | |
|---|---|
| Collaborate with parents | Comhoibriú le tuismitheoirí |
| Empower parents | Tuismitheoirí a chumasú |
| Learning styles | Stíleanna foghlama |

Ba é an smaoineamh ba mhó a luadh sna freagraí ar an gceist, "Cén chaoi ar féidir leis an gcuraclam cabhrú le tuismitheoirí tacú le foghlaim na bpáistí sa mhatamaitic?" gur mhaith le tuismitheoirí go gcumasófaí iad le go mbeidís in ann tacú le foghlaim na bpáistí. Is féidir seo a dhéanamh ach a aithint go bhfuil eagla ar thuismitheoirí áirithe roimh an matamaitic agus a áirithiú go bhfoghlaimíonn tuismitheoirí na scileanna a bheidh de dhíth orthu chun tacaíocht a thabhairt do pháistí agus iad i mbun oibre ar an matamaitic. Chomh maith leis sin, ba mhaith le tuismitheoirí go ndéanfaí comhoibriú ní ba mhó leis na páirtithe leasmhara uile agus go mbeadh réimse leathan stíleanna foghlama agus cur chuige á gcur chun feidhme chun an mhatamaitic a theagasc agus a fhoghlaim.

**Cad iad na príomhtheachtaireachtaí ba cheart don churaclam a chur in iúl i dtaca le tuismitheoirí?**

**Fíor 58: Smaointe i ndáil leis na príomhtheachtaireachtaí ba cheart do CMB nua a chur in iúl i dtaca le tuismitheoirí**

The translation for the text in this figure can be found in the table below it.




| | |
|---|---|
| Communicate with parents | Cumarsáid le tuismitheoirí |
| Involve parents | Rannpháirtíocht tuismitheoirí |
| Accessible curriculum | Curaclam inrochtana |
| Acknowledgement | Aitheantas |
| Support for parents | Tacaíocht do thuismitheoirí |

Ba léir ó na freagraí a fuarthas ar an gceist "Cad iad na príomhtheachtaireachtaí ba cheart don churaclam a chur in iúl i dtaca le tuismitheoirí?" go bhfuil an chumarsáid idir tuismitheoirí agus an scoil agus cumarsáid le CNCM an-tábhachtach do thuismitheoirí. Chuir tuismitheoirí in iúl go sonrach go raibh cumarsáid shoiléir de dhíth, agus nár mhór eolas a chur abhaile ar bhonn seachtainiúil. Ceaptar go mbainfeadh an t-eolas seo leis an obair a bheadh ar bun i rang matamaitice an pháiste i rith na seachtaine. Mhol freagróir amháin gur cheart an t-eolas a chur ar shuíomh gréasáin náisiúnta e.g. suíomh gréasáin CNCM, d'fhonn ualach oibre na múinteoirí a laghdú. Tháinig an tacaíocht do thuismitheoirí go mór chun cinn mar théama sna freagraí ar an gceist seo freisin. Chuir freagróirí in iúl gur cheart na buntáistí a bhaineann le cluichí mata a dhéanamh sa bhaile a chur chun cinn agus gur cheart nodanna nó cluichí arbh fhéidir le tuismitheoirí a imirt sa bhaile le páistí a chur ar fáil - ar líne nó i leabhrán. Chuir na freagróirí eile an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí sa mhatamaitic sa seomra ranga, aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann tuismitheoirí cheana agus an eagla atá ann i leith na matamaitice a mhaolú ach a áirithiú go bhfuil an

curaclam inrochtana.

## Tacaíochtaí molta

Téama a bhí go mór chun cinn sna sonraí a bailíodh ba ea go mbeadh ábhar tacaíochta de dhíth a thabharfadh eolas do thuismitheoirí ar an gcuraclam nua agus ar na rudaí a bheadh á bhfoghlaim ag páistí ag gach céim foghlama. Téama eile a tháinig chun cinn go mion minic ba ea go mbeadh ábhar tacaíochta chun tacú le foghlaim na bpáistí de dhíth, is é sin, an chaoi arbh fhéidir le tuismitheoirí tacú leis an gcuraclam a chur chun feidhme sa bhaile, an chaoi arbh fhéidir leo cabhrú leis an obair bhaile agus daingniú a dhéanamh ar an bhfoghlaim a rinneadh ar scoil ar bhealach spraíúil. Rinneadh cur síos ar réimse tacaíochtaí chun na haidhmeanna seo a bhaint amach lena n-áirítear go gcuirfí leabhrán gearr ar fáil do thuismitheoirí: 'An Mata agus do pháiste'; aip náisiúnta mhata; suíomh gréasáin don mhata amháin ina mbeadh roinn do thuismitheoirí amháin; naisc (dhigiteacha nó pháipéir) idir an scoil agus an baile; seó bóthair nó grúpaí tacaíochta. Aontaíodh go forleathan i measc na bhfreagróirí gur cheart go ndéanfaí cur síos san ábhar tacaíochta ar a bhfuil sa churaclam, ar an teanga a bhaineann leis an topaic agus go dtabharfaí moltaí ann ar an mbealach arbh fhéidir le tuismitheoirí daingniú a dhéanamh ar an obair sa bhaile. Bhraith freagróir amháin go bhféadfaí cumarsáid sonrach don rang a chur ar bun idir an scoil agus tuismitheoirí leis an gcineál seo comhfhreagrais agus go bhféadfadh sé go mbeadh an múinteoir in ann eolas faoi na topaicí atá ar bun ag an rang a chur leis an gcomhfhreagras freisin. Luaigh freagróir eile "gur cheart don Roinn / CNCM feidhmchlár a fhorbairt chun tacú le tuismitheoirí agus foghlaim na bpáistí sa mhatamaitic" agus gur cheart go mbeadh téacs, físeáin, giotaí fuaime agus cluichí ann.

### Ceisteanna

Tugadh deis do na rannpháirtithe ceisteanna a chur faoin dréacht de CMB nua nó tuairimí a chur in iúl. Bhain cuid de na ceisteanna leis an gcuraclam nua matamaitice a chur chun feidhme agus a mheas. Áirítear leis na ceisteanna, *Cad a bheidh i gceist leis an athbhreithniú leanúnach nuair a chuirfear chun feidhme é? An úsáidfidh CNCM cur chuige meastóireachta nó cur chuige machnamhach agus athbhreithniú á dhéanamh ar an gcuraclam nua.* Chuir freagróirí eile ceisteanna i ndáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag CMB nua … *conas a bheidh a fhios againn cíbe acu a bhfuil an curaclam seo ag oibriú agus a bhfuil feabhas ar an bhfoghlaim nó nach bhfuil? agus má theipeann air, cad a tharlóidh*? Chuir daoine eile ceisteanna faoin tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag an gcuraclam ar na páistí sin atá leathbhealach tríd an mbunoideachas cheana, agus d'fhiafraigh duine eile an mbeadh tuismitheoirí rannpháirteach san athbhreithniú leanúnach ar an gcuraclam nua. D'fhiafraigh rannpháirtí eile an mbeadh sé de dhualgas ar mhúinteoirí an curaclam nua a chur chun feidhme, mura bhfuil ann ach freisin, agus d'fhiafraigh

freagróir eile an ndearna CNCM machnamh ar na ceisteanna a chuir na daoine sin atá i gcoinne an dréachta de CMB a chur chun feidhme.

Téama eile a tháinig chun solais i measc na gceisteanna ba ea ceist an mheasúnaithe, go háirithe ceisteanna maidir leis an tástáil chaighdeánaithe. Bhí ceisteanna ag freagróirí maidir leis an ról a bheadh ag na scrúduithe caighdeánaithe sa churaclam nua agus d'fhiafraigh siad an ndéanfar athchóiriú ar na tástálacha caighdeánaithe le go mbeidh siad ag teacht leis na modhanna nua foghlama sa mhata. D'áitigh freagróir amháin gur cheart go mbeadh an deis ag páistí freagraí a thabhairt ar cheisteanna ar bhealaí éagsúla, go háirithe i gcás tástála.

Cheistigh rannpháirtithe áirithe a rannpháirtí agus a bheidh tuismitheoirí sa churaclam nua agus an tacaíocht a thabharfar do thuismitheoirí freisin. Chuir rannpháirtithe áirithe ceisteanna faoin gcaoi a raibh sé ar intinn ag CNCM an curaclam a chur in iúl do thuismitheoirí agus d'fhiafraigh duine eile an gcuirfeadh CNCM ábhar tacaíochta agus cluichí ar fáil chun cabhrú le tuismitheoirí na coincheapa matamaitice a dhaingniú sa bhaile.

Chuir líon beag freagróirí ceisteanna maidir leis an gcaoi a bhfreastalófar ar pháistí tréitheacha leis an dréacht de CMB agus chuir daoine eile ceisteanna maidir le leanúnachas idir an bhunscolaíocht agus matamaitic na sraithe sóisearaí.

### Ábhar imní

Tháinig roinnt pointí chun cinn maidir leis an gcaoi a rachadh CMB nua i bhfeidhm ar an gcleachtas. Ar an gcéad dul síos, d'áitigh freagróir amháin *gur cheart leanúint den bhéim a chur ar Aistear nó ar na bunghnéithe den spraoi tar éis rang na naíonán mór.* Mhol rannpháirtí eile an tsamhail *Aistear* go mór agus mhol sé *go ndíreofaí ar theanga na matamaitice a fhorbairt ar bealach ar fad tríd an mbunscoil.* Luaigh freagróir eile an ról atá ag an spraoi maidir le *grá a chothú don fhoghlaim ar feadh an tsaoil* agus ceapann an freagróirí go laghdaíonn an tástáil an grá seo. Bhain an tionchar deireanach ar an gcleachtas a luadh le líon daltaí i ranganna agus cuireadh in iúl *nár mhór maoiniú a chur ar fáil d'acmhainní chun go mbainfeadh daltaí an leas is fearr is féidir as an gcuraclam. Cinnteofar leis sin go múintear i gceart agus go héifeachtach é.*

Ceist eile a tháinig chun solais ba ea an tuiscint atá ann nach gcuimsítear tuismitheoirí leis an dréacht de CMB. Áirítear leis na moltaí atá ann chun aghaidh a thabhairt air seo go n-úsáidfí na meáin shóisialta chun páirt a thabhairt do thuismitheoirí, go gcuirfí ní ba mhó acmhainní ar fáil ar líne chun tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí agus go gcuirfí suirbhéanna chuig Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí le go scaipfear iad, agus mar sin, go n-áiritheofaí go mbeadh na tuismitheoirí rannpháirteach.

Tá roinnt rabhadh a tugadh sa chuid eile den roinn seo.  Tá imní ar thuismitheoirí agus ar pháistí go

fóill maidir le hobair bhaile, agus maidir leis an mata freisin, ach braitheann freagróir amháin go bhféadfaí deireadh a chur leis an imní seo leis an teachtaireacht a chuirtear chun cinn sa dréacht de CMB. Ar deireadh ar fad, tá imní ann go bhféadfadh sé go mbeadh sé ní ba dheacra feidhmíocht an pháiste sa mhatamaitic a mheas leis an gcuraclam nua seo.

# Caibidil 4. Plé

Eascraíonn an t-ábhar don phlé seo a leanas as torthaí an chomhairliúcháin mar a sonraíodh sa chaibidil roimhe seo. Sa roinn seo, déanfar cur síos ar na ceisteanna ba mhó a tháinig chun cinn maidir leis an tsonraíocht, an teagasc agus an fhoghlaim leis an dréachtchuraclam agus tacaíochtaí curaclaim.

## An tsonraíocht

### Príomhghnéithe

Mar a léiríodh sa chaibidil roimh seo, tuigtear gur cúis sásaimh do na páirtithe leasmhara gurb é aidhm CMB nua inniúlacht sa mhatamaitic a fhorbairt. Tar éis an tsonraíocht a úsáid agus páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin, d'aontaigh formhór mór na múinteoirí ón líonra scoileanna (94%) go gcabhróidh CMB nua le páistí inniúlacht a fhorbairt sa mhatamaitic. Bhí difríocht suntasach sna torthaí a fuarthas ar an suirbhé ar líne i dtaobh na ceiste céanna, níor chuir ach 42% de na freagróirí ar líne an tuairim chéanna in iúl. Mar a moladh sna tuairiscí taighde (Dooley et al., 2014; Dunphy et al., 2014), tá na cúig ghné den inniúlacht sa mhatamaitic fite fuaite sna Contanaim Dul chun Cinn, mar a ndéantar cur síos ar an ábhar agus ar na próisis mhatamaiticiúla. Feictear sna torthaí a bailíodh gur leag freagróirí béim air nár mhór béim ní ba mhó a leagan ar na cúig ghné den inniúlacht sa mhatamaitic sa tsonraíocht. D'iarr múinteoirí ón líonra scoileanna go sonrach go gcuirfí samplaí de na gnéithe a úsáid sa seomra ranga ar fáil, go háirithe an meon táirgiúil, rud ar chuir múinteoirí fáilte mhór roimhe. Agus an fhorbairt ag dul ar aghaidh, tá sé soiléir ón bpróiseas comhairliúcháin nár mhór tuilleadh samplaí a chur ar fáil agus aidhmeanna an churaclaim a mhíniú a thuilleadh.

Anuas air sin, chuir scoileanna ón líonra scoileanna in iúl go láidir nár mhór na meitichleachtais a chur chun tosaigh sa tsonraíocht. Áirítear leis na bunchleachtais seo a aithníodh sna tuairiscí taighde an chaint mhata a chur chun cinn, meon táirgiúil a fhorbairt, béim a leagan ar an samhaltú matamaiticiúil, tascanna dúshlánacha cognaíocha a úsáid agus an measúnú foirmitheach a úsáid. Ba chúis sásaimh don líonra scoileanna na meitichleachtais seo. Chuir múinteoirí in iúl gur mhaith leo go ndéanfaí na meitichleachtais a mhíniú, go dtabharfaí samplaí orthu agus go gcuirfí leis na Torthaí Foghlama iad chun béim a leagan ar a thábhachtaí atá siad agus d'fhonn na meitichleachtais a chur i

láthair mar fhócais nua oideolaíocha.

Cuireann an réasúnaíocht don churaclam nua an mhatamaitic i láthair i gcomhthéacs fhoghlaim na bpáistí agus i gcomhthéacs fhorbairt na bpáistí. Mar a sonraíodh sna freagraí ar an gceistneoir ar líne agus mar a tháinig chun cinn san aiseolas ó mhúinteoirí sa líonra scoileanna, ní mhór go gcuirfeadh an curaclam in iúl ar go ríshoiléir an chaoi a ndeachaigh an réasúnaíocht seo i bhfeidhm ar an dréachtsonraíocht a fhorbairt, a dhearadh agus a chur i láthair. Bhí fianaise ann sna freagraí a fuarthas ar an gceistneoir ar líne nár mhór cumarsáid ní ba shoiléire a dhéanamh leis na scoileanna agus le grúpaí eile maidir leis an réasúnaíocht a bhí ann don churaclam a athrú. Cé gur léirigh ní ba mhó múinteoirí ón líonra scoileanna gur aontaigh siad leis an réasúnaíocht, d'fhéadfadh sé gur tharla a leithéid mar thoradh ar na deiseanna a bhí ag na múinteoirí sa líonra scoileanna an réasúnaíocht agus an comhthéacs don athrú ar an gcuraclam a cheistiú.

Cuid thábhachtach den fhorbairt a dhéanfar ar an tsonraíocht is ea an t-aistriúchán a dhéanfar uirthi. Chuir múinteoirí a mhúineann trí mheán na Gaeilge gur ábhar imní dóibh a chasta agus a bhí an Ghaeilge a úsáideadh sa leagan Gaeilge agus d'iarr siad go mbeadh múinteoirí ní ba rannpháirtí sa phróiseas aistriúcháin. Bailíodh smaointe eile i ndáil leis an teanga sa tsonraíocht a shoiléiriú agus samplaí den teanga a chur ar fáil agus bailíodh smaointe freisin faoin gcaoi arbh fhéidir tacú leis an gcuraclam i nGaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta agus cuirfear na smaointe sin san áireamh sa chéad chéim eile den fhorbairt.

## Cuimsiú

Cuid ríthábhachtach de CMB nua, mar a sonraíodh sa pháipéar cúlra (CNCM, 2016) ba ea a chinntiú go gcuimseodh an curaclam na páistí eile agus dúradh go sonrach gur cheart go mbeadh an cuimsiú, an cothromas agus inrochtaineacht mar bhunús leis an bhforbairt. I gcomhréir leis na prionsabail de *Universal Design for Learning* (UDL) (Meyer, Rose & Gordon, 2014), ceapadh an dréachtsonraíocht bunaithe ar riachtanais foghlama agus eispéiris foghlama na bpáistí. Ach deireadh a chur le cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim de réir an leibhéil ranga agus, ina ionad sin, cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim de réir na dTorthaí Foghlama agus na mionchéimeanna dul chun cinn, tá sé mar aidhm ag an tsonraíocht a chinntiú go gcuimsítear páistí ag a bhfuil riachtanais éagsúla/breise ar bhealach ciallmhar. Tá sé mar aidhm ag an tsonraíocht fís d'fhoghlaim páistí atá ag teacht le cumas, ábaltacht agus cúinsí pearsanta na bpáistí a chur chun cinn sa seomra ranga.

Léiríodh tuairimí éagsúla agus frithráiteacha chun cinn maidir le ceist an chuimsithe le linn an phróisis comhairliúcháin. Is fiú a lua gur aithint na rannpháirtithe ag na seimineáir chomhairliúcháin gur dheis a bheadh sa churaclam nua feabhas a chur ar an gcuimsiú do pháistí. Mar sin féin, ba

bheag fianaise a bhí ann gur aontaigh na freagróirí gur údar maith go leor é an cuimsiú chun struchtúr na sonraíochta a athrú.

Leagadh béim air nár mhór an teanga a úsáidtear i Mórchéim a a athrú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na briathra a úsáidtear ann agus ar an athrá a dhéantar ar na briathra. D'iarr múinteoirí a bhí ag oibriú i dtimpeallachtaí RSO go ndéanfaí Mórchéim a a bhriseadh síos a thuilleadh san ábhar tacaíochta nó sa tsonraíocht féin. I gcomparáid leis sin, mhol múinteoirí eile nár cheart na briathra a úsáidtear ann anois a athrú, mar go bhféadfaí páistí áirithe a fhágáil ar lár.

Tuairim amháin a tháinig chun cinn ar bhonn leanúnach le linn an chomhairliúcháin ba ea nár mhór do CNCM cur síos sonrach a dhéanamh ar an bhfoghlaim lena mbeifí ag súil ó na páistí ag na leibhéil éagsúla ranga. B'ábhar iontais é, sa chomhthéacs seo, nach ndearnadh mórán tagairtí dó go ndéantar cur síos sna Torthaí Foghlama ar an bhfoghlaim lena mbeifí ag súil ag deireadh Chéim 1(na naíonáin mhóra) agus ag deireadh Chéim 2 (Rang a 2). Luaigh roinnt freagróirí gurbh ábhar imní dóibh go gcuirfí deireadh le cuspóirí bunaithe ar an rang nó le cur síos a dhéanamh ar ábhar an churaclaim agus chuir na rannpháirtithe sin in iúl gur mhaith leo go sonrófaí an rud a bheadh le múineadh do na leibhéil shonracha ranga. Ba mhúinteoirí i scoileanna móra nó i scoileanna meánmhéide ba mhó a thug aiseolas diúltach maidir leis an athrú ar an ngné seo den churaclam. Léiríodh san aiseolas a fuarthas ó thimpeallachtaí oideachais speisialta agus ó mhúinteoirí agus ó phríomhoidí i dtimpeallachtaí beaga ilghráid go dtagann an dréachtsonraíocht nua níos mó le riachtanais pleanála curaclaim, teagaisc agus measúnaithe sna timpeallachtaí seo. Leag freagróirí áirithe béim air go bhfuil sé úsáideach go gcuirtear an tsonraíocht in iúl gan na leibhéil éagsúla ranga a lua mar go mbíonn saoirse ghairmiúil agus neamhspleáchas níos mó ann don mhúinteoir.

Is léir ó na torthaí go bhfuil teannas suntasach ann agus gur dúshlán é don fhorbairt cothromaíocht a fháil idir leibhéal cuí sonraíochta agus tacaíochta a chur ar fáil do mhúinteoirí agus leibhéal cuí neamhspleáchais agus gníomhaíochta a choimeád do mhúinteoirí san am céanna. Ar an ábhar seo, agus chun an dúshlán seo a bhainistiú, beidh sé tábhachtach go gcloítear leis an gealltanas a tugadh go gcuirfí curaclam cuimsitheach ar fáil do na páistí uile. I gcomhréir leis an mbunphrionsabal atá ann go bhforbrófar CMB cuimsitheach, beidh sé mar aidhm ag an bhforbairt a dhéanfar ar an tsonraíocht amach anseo na constaicí atá ann don chuimsiú do na páistí uile a bhaint amach nó a laghdú a fhad agus is féidir, agus tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí freisin le go mbeidh siad in ann an curaclam a bhainistiú agus eispéiris éifeachtacha foghlama a chur ar fáil do gach páiste.

## Torthaí Foghlama agus Contanaim Dul chun Cinn

D’aithin freagróirí sna snáitheanna éagsúla den chomhairliúchán go gcuireann na Torthaí Foghlama athrú mór ar an gcaoi a gcuirtear an curaclam i láthair. Tháinig ceisteanna chun cinn go minic sna snáitheanna éagsúla den chomhairliúchán maidir lena fhairsinge atá na Torthaí Foghlama agus an muinín a bheidh ag na múinteoirí agus iad ag oibriú leis na Torthaí Foghlama atá *ródoiléir* dar le roinnt mhaith díobh. Cuirtear béim mhór air sa litríocht idirnáisiúnta (e.g. Park & Sung, 2011; Troudi & Alwan, 2010; Mellegard & Dahlberg Pettersen, 2016) gur ceist lárnach do lucht ceaptha curaclam agus beartais muinín múinteoirí. D’fhonn cothromaíocht a bhaint amach idir Torthaí Foghlama a bheadh sách leathan le nach beidh an róshonraíocht ann agus go leor sonraí a chur ar fáil do mhúinteoirí san am céanna, mhol an líonra scoileanna go ndéanfaí na príomhchoincheapa matamaiticiúla i ngach toradh foghlama a bhriseadh síos a thuilleadh. Cuireadh in iúl go láidir san aiseolas a fuarthas ó na scoileanna nár mhór na Torthaí Foghlama a chur chun tosaigh sa tsonraíocht chun béim a leagan air gur tosaíocht iad.

Aithníodh an leanúnachas leis an gcuraclam matamaitice iar-bhunscoile agus an méadú ar neamhspleáchas do mhúinteoirí i measc na mbuntáistí a bhainfeadh le Torthaí Foghlama a úsáid. Iarradh go gcuirfí teachtaireachtaí soiléire comhsheasmhacha amach maidir le ról na dTorthaí foghlama, agus leag an líonra scoileanna béim air nár mhór an teachtaireacht sin a chur in iúl do scoileanna ag na himeachtaí forbartha gairmiúla agus nár mhór é a dhéanamh sula gcuirfí an curaclam chun feidhme. D’iarr múinteoirí freisin go gcuirfí treoir ar fáil dóibh faoin gcaoi a ndéanfaidís na Torthaí Foghlama a cheistiú agus a láimhseáil chun críocha pleanála, teagaisc agus measúnaithe. A luaithe agus a d’aithin na múinteoirí sa líonra scoileanna go mbunaítear an phleanáil, an teagasc agus an fhoghlaim ar na Torthaí Foghlama, glacadh ní b’fhonnmhaire leo agus bhí muinín ní ba mhó ag múinteoirí agus iad ag plé leo. Bhain cuid mhaith den aiseolas a fuarthas ar an bpleanáil le ról na dTorthaí Foghlama sa phleanáil, sa teagasc agus sna heispéiris foghlama sa mhatamaitic sa seomra ranga a chur chun cinn.

Is léir go bhfuil plé fós ag dul ar aghaidh sa chóras maidir leis na Contanaim Dul chun Cinn. Léiríonn torthaí ó na snáitheanna éagsúla den chomhairliúchán go bhfuil neamhsheasmhacht ann sa tuiscint atá ag na scoileanna orthu. Chuir freagróirí in iúl go minic go raibh frustrachas agus imní orthu go mbeadh orthu páistí nó ranganna a lua leis na mórchéimeanna agus bhí imní ann roimh an ‘ualach breise oibre’ agus an ‘páipéarachas’ a bheadh i gceist leis. Cuireadh mearbhall ar fhreagróirí agus bhí míthuiscint ann gurbh iad na Contanaim Dul chun Cinn túsphointe an churaclaim mar gheall ar an áit a raibh siad sa tsonraíocht. Ní mór féachaint ar na gnéithe sin den tsonraíocht chun na deacrachtaí a bhí ag múinteoirí agus an frustrachas a bhí orthu a mhaolú. Tháinig sé chun cinn go raibh ceist ann maidir le soiléireacht na teanga a úsáidtear sna Contanaim Dul chun Cinn freisin. I bhfianaise na neamhsheasmhachta a chonacthas, ní mór teachtaireachtaí soiléire a chur amach i dtaobh ról agus

fheidhm na gContanam Dul chun Cinn. Bhí deis ann le linn an phróisis comhairliúcháin leis an líonra scoileanna moltaí agus treoir a iarradh ó na múinteoirí rannpháirteacha maidir leis an gcaoi is fearr chun an úsáid ba cheart a bhaint as na Contanaim Dul chun Cinn a chur in iúl do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do scoileanna. Breathnófar ar an treoir agus ar na moltaí seo leis na forbairtí a dhéanfar amach anseo. Tugadh faoi deara san aiseolas freisin go ndearna roinnt múinteoirí critíc faoina chabhraí atá CMB i ndáil le túsphointe a aithint d'fhoghlaim na bpáistí, mar shampla, ag tús na bliana acadúla. Rinne mionlach tagairt don mheasúnú foirmitheach mar uirlis a bhféadfaí í a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo, ach iarradh go gcuirfí treoir shuntasach agus tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí sa réimse áirithe seo. I bhfianaise a lárnaí agus a bheidh an measúnú foirmitheach maidir leis na torthaí foghlama a bhainistiú, tugtar le fios sna torthaí nár mhór go gcabhródh tacaíochtaí curaclaim le múinteoirí túsphointí féideartha don phleanáil agus don teagasc a aimsiú don rang ag tús na bliana acadúla.

# Teagasc agus foghlaim

## Dearcthaí atá ag athrú

Cuireadh réimse leathan dearcthaí ar an dréacht de CMB nua in iúl sna snáitheanna éagsúla den chomhairliúchán agus rinneadh plé saibhir ar ghnéithe bunúsacha, praiticiúla agus forbartha den churaclam. Chuir an líon mór freagraí a fuarthas ar an gceistneoir comhairliúcháin ar líne léargas cuimsitheach ar fáil ar na tuairimí agus ar na dearcaí a bhí ag múinteoirí ag an tús agus iad ag dul i ngleic leis na príomhtheachtaireachtaí, leis na haidhmeanna agus leis an réasúnaíocht atá mar bhunús leis an gcuraclam nua. Chuir an ceistneoir agus na seimineáir chomhairliúcháin léargas ar na ceisteanna agus ar an ábhar imní a bhí ag múinteoirí maidir leis an gcaoi a gcuirfí an curaclam chun feidhme go praiticiúil agus ar an gcaoi a rachadh seo i bhfeidhm ar na bpleanáil, an teagasc, an measúnú agus an difreáil sa seomra ranga. Chuir na múinteoirí uile in iúl nár mhór forbairt fheiliúnach ghairmiúil mar aon le réimse ábhair tacaíochta don churaclam a chur ar fáil chun cabhrú le múinteoirí CMB nua a ghlacadh agus mar thacaíocht agus mar spreagadh leis an gcuraclam a chur chun feidhme sna seomraí ranga.

Cé gur tháinig cuid de na ceisteanna céanna chun cinn ón líonra scoileanna agus a tháinig chun cinn ó na múinteoirí a rinne an ceistneoir ar líne, léiríonn na torthaí a bailíodh ón líonra scoileanna an t-athrú ollmhór a tháinig ar dhearcaí na múinteoirí agus iad ag plé leis an bpróiseas comhairliúcháin don tréimhse cúig mhí. Bhí an deis ann toisc an líonra scoileanna a bunaíodh mar snáithe den

chomhairliúchán oibriú le múinteoirí agus iad ag déanamh a mbealach tríd an tsonraíocht agus á ceistiú. An rud a tháinig chun solais sa phróiseas seo ba ea an t-athrú ar dhearcaí na múinteoirí ar an dréachtchuraclam.

Léiríonn an ghníomhaíocht mhachnaimh a rinneadh le múinteoirí sa líonra scoileanna ag an gcruinniú deireanach (féach Tábla 7) leis na scoileanna an t-athrú a tháinig ar dhearcaí na múinteoirí le linn an phróisis comhairliúcháin. Chuir roinnt múinteoirí in iúl go raibh dearcadh diúltach acu i leith an churaclaim ag an tús e.g. ‘corraithe’, ‘imníoch’, ‘trí chéile’ agus ‘cantalach’. Mar sin féin, bhí codarsnacht ollmhór le feiceáil idir na dearcaí seo agus na dearcaí a cuireadh in iúl ag deireadh an phróisis comhairliúcháin, agus múinteoirí ag cur in iúl go raibh siad ‘dearfach’, ’eolach’ agus ‘níos suaimhní’.

Is fiú a lua gur léirigh na torthaí ón gceistneoir gur cheap 88% de na freagróirí go raibh an réasúnaíocht don athrú ar CMB doiléir. Nuair a cuireadh an cheist chéanna ar an líonra scoileanna ag deireadh an chomhairliúcháin, chuir 74% de na múinteoirí go raibh an réasúnaíocht don athrú soiléir. I gcomparáid leis sin, chuir na múinteoirí ón snáithe líonra scoileanna go raibh sé ní b’éasca an curaclam a thuiscint agus úsáid a bhaint as nuair a bhí tuiscint ní ba shoiléire acu ar an réasúnaíocht don churaclam nua agus nuair a míníodh struchtúr agus ról an churaclaim nua dóibh. Léiríonn an comparáid seo sna freagraí ón gceistneoir ar líne agus ón líonra scoileanna nár mhór do CNCM an dréacht reatha a athchóiriú le go mbeidh gach múinteoir chomh soiléir céanna agus na múinteoirí a ghlac páirt sa líonra scoileanna. Toradh eile ar an obair a rinneadh leis an líonra scoileanna ba ea go bhfuarthas tuiscint ní b’fhearr ar na teachtaireachtaí faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim sa dréacht de CMB. Chuir múinteoirí eile in iúl gur tháinig athrú ollmhór ar an dearcadh a bhí acu nuair a chonaic siad an chaoi a ndeachaigh an curaclam nua i bhfeidhm ar fhoghlaim na bpáistí ina seomraí ranga féin.

## Eispéiris foghlama na bpáistí

Thug tuairimí na bpáistí ón líonra scoileanna léargas ar eispéiris foghlama na bpáistí sa mhatamaitic agus an dréachtchuraclam nua in úsáid. Cé nár bailíodh sonraí faoi na heispéiris foghlama a bhí ag na páistí cheana, cuirtear síos sna torthaí, i bhfocail na bpáistí féin, ar na heispéiris a bhí acu nuair a cuireadh codanna den dréacht de CMB chun feidhme sa seomra ranga. Nuair a bhreathnaítear ar an dá rud le chéile, léiríonn na tuairimí seo gur chodanna móra iad an spraoi agus an taitneamh d’eispéiris foghlama na bpáistí leis an gcuraclam nua. Léiríodh san anailís a rinneadh ar ghuth na bpáistí gur labhair siad ar bhealach dearfach spreagtha faoi na heispéiris foghlama a bhí acu. Tháinig an spraoi agus an spraíúlacht chun cinn mar phríomhthéama i nguthanna na bpáistí, agus

bhreathnaigh roinnt páistí ar na heispéiris foghlama a bhí acu leis an gcuraclam nua mar chluiche, ag leagan béim ar an gcaoi a gcuirtear an spraoi agus an rannpháirtíocht chun cinn sa churaclam nua. Rinneadh na páistí cur síos ar an bhfoghlaim mar phróiseas gníomhach a raibh gluaiseacht i gceist leis, agus léiríodh foghlaim phraiticiúil thadhlach sna focail a d'úsáid siad agus sna pictiúir a tharraing siad.

Téama suntasach a tháinig chun solais trí phictiúir agus trí fhocail na bpáistí ba ea an t-ábhar nithiúil, acmhainní agus láimhseoga mar chuid den fhoghlaim leis an gcuraclam nua. Ábhar plé eile a tháinig chun cinn ó na sonraí ba ea na tuairimí éagsúla i ndáil leis an easpa téacsleabhar sna ceachtanna, dúirt páiste amháin go raibh sé 'spraíúil' briseadh a fháil ó na téacsleabhair, ach níor aithin páiste eile an fhoghlaim mar 'mata' mar gheall nach raibh aon téacsleabhar in úsáid. Amach anseo, níor mhór iniúchadh a dhéanamh arís, go háirithe le páistí níos sine, le go dtuigfidh siad an chaoi a dtagann na tréithe den mhatamaitic ar a mbreathnaítear sa chéim seo leis an bhfoghlaim sa mhatamaitic sa scoil trí chéile.

Bhí an-chosúlacht le sonrú idir na tuairimí a léiríodh sa snáithe den chomhairliúchán do ghuth na bpáistí agus na tuairimí a léirigh na tuismitheoirí i ndáil leis an gcaoi ba mhaith le páistí an matamaitic a fhoghlaim. Leag tuismitheoirí béim ar a thábhachtaí atá an fhoghlaim ghníomhach, an spraoi agus an mhatamaitic a chur chun feidhme go praiticiúil le go ndéanfaidh páistí an fhoghlaim is fearr is féidir sa mhatamaitic. Leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann leis an matamaitic a chur chun cinn mar rud taitneamhach agus mar rud atá úsáideach sa 'saol réadúil' freisin. Anuas air sin, luaigh tuismitheoirí a thábhachtaí atá sé freastal a dhéanamh ar stíleanna éagsúla foghlama sa mhatamaitic a theagasc i seomraí ranga bunscoile.

# Tacaíochtaí curaclaim

## Tacaíocht oideolaíoch

Bhain cuid mhór de na freagraí a fuarthas sa chomhairliúchán leis an gcaoi a rachaidh an curaclam atá beartaithe i bhfeidhm ar an teagasc sna seomraí ranga. D'fhonn tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí an curaclam a chur chun feidhme, bhí rannpháirtithe meáite air go mbeadh uirlisí úsáide cuimsitheacha ag teastáil ó mhúinteoirí chun tacaíocht agus treoir a thabhairt dóibh faoin gcaoi a gcuirfí an curaclam chun feidhme agus chun eiseamláirí a thabhairt ar na cineálacha eispéiris foghlama a bhfuil sé mar aidhm ag an gcuraclam iad a chothú. Ba chúis sásaimh do roinnt scoileanna agus múinteoirí agus dar leo féin go mbeadh deis ann leis an gcuraclam nua aghaidh a thabhairt ar

spleáchas múinteoirí ar na téacsleabhair. Ceapadh gur rogha mhaith a bheadh in uirlisí úsáide maithe don mhúinteoir chun tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí an curaclam atá beartaithe a chur chun feidhme agus chun a áirithiú nach bhfillfeadh múinteoirí ar an iomarca úsáide a bhaint as na téacsleabhair. I ndiaidh sin is uile, is ábhar iontais é gur bheag fianaise a bhí ann go raibh tuiscint nó taithí ag múinteoirí ar an ábhar tacaíochta atá ar fáil cheana ar an suíomh gréasáin d'ábhar tacaíochta do mhúinteoirí i ndáil le Curaclam Teanga na Bunscoile agus mar sin, níor mhór iarracht a dhéanamh a chur in iúl do scoileanna go bhfuil tacaíochtaí dá leithéid ar fáil.

Leag múinteoirí béim air gur fadhb í nach bhfuil treoirlínte measúnaithe mar chuid den tsonraíocht agus d'iarr roinnt múinteoirí go gcuirfí tacaíochtaí ar leith ar fáil i ndáil leis an measúnú suimitheach agus an measúnú foirmitheach, mar gheall go bhfuil an t-aiseolas cuiditheach mar chuid den phróiseas foghlama. Ar ndóigh, is ceist mhór do mhúinteoirí an phleanáil agus níor mhór aghaidh a thabhairt uirthi san fhorbairt amach anseo. Anuas air sin, d'iarr roinnt scoileanna go gcuirfí ní ba mhó tacaíocht ar fáil i ndáil leis an oideolaíocht. Braith na scoileanna seo go dtugtar deis iontach do mhúinteoirí leis an gcuraclam seo machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a múintear an mhatamaitic agus spreagtar múinteoirí chun eispéireas dearfach foghlama a chur ar fáil do pháistí. Thug na múinteoirí agus na scoileanna aiseolas dearfach i dtaobh na meitichleachtas a pléadh ag na himeachtaí comhairliúcháin agus chuir siad in iúl gur mhaith leo go gcuirfí ábhair tacaíochta ar fáil chun na hoideolaíochtaí nua seo agus na bealaí nua seo chun breathnú ar an matamaitic a chur chun cinn.

Léirítear leis na tagairtí a rinneadh d'*Aistear* agus don spraoi go bhfuil tuiscintí éagsúla ann ar a bhfuil i gceist leis an fréamh ''trí eispéiris spraíúla foghlama iomchuí, ba cheart go mbeadh páistí in ann" agus ar an gcuma phraiticiúil a bheadh air.  Tugtar le fios leis na tagairtí rialta do 'Aistear' mar ghníomhaíocht go bhfuiltear á úsáid mar chomhchiallach do 'spraoi', ach ní thagann na gníomhaíochtaí féin ar a ndéantar cur síos lena bhfuil i gceist le spraoi sa scoláireacht luathóige nó in *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* (CNCM, 2009). Cuirtear in iúl go minic nár cuireadh aon fhorbairt ghairmiúil leanúnach náisiúnta ar fáil chun tacú le hoideolaíocht an spraoi agus mar sin, is éasca a thuiscint cén fath a bhfuil tuiscintí éagsúla air. Mar sin féin, tá sé soiléir freisin go bhfuil tacaíocht shuntasach ann do chuir chuige teagaisc agus foghlama dá leithéid, sna ranganna naíonán ar a laghad, agus tugtar léargas maith air seo sna torthaí ón líonra scoileanna.

## Tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí

Tá tábhacht rannpháirtíocht na dtuismitheoirí le sonrú san Acht Oideachais, 1998 mar ar tugadh

aitheantas reachtúil do Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí as ionchur a dhéanamh sa bheartas náisiúnta (Rialtas na hÉireann, 2018). Thug na ceisteanna a chuir tuismitheoirí ar CNCM le linn an phróisis comhairliúcháin agus na tuairimí a léirigh siad gurbh é an t-ábhar imní ba mhó a bhí ann do thuismitheoirí an chaoi a gcuirfí an curaclam chun feidhme agus an chaoi a ndéanfaí é a mheas. Rinneadh tagairt freisin don ról a bheadh ag an tástáil chaighdeánaithe agus an deacracht a d'fhéadfadh a bheith ann feidhmíocht an pháiste sa mhatamaitic a mheas leis an gcuraclam nua. Ceistíodh freisin an chaoi a rachadh na hathruithe i bhfeidhm ar eispéireas na bpáistí sa seomra ranga, a rannpháirtí agus a bheadh tuismitheoirí agus na hathruithe á gcur chun feidhme, agus an tacaíocht a thabharfaí dóibh. Chuir formhór na dtuismitheoirí a bhí páirteach in iúl go raibh siad den tuairim gur cheart aistear nó eispéiris spraíúla foghlama agus an fhorbairt ar theanga na matamaitic a chur chun cinn tar éis ranganna na naíonán freisin d'fhonn eispéireas dearfach foghlama a chothú do pháistí. Is gné an-suimiúil den aiseolas seo don iniúchadh a dhéanfar amach anseo, go háirithe i ndáil le tuairimí na múinteoirí faoina fheiliúnaí atá an fhoghlaim spraíúil, go háirithe do pháistí níos sine. Cé go mbraitheann tuismitheoirí gur ábhar imní go fóill í do thuismitheoirí an obair bhaile, ba chúis áthais dóibh na deiseanna a bheadh ann leis an gcuraclam nua deireadh a chur leis an eagla a bhíonn ar pháistí roimh an matamaitic. Mhol na tuismitheoirí a bhí páirteach sa chomhairliúchán roinnt beart le go mbeadh tuismitheoirí páirteach agus rannpháirteach agus na hathruithe á gcur ar an gcuraclam, go háirithe go mbainfí úsáid as na meáin shóisialta agus go gcuirfí ábhar tacaíochta curaclaim ar fáil do thuismitheoirí, amhail bileoga nodanna, aipeanna agus cluichí.

Bhain na príomh-mholtaí a tháinig chun ón gcomhairliúchán i ndáil le tuismitheoirí le teachtaireachtaí sa tsonraíocht féin, le tacaíochtaí curaclam ar leith a chur ar fáil do thuismitheoirí agus an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhforbairtí a dhéanfar amach anseo. I bhfianaise an ról tábhachtach a bhíonn ag tuismitheoirí tacaíocht a thabhairt don pháiste i rith na scolaíochta, tá sé ríthábhachtach don churaclam a chur chun feidhme go gcumasófar tuismitheoirí chun tacaíocht a thabhairt do pháistí san fhoghlaim sa mhatamaitic.

# Cúinsí seachtracha

Le linn an chomhairliúcháin, chuir rannpháirtithe ceisteanna a bhain le cúinsí ar chúinsí seachtracha iad i ndáil leis an gcuraclam a fhorbairt agus nach mbaineann, go bunúsach, le sainchúram na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ach cúinsí, mar sin féin, a rachadh go mór i bhfeidhm ar an gcaoi a nglacfadh múinteoirí, scoileanna, tuismitheoirí agus páistí an curaclam nua dar leis na rannpháirtithe.

Nuair a tugadh deis do na rannpháirtithe sna snáitheanna éagsúla den chomhairliúchán ceisteanna a chur, tháinig ceist/tuairim chun cinn go mion minic ó mhúinteoirí maidir leis an doiléireacht agus débhríocht atá ann maidir leis na hionchais a bheadh ann do scoileanna maidir le cúrsaí cuntasachta, an phleanáil agus an measúnú. Chuir múinteoirí imní in iúl go háirithe maidir leis an neamhsheasmhacht a bheadh ann idir intinniúlacht churaclaim agus an chigireacht ábhair agus an chigireacht ar an scoil uile sna scoileanna. Anuas air sin, chuir múinteoirí in iúl go raibh imní orthu go dtiocfadh méadú mór ar an bpáipéarachas agus ar an am a bheadh de dhíth chun daltaí a mheas agus a 'rianú' leis an gcuraclam nua.

I bhfianaise go bhféadfadh sé go mbeadh athrú ar an gcleachtas teagaisc de dhíth agus/nó go mbeadh ar mhúinteoirí meitichleachtais bunaithe ar an taighde, mar a shonraítear sna tuairiscí taighde, (Dooley at al., 2014; Dunphy et al. 2014) a thosú d'fhonn na físe d'fhoghlaim na bpáistí a chuirtear chun cinn sa churaclam a thabhairt chun críche, leag múinteoirí béim ar a thábhachtaí a bheadh deiseanna forbartha gairmiúla a chur ar fáil le go gcuirfidís eolas ar an ábhar agus ar an oideolaíocht agus mar sin, go mbeidís in ann an curaclam a chur chun feidhme sa seomra ranga. Luaigh múinteoirí go mbeadh forbairt ghairmiúil scoilbhunaithe agus comhráite gairmiúla éascaithe agus comhoibriú sna scoileanna de dhíth le go ndéanfaidh múinteoirí na hathruithe a phlé agus a inmhéanú ar leibhéil áitiúil agus go gcuirfear brí le haidhmeanna agus le spriocanna an churaclaim bunscoile.

Aithníodh sa chomhairliúchán go bhféadfaí pobail ghairmiúla foghlama a bhunú d'fhonn tacaíocht a thabhairt do CMB nua a chur i bhfeidhm. Tá pobail dá leithéid ag éirí níos coitianta an t-am ar fad mar gur bealach éifeachtach iad an comhoibriú a mhéadú agus feabhas a chur ar eispéiris foghlama agus ar thorthaí, agus mar sin, bíonn tionchar ollmhór acu ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim i scoileanna (DuFour, 2004).

Chuir idir thuismitheoirí agus múinteoirí in iúl gurbh ábhar imní dóibh an chaoi a rachadh an tástáil chaighdeánaithe i bhfeidhm ar an méid a chuirfeadh múinteoirí agus scoileanna an curaclam nua mar atá beartaithe chun feidhme. Chuir sé imní ar thuismitheoirí go ndíreofaí ar an gcineál eolais agus scileanna a mheastar sna tástálacha caighdeánaithe sa seomra ranga agus go mbeadh na gnéithe nua den inniúlacht sa mhatamaitic a chuirtear chun cinn sa churaclam nua, amhail meon táirgiúil (an taitneamh a bhaineann páistí as an matamaitic agus muinín na bpáistí) thíos leis. Leag roinnt múinteoirí ón líonra scoileanna béim ar a thábhachtaí a bheadh sé go mbeadh na tástálacha caighdeánaithe comhsheasmhach agus go ndéanfaí an réimse leathan scileanna matamaiticiúla sna gnéithe de CMB a mheas.

Léirigh roinnt múinteoirí freisin go raibh imní orthu faoi líon na ndaltaí i ranganna agus go mbeadh

maoiniú agus acmhainní cuí de dhíth chun an curaclam a chur chun feidhme.  Rinne tagairt ar leith do acmhainní agus infreastruchtúr digiteach a chur ar fáil, i bhfianaise go bhfuiltear ag súil leis go gcuirfear na huirlisí úsáide do mhúinteoirí ar fáil ar líne den chuid is mó. Cheistigh líon beag múinteoirí ról na dtéacsleabhar agus na bhfoilsitheoirí sa churaclam nua.

# Conclúid

## Achoimre ar na príomh-mholtaí don fhorbairt

De dheasca thorthaí an chomhairliúcháin, déantar na príomh-mholtaí seo a leanas i ndáil leis an bhforbairt (leanúnach) ar CMB do rang na naíonán beag do dtí rang a 6. Cuirtear i láthair faoi ocht mórthéama iad.

**Teachtaireachtaí**

- Ní mór an comhthéacs agus an réasúnaíocht don athrú ar an gcuraclam matamaitice a chur in iúl go soiléir do na páirtithe leasmhara.
- Ní mór cur síos níos soiléire a dhéanamh ar ról na gcodanna éagsúla den tsonraíocht, go háirithe na Torthaí Foghlama agus na Contanaim Dul chun Cinn agus ábhar tacaíochta a chur ar fáil i ndáil leis an gcaoi a n-úsáidfeadh múinteoirí na codanna seo chun eispéiris shaibhre matamaitice a phleanáil agus a chur ar fáil do pháistí.
- Ba cheart é a chur in iúl go soiléir gurb é aidhm an churaclaim tacaíocht a thabhairt d’fhoghlaim na bpáistí uile sa mhatamaitic agus ní mór cur síos soiléir a dhéanamh ar na príomhchodanna den churaclam lena mbainfear seo amach.
- Ba cheart réim sothuigthe teanga a úsáid sa leagan Gaeilge de CMB le go dtuigfidh múinteoirí atá ag oibriú i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna an t-ábhar go héasca.
- Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar a chuimsithí atá an tsonraíocht, go háirithe maidir le mórchéim a
  agus an réim teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar eispéiris foghlama na bpáistí.

**Torthaí Foghlama**

- Ba cheart béim a leagan ar an gcur i láthair fisiciúil a dhéantar ar na Torthaí Foghlama mar léiriú ar an bhfeidhm atá acu mar phríomhchuid de CMB.
- Ba cheart treoir a chur ar fáil maidir leis na Torthaí Foghlama a úsáid mar fhócas don phleanáil, don teagasc agus don fhoghlaim a mheas sa seomra ranga.

- D’fhonn an imní atá ann faoi dheireadh a chur leis na cuspóirí foghlama rangbhunaithe a mhaolú agus chun go mbeidh siad inúsáidte do mhúinteoirí, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na Torthaí Foghlama agus eolas níos sonraí a chur iontu maidir leis an príomhchoincheapa ar a mbunaítear an Toradh Foghlama.

**Contanaim Dul chun Cinn**

- Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an áit a bhfuil na Contanaim Dul chun Cinn sa tsonraíocht d’fhonn béim a leagan ar an ról atá acu mar thacaíocht don teagasc agus don fhoghlaim.
- Ní mór soiléiriú a dhéanamh ar na teachtaireachtaí a chuirtear in iúl sa tsonraíocht i ndáil le ról na dTorthaí Foghlama agus na gContanam Dul chun Cinn sa phleanáil agus sa mheasúnú a dhéantar ar fhoghlaim na bpáistí sa mhatamaitic.
- Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an teanga a úsáidtear sna Contanaim Dul chun Cinn chun a áirithiú go bhfuil sé gonta beacht agus go bhfuil sé sothuigthe do mhúinteoirí freisin.

**Oilteacht sa mhatamaitic**

- Ba cheart an oilteacht sa mhatamaitic a chur i láthair ar bhealach níos téagartha agus níos leithne agus soiléiriú a dhéanamh ar na cúig ghné agus ar an ngaol atá eatarthu.
- Ba cheart samplaí a chur ar fáil chun an chaoi ar féidir na cúig ghné den oilteacht sa mhatamaitic a fhorbairt trí eispéiris sa seomra ranga a léiriú.

**Tacaíocht a thabhairt don oideolaíocht**

- Ní mór tuilleadh samplaí de na cuir chuige oideolaíocha, lena n-áirítear an spraoi, an teagasc spraíúil agus an fhoghlaim spraíúil, a chur ar fáil.
- Ba cheart na meitichleachtais, mar a shonraítear sna tuairiscí taighde, a chur chun tosaigh sa tsonraíocht mar léargas ar na hathruithe atá beartaithe agus chun tacaíocht a chur ar fáil d’fhís nua don oideolaíocht sa mhatamaitic bunscoile.

**Ábhar tacaíochta**

- Ba cheart uirlisí úsáide cuimsitheacha ina bhfuil a lán acmhainní a fhorbairt mar thacaíocht don tsonraíocht churaclaim a chur chun feidhme. Áirítear leis seo, ábhar tacaíochta do mhúinteoirí, samplaí d’fhoghlaim páistí sa seomra ranga agus tacaíocht do thuismitheoirí.
- Ba cheart ábhar tacaíochta agus samplaí a fhorbairt ina léirítear éagsúlacht na gcomhthéacsanna scoile lena n-áirítear scoileanna speisialta agus scoileanna Gaeltachta agus

Gaelscoileanna.

**Comhairliúchán**

- Ba cheart ábhar tacaíochta a chur ar fáil mar chuid den chéad chéim eile den chomhairliúchán.
- Ba cheart díriú ní ba mhó ar dhearcaí na bpáistí sa chéad chéim eile den chomhairliúchán.

## Ag tacú leis an athrú

Bíonn sé casta athrú agus athchóiriú a dhéanamh ar an gcuraclam. Tháinig an comhairliúchán ar an dréacht de CMB léargas agus ábhar machnaimh tábhachtach chun cinn maidir le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí, tuismitheoirí, scoileanna agus páistí le go nglacfaidh siad leis an athrú ar an gcuraclam agus mar sin, go mbeidh siad ag oibriú le curaclam matamaitice atá difriúil go leor ó churaclam matamaitice 1999 ar go leor bealaí. Léirítear leis an athrú a chonacthas ag teacht ar dhearcaí sa chomhairliúchán na cineálacha tacaíochta agus an méid tacaíochta a bheidh de dhíth ar mhúinteoirí, ar thuismitheoirí agus ar scoileanna chun an t-athrú a éascú. Beidh sé bunriachtanach uirlisí úsáide cuimsitheacha do mhúinteoirí a fhorbairt le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí an curaclam a úsáid chun na heispéiris shaibhre foghlama a chuirtear chun cinn sa tsonraíocht a sholáthar do pháistí. Beidh sé tábhachtach treoir a thabhairt do mhúinteoirí i ndáil leis an bpleanáil, an teagasc, an fhoghlaim spraíúil agus an difreáil agus samplaí d'fhoghlaim na bpáistí sna snáitheanna éagsúla matamaitice a chur ar fáil freisin. I bhfianaise na n-athruithe a bhaineann leis an gcuraclam nua, beidh deiseanna forbartha gairmiúla de dhíth ar mhúinteoirí freisin le go mbeidh siad in ann an curaclam nua a cheistiú agus a phlé agus aidhmeanna, réasúnaíocht, prionsabail agus leagan amach an churaclaim nua a inmheánú ina gcleachtas féin ar leibhéal áitiúil.

Mar thacaíocht leis an gcuraclam nua a chur chun feidhme, theastaigh ó mhúinteoirí agus ó thuismitheoirí go ndeimhneofaí go mbeadh an tástáil chaighdeánaithe ag teacht le aidhmeanna agus prionsabail CMB nua agus go ndéanfadh sí iad a dhaingniú. Ar an mbonn céanna, ní mór don chigireacht a shoiléiriú do mhúinteoirí cad iad na hionchais a bheidh aici do mhúinteoirí agus do scoileanna maidir leis an bpleanáil, an measúnú agus an páipéarachas le go mbeidh siad in ann bearta cuntasachta a shásamh i ndáil leis an gcuraclam a chur chun feidhme.

## Comhairliúchán i ndáil leis an tsonraíocht do na naíonáin bheaga go dtí rang a sé

Mar gheall go léiríonn eispéiris na bpáistí a bhí páirteach sa chomhairliúchán na heispéiris foghlama

a bhí beartaithe leis an dréachtchuraclam bunscoile, bheadh sé tairbheach dá gcuimseofaí grúpa ní ba leithne leis an nguth páistí sa chéad chéim eile den chomhairliúchán ar an dréachtchuraclam ó rang na naíonán beag go dtí rang a 6.

Sa chomhairliúchán seo, leag idir mhúinteoirí agus tuismitheoirí béim ar a thábhachtaí a bheadh uirlisí úsáide do mhúinteoirí chun tacú le múinteoirí na hathruithe atá beartaithe leis an gcuraclam nua a ghlacadh agus an curaclam nua a chur chun feidhme. Dá réir sin, bheadh tairbhe ann dá dtapófaí an deis leis an gcéad comhairliúchán eile chun tacar bunúsach tacaíochta a thabhairt do mhúinteoirí leis an dréachtsonraíocht ó rang na naíonán mór go dtí rang a sé agus aiseolas a bhailiú ina dhiaidh sin ar a úsáidí agus a fheidhmiúla a bhí an t-ábhar tacaíochta.

## Na chéad chéimeanna eile

Cuirfear torthaí an chomhairliúcháin san áireamh agus leanfar den obair ar dhréachtchuraclam a fhorbairt ag díriú ar rang na naíonán beag go dtí rang a sé. Táthar ag súil go bhfaomhfar an dréachtchuraclam do na hocht rang ar fad i gcomhair comhairliúchán faoi dheireadh 2018 agus go dtabharfar faoin gcomhairliúchán in earrach na bliana 2019. De réir amlíne athbhreithnithe ROS don mhatamaitic bunscoile, táthar ag súil go bhfoilseofar an tsonraíocht do rang na naíonán beag go dtí rang a sé i bhfómhar na bliana 2019.

Ba mhaith le CNCM buíochas mór a ghabháil leis na daoine a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin. Glactar buíochas leis na príomhoidí agus na múinteoirí a bhí mar chuid den líonra scoileanna, na daoine a rinne an suirbhé ar líne, na daoine a d'fhreastail ar na seimineáir phoiblí chomhairliúcháin agus na grúpaí leasmhara a rinne éascú ar imeachtaí nó a chuidigh leo as an am a chaith siad ag plé leis an gcomhairliúchán agus as an aiseolas tomhaiste a thug siad.

# Tagairtí


Boyatzis, R. (1998). *Transforming qualitative information: Thematic analysis and code development*. Thousand Oaks, CA: Sage.

Braun, V., & Clarke, V. (2006). Using thematic analysis in psychology. *Qualitative Research in Psychology, 3*(2), 77-101.

Burke, D. (2014). *Audit of Mathematics Curriculum Policy across 12 Jurisdictions*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Charmaz, K. (2006). *Constructing grounded theory: A practical guide through qualitative analysis.* Londain, An Ríocht Aontaithe: Sage.

Clark, A., & Moss, P. (2011). *Listening to young children: The mosaic approach* (2ú heag.). Londain, An Ríocht Aontaithe: National Children's Bureau.

Cohen, L., Manion, L., & Morrison, K. (2011). *Research methods in education* (7ú heag.). Londain, An Ríocht Aontaithe: Routledge.

Cresswell, J. (2013). *Qualitative inquiry & research design: Choosing among five approaches* (3ú heag.). Londain, An Ríocht Aontaithe: Sage.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2005). *An Evaluation of Curriculum Implementation in Primary Schools – English, Mathematics and Visual Arts*. Baile Átha Cliath: New Oceans.

Dooley, T., Dunphy, E, & Shiel, G. (2014). *Mathematics in Early Childhood and Primary Education. Research Report 18.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

DuFour, R. (2004). What is a Professional Learning Community? *Educational Leadership*, 61(8), 6-

11. Dunphy, E. Dooley, T & Shiel, G. (2014). *Mathematics in Early Childhood and Primary Education.* Tuarascáil Taighde 17. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Dweck, C. (2007). The Perils and Promises of Praise. *Educational Leadership*, 65(2), 34-39.

Eivers, E., Close, S., Shiel, G., Clerkin, A., Gilleece, L., & Kiniry, J. (2010). *The 2009 National Assessments of Mathematics and English.* Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas.

Ingebjørg Mellegård & Karin Dahlberg Pettersen (2016). Teachers' response to curriculum change: balancing external and internal change forces. *Teacher Development*, 20(2), 181-196.

Cumann Múinteoirí Éireann (2015). *Curriculum: A discussion paper.* Baile Átha Cliath: Cumann Múinteoirí Éireann.

James, A. (2007). Giving voice to children's voices: Practices and problems, pitfalls and potentials. *American Anthropologist, 109(*2), 261-272.

Lincoln, Y., & Guba, E. G. (1985). *Naturalistic inquiry*. Newbury Park, CA: Sage.

Maguire, M. & Delahunt, B. (2017). Doing a Thematic Analysis: A Practical, Step-by-Step Guide for Learning and Teaching Scholars. *The All Ireland Journal of Teaching and Learning in Higher Education,* 8(3). Faighte ó http://ojs.aishe.org/index.php/aishe-j/article/viewFile/335/553

Meyer,  A., Rose, D.H., & Gordon, D. (2014). *Universal design for learning: Theory and practice.* Wakefield MA: CAST Professional Publishing.

Minjeong Park & Youl-Kwan Sung (2013). Teachers' perceptions of the recent curriculum reforms and their implementation: what can we learn from the case of Korean elementary teachers? *Asia Pacific Journal of Education*, 33(1), 15-33.

Mullis, I. V. S., Martin, M. A., Foy, P., & Arora, A. (2012). *TIMSS 2011 international results in mathematics.* Chestnut Hill, MA: Boston College: TIMSS and PIRLS International Study Centre.

Murchan, D., Loxley, A., Johnston, K., Quinn, M. & Fitzgerald, H. (2005). *Evaluation of the Primary Curriculum Support Programme (PCSP).* Tuairisc don Roinn Oideachais agus Eolaíochta nár foilsíodh. Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath: Roinn an Oideachais.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2005). *Primary Curriculum Review, Phase 1: English, visual arts and mathematics*. Ar fáil ag http://www.ncca.ie/uploadedfiles/Publications/PrimaryCurriculumReview.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). *Primary Curriculum Review Phase 2 Final report.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2016). *Background Paper and Brief for the development of a new Primary Mathematics Curriculum.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Nowell, L., Norris, J., White, D., & Moules, N. (2017). Thematic Analysis: Striving to Meet the Trustworthiness Criteria. *International Journal of Qualitative Methods*, 16, 1–13.

Rossman, G., & Rallis, S. (2012). *Learning in the field: An introduction to qualitative research* (3ú heag.). Londain, An Ríocht Aontaithe: Sage.

Saldaña, J. (2009). *The coding manual for qualitative researchers.* Londain, An Ríocht Aontaithe: Sage.

Shiel, G., Kavanagh, L. & Millar, D. (2014). *The National Assessments of English Reading and Mathematics: Volume 1 Performance Report*. Baile Átha Cliath: An Foras Taighde ar Oideachas.

The University of Auckland (2018). School of Psychology – Leading psychological science, scholarship and practice: About thematic analysis. Faighte ó https://www.psych.auckland.ac.nz/en/about/our-research/research-groups/thematic-analysis/about-thematic-analysis.html

Troudi S. & Alwan, F. (2010). Teachers’ feelings during curriculum change in the United Arab Emirates: opening Pandora’s box. *An international journal of teachers' professional development*, 14(1), 107-121.

Vygotsky, L.S. (1978). *Mind in society: The development of higher psychological processes.* Cambridge, MA: Harvard University Press.

Walsh, T. (2018). *Towards an Overview for the Redeveloped Primary School Curriculum: Learning from the past, learning from others.* Plépháipéar a choimisiúnaigh CNCM.

## Aguisín A – Liosta fíoracha

**Fíor 1: Miondealú ar na freagróirí de réir an ranga/na ranganna a mhúin siad – líon na bhfreagróirí**
**Fíor 2: Tuairimí i ndáil leis an ráiteas go gcuireann an dréachtchuraclam fís shoiléir i ndáil le ról na matamaitice i saol na bpáistí in iúl – céatadán freagróirí**
**Fíor 3: Dearcthaí ar an gcaoi a gcabhródh an dréacht de CMB le hoilteacht sa mhatamaitic a fhorbairt, a dtabharfadh sé raon deiseanna do pháistí an méid a fhoghlamaíonn siad a chur i ngníomh agus a spreagfadh sé meon táirgiúil i leith na matamaitice**
**Fíor 4: Leibhéil mhuiníne i ndáil le Torthaí Foghlama a úsáid do gach snáithe sa dréachtchuraclam**
**Fíor 5: An méid a d'aontaigh na freagróirí leis an tuairim go gcabhraíonn an dréachtsonraíocht leis an bhfoghlaim a chomhtháthú trasna na snáitheanna agus le codanna de na gnéithe**
**Fíor 6: Tuairimí ar cé chomh soiléir agus atá sé ó na Torthaí Foghlama cén fhoghlaim lena mbítear ag súil maidir le dhá bhanda ranga**
**Fíor 7: An méid a d'aontaigh na rannpháirtithe leis an dearcadh go dtugann na Torthaí Foghlama sa dréachtchuraclam cothromaíocht oiriúnach idir eolas matamaiticiúil agus scileanna matamaiticiúla i ndáil leis na cúig réimse ábhair sa mhatamaitic**
**Fíor 8: An méid a d'aontaigh na rannpháirtithe leis an tuairim go bhfuil an fhréamh do na Torthaí Foghlama "Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart do pháistí a bheith in ann" feiliúnach do i) Céim 1 agus ii) Céim 2**
**Fíor 9: Tuairimí maidir le cé chomh hoiriúnach agus atá na Contanaim Dul chun Cinn maidir le Torthaí Foghlama páistí ag Céim 1 agus ag Céim 2**
**Fíor 10: An méid a d'aontaigh na rannpháirtithe leis an ráiteas go gcuireann na Contanaim Dul chun Cinn dóthain sonraí ar fáil chun eispéiris foghlama shaibhre sa mhatamaitic a thabhairt do gach foghlaimeoir i ngach snáithe**
**Fíor 11: Meastacháin i ndáil leis an mórchéim a dhéanann an cur síos is fearr ar fhoghlaim mhatamaiticiúil fhormhór na bpáistí ag deireadh rang na naíonán mór**
**Fíor 12: Meastacháin i ndáil leis an mórchéim a dhéanann an cur síos is fearr ar fhoghlaim mhatamaiticiúil fhormhór na bpáistí ag deireadh rang a dó**
**Fíor 13: Machnamh ar fhoghlaim fhormhór na bpáistí i rang a aimsiú ar na Contanaim Dul chun Cinn ar fud na snáitheanna éagsúla**
**Fíor 14: Cé chomh hoiriúnach agus atá Mórchéim Dul chun Cinn 'a' do i) páistí a bhfuil riachtanais throma oideachais acu, agus ii) páistí a bhfuil riachtanais mheánacha oideachais acu**
**Fíor 15: A oiriúnaí atá líon na Mórchéimeanna Dul chun Cinn agus na páistí ar fad ó na naíonáin shóisearacha go dtí rang a dó á gcur san áireamh**
**Fíor 16: Tuairimí na rannpháirtithe maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na cúig ghné d'oilteacht mhatamaiticiúil follasach ar fud na dréachtsonraíochta**
**Fíor 17: An méid an d'aontaigh na rannpháirtithe le ráitis maidir leis an gcuraclam a athrú**
**Fíor 18: Cé chomh mór a cheaptar go n-athróidh ceachtanna matamaitice mar thoradh ar na hathruithe curaclaim atá molta, de réir snáithe**
**Fíor 19: An méid a d'aontaigh na rannpháirtithe leis na ráitis i ndáil lena shoiléire atá an teanga a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar aidhmeanna an churaclaim, ar shnáitheanna, ar ghnéithe agus ar Chontanaim Dul chun Cinn**
**Fíor 20: An méid agus a d'aontaigh na rannpháirtithe le ráitis lenar cuireadh an curaclam reatha (1999) i gcomparáid leis an dréacht de CMB**
**Fíor 21: Leibhéil mhuiníne i measc múinteoirí bunscoile i ndáil leis an matamaitic agus an léitheoireacht a mhúineadh faoi láthair**
**Fíor 22: Na deich bpríomhtheachtaireacht ar a mbunaítear CMB nua**
**Fíor 23: Miondealú ar na freagraí maidir leis an tionchar ar an gcleachtas agus an t-athrú**

**coincheapúil**
**Fíor 24: Forléargas ar na príomhdhúshláin – líon na dtagairtí**
**Fíor 25: Forléargas ar na príomhdheiseanna a shainaithin na freagróirí**
**Fíor 26: Miondealú ar na príomhdheiseanna a shainaithin na freagróirí i ndáil leis an dréacht-CMB nua**
**Fíor 27: Tacaíochtaí a chuir na freagróirí sa chéad áit**
**Fíor 28: Tagairtí foriomlána a rinneadh do thacaíochtaí a bheadh de dhíth chun CMB nua a chur chun feidhme**
**Fíor 29: Miondealú ar na hacmhainní sonracha ar thagair na freagróirí dóibh**
**Fíor 30: Miondealú ar an mbreisoiliúint shonrach ar thagair na freagróirí di**
**Fíor 31: Forléargas ar na tuairimí eile a cuireadh in iúl san aiseolas**
**Fíor 32: Miondealú ar na tuairimí eile a cuireadh in iúl san aiseolas**
**Fíor 33: An méid a d'aontaigh na rannpháirtithe leis na ráitis i ndáil le fís agus aidhmeanna an dréachta de CMB**
**Fíor 34: Tuairimí i ndáil le cé acu atá nó nach bhfuil na cúig ghné d'oilteacht mhatamaiticiúil follasach ar fud na dréachtsonraíochta**
**Fíor 35: An méid a d'aontaigh na rannpháirtithe le ráitis i ndáil le gnéithe an dréachta de CMB**
**Fíor 36: Freagraí ar na ceisteanna i ndáil leis an bhfoghlaim a bhfuiltear ag súil léi ó na Torthaí Foghlama**
**Fíor 37: Freagraí ar an gceist maidir le muinín ó thaobh Torthaí Foghlama a úsáid**
**Fíor 38: Tuairimí ar a oiriúnaí atá na Contanaim Dul chun Cinn maidir leis na Torthaí Foghlama**
**Fíor 39: An méid agus a d'aontaigh na freagróirí leis an ráiteas go gcuireann na Contanaim Dul chun Cinn dóthain sonraí ar fáil chun eispéiris foghlama shaibhre sa mhatamaitic a thabhairt do gach foghlaimeoir**
**Fíor 40: Tuairimí ar a oiriúnaí atá na Contanaim Dul chun Cinn don teagasc i dtimpeallachtaí éagsúla nó le grúpaí éagsúla páistí**
**Fíor 41: Tuairimí ar a oiriúnaí atá líon na mórchéimeanna**
**Fíor 42: An méid a d'aontaigh na rannpháirtithe le ráitis i ndáil le hathrú an churaclaim**
**Fíor 43: An t-athrú ar cheachtanna lena bhfuiltear ag súil mar thoradh ar na hathruithe dá dtagraítear sa dréacht de CMB**
**Fíor 44: An méid a d'aontaigh na rannpháirtithe le ráitis i ndáil lena shoiléire atá an teanga a úsáidtear sa tsonraíocht**
**Fíor 45: An méid agus a d'aontaigh na rannpháirtithe le ráitis lenar cuireadh curaclam 1999 i gcomparáid leis an dréacht de CMB**
**Fíor 46: Machnamh deiridh ar an bpróiseas comhairliúcháin**
**Fíor 47: Taithí ar an bpróiseas comhairliúcháin**
**Fíor 48: An pictiúr a tharraing Kerri**
**Fíor 49: An pictiúr a tharraing Cillian**
**Fíor 50: An pictiúr a tharraing Leon**
**Fíor 51: An pictiúr a tharraing Conor**
**Fíor 52: An pictiúr a tharraing Olga**
**Fíor 53: An pictiúr a tharraing Tina**
**Fíor 54: An pictiúr a tharraing Jennifer**
**Fíor 55: An pictiúr a tharraing Zara**
**Fíor 56: Freagraí ar an gceist 'Cén chaoi ar maith le do pháistí an mhatamaitic a fhoghlaim?'**
**Fíor 57: Freagraí ar cén chaoi ar féidir le CMB nua cabhrú le tuismitheoirí tacú le foghlaim na bpáistí sa mhatamaitic**
**Fíor 58: Smaointe i ndáil leis na príomhtheachtaireachtaí ba cheart do CMB nua a chur in iúl i dtaca le tuismitheoirí**

# Aguisín B – Liosta táblaí

**Tábla 1: Na sé chéim den chur chuige i leith na hanailíse téamaí**
**Tábla 2: Forbairt ghairmiúil leanúnach nó oiliúint sa mhatamaitic a chuaigh i bhfeidhm ar an gcleachtas**
**Tábla 3: Foirmeacha d'ábhar tacaíochta CNCM ab fhearr leis na freagróirí**
**Tábla 4: Topaicí ar bhain na tuairimí a thug na freagróirí leo**
**Tábla 5: Miondealú ar na freagraí a bhain leis an téama 'Impleachtaí praiticiúla'**
**Tábla 6: Miondealú ar na freagraí a bhain leis an téama 'Cáineadh'**
**Tábla 7: An chomparáid a rinne na rannpháirtithe ón líonra scoileanna idir na tuairimí a bhí acu ag tús an phróisis comhairliúcháin agus ag a dheireadh**

## Aguisín C – Mórchéimeanna tábhachtacha san fhorbairt

| | |
|---|---|
| **2014/2015** | Tuarascálacha taighde x 2<br>Iniúchadh<br>Seoladh na comhdhála |
| **2016** | Foilsíodh an páipéar cúlra agus treoir<br>Tháinig an Mheitheal Forbartha le chéile agus rinneadh insealbhú ar na baill |
| **2017** | D'fhaomh an Chomhairle dréacht le haghaidh comhairliúcháin<br>Cuireadh tús leis an gcomhairliúchán |
| **2018** | Chríochnaigh an comhairliúchán<br>Dréachtaíodh an tuarascáil ar an gcomhairliúchán agus cuireadh i láthair an Bhoird í |

# Aguisín D – An Mheitheal Forbartha don Mhatamaitic sa Luath-Óige agus sa Bhunscolaíocht

**Ballraíocht na Meithle Forbartha don Mhatamaitic sa Luath-Óige agus sa Bhunscolaíocht**

| | |
|---|---|
| Cathaoirleach | An Dr. Elizabeth Dunphy |
| Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile | An Dr. Jacqueline Fallon (go dtí mí Lúnasa 2017)<br>An Dr. Lorraine Harbison (ó mhí Mheán Fómhair 2017) |
| Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna | An Dr. Catherine King |
| Foras na Gaeilge | Grace Dollard |
| Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha | Suzanne Cobb |
| NAMSBE | Mary Davidson |
| Cumann Múinteoirí Éireann | Maeve McCafferty<br>Dolores Killian<br>Pat Collins<br>Siobhán Lynskey |
| Baill chomhthofa | Mary Irving<br>Catherine O'Connor |

**Dátaí do chruinnithe na Meithle Forbartha**

| **2016** | **2017** | **2018** |
|---|---|---|
| 29 Meán Fómhair | 9 Feabhra | 5 Feabhra |
| 20 Deireadh Fómhair | 23 Márta | 30 Bealtaine |
| 1 Nollaig | 27 Aibreán | |
| | 18 Bealtaine | |
| | 6 Meán Fómhair | |
| | 7 Nollaig | |

# Aguisín E – Aighneachtaí scríofa

Scríobh na daoine/na heagraíochtaí seo a leanas aighneacht:

- Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)
- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
- Foireann Scoil Náisiúnta Naomh Pól, Ráth Tó, Co. na Mí.

## Aguisín F – Scoileanna sa líonra scoileanna

Scoil Náisiúnta an Chraoslaigh, An Craoslach, Dún na nGall

Scoil Íosagáin, Bun Cranncha,  Co. Dhún na nGall

Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile Bhaile an Róistigh, Baile an Róistigh, Co. Chorcaí

Scoil Náisiúnta an Lisín, An Lisín, Co. Chorcaí

Scoil Shráid Ghairdinéir, Baile Átha Cliath 1

Scoil Íde, An Corrbhaile, Luimneach

Scoil Speisialta Naomh Hilda, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí

Gaelscoil na Déise, Port Láirge

Scoil Sailearna, Conamara, Co. na Gaillimhe

## Aguisín G – Achoimre ar na sonraí

| Cód | Teideal | Bunús | Cur síos |
|---|---|---|---|
| Q1 | Ceistneoir ar líne | Ceistneoir ar líne | 1,104 freagra ar an gceistneoir ar líne mar a bailíodh ó mhí na Samhna 2017 go mí an Mhárta 2018 |
| C1 | Seimineár comhairliúcháin | Trí sheimineár comhairliúcháin | Fuarthas 90 foirm aiseolais ó na rannpháirtithe a d'fhreastail ar na seimineáir phoiblí chomhairliúcháin |
| S1 | Scoil 1 | Cuairt scoile | Nótaí allamuigh x 2 |
| S2 | Scoil 2 | Cuairt scoile | Nótaí allamuigh x 2 |
| S3 | Scoil 3 | Cuairt scoile | Nótaí allamuigh x 2 |
| S4 | Scoil 4 | Cuairt scoile | Nótaí allamuigh x 2 |
| S5 | Scoil 5 | Cuairt scoile | Nótaí allamuigh x 2 |
| S6 | Scoil 6 | Cuairt scoile | Nótaí allamuigh x 2 |
| S7 | Scoil 7 | Cuairt scoile | Nótaí allamuigh x 2 |
| S8 | Scoil 8 | Cuairt scoile | Nótaí allamuigh x 2 |
| S9 | Scoil 9 | Cuairt scoile | Nótaí allamuigh x 2 |
| I1 | Comhthéacs scoile | Cruinniú fáilte | Rinne scoileanna machnamh ar an gcomhthéacs scoile – rudaí dearfacha/ / dúshláin / buntáistí an churaclaim nua / bacainní a bheadh roimhe a aithint |
| I2 | Ionchais | Cruinniú fáilte | Ionchais / ceisteanna faoina bheith ag obair leis an líonra scoileanna |
| I3 | Snáitheanna | Cruinniú fáilte | Snáitheanna mar a chlúdaigh gach scoil iad |
| M1 | WWW/EBI | Cruinniú láir | Shainaithin na rannpháirtithe na codanna a raibh ag éirí go maith leo agus na codanna arbh fhéidir feabhas a chur orthu |
| M2 | Ábhar tacaíochta | Cruinniú láir | Shainaithin na rannpháirtithe tacaíochtaí curaclaim/neamhchuraclaim |
| M3 | Leasuithe | Cruinniú láir | Gníomhaíocht phirimide chun leasuithe ar an tsonraíocht a mholadh |

| | | | |
|---|---|---|---|
| E4 | Ceistneoir don líonra | Cruinniú deiridh | Ceistneoir deiridh ar mhúinteoirí/ ar phríomhoidí |
| E5 | Pleanáil | Cruinniú deiridh | Plé tar éis breathnú ar na teimpléid phleanála |
| E6 | Contanaim Dul chun Cinn | Cruinniú deiridh | Plé maidir leis na trí mhórcheist i ndáil leis na Contanaim Dul chun Cinn |
| E7 | Díospóireacht siúil | Cruinniú deiridh | Freagraí na rannpháirtithe le linn na díospóireachta siúil |
| E8 | Ábhar tacaíochta – sonrach | Cruinniú deiridh | Deich sampla den ábhar tacaíochta do 'Luachionad' |
| E9 | Machnamh ciorcail | Cruinniú deiridh | Rinne rannpháirtithe machnamh agus rinne siad comparáid idir an áit a raibh siad ag tús an phróisis comhairliúcháin agus an áit a raibh siad ag a dheireadh |
| T1 | Ceisteanna agus tuairimí | Cruinniú SFGM | Ceisteanna agus tuairimí ó rannpháirtithe |
| T2 | Deiseanna agus dúshláin | Cruinniú SFGM | Rinne grúpaí cur síos ar na deiseanna / dúshláin a bheadh ann le CMB nua |
| T3 | Moltaí | Cruinniú SFGM | D'eascair moltaí as na dúshláin |
| T4 | Ábhar tacaíochta | Cruinniú SFGM | Aithníodh tacaíochtaí a chabhródh le múinteoirí CMB nua a chur chun feidhme |
| T5 | Cur chun feidhme | Cruinniú SFGM | An córas a bheith ullamh i gcomhair cur chun feidhme |
| P1 | Ábhar tacaíochta | Cruinniú de Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí | Sé smaoineamh don ábhar tacaíochta |
| P2 | Trí cheist | Cruinniú de Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí | 1. Cén chaoi ar maith le páistí an mhatamaitic a fhoghlaim?<br>2. Cén chaoi ar féidir leis an gcuraclam cabhrú le tuismitheoirí tacú le foghlaim na bpáistí?<br>3. Cad iad na príomhtheachtaireachtaí ba cheart don churaclam a chur in iúl i dtaca le tuismitheoirí? |

| | | | |
|---|---|---|---|
| P3 | Ceisteanna agus tuairimí | Cruinniú de Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí | Ceisteanna agus tuairimí ó rannpháirtithe |
| W1 | Aighneacht scríofa | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | Aighneacht scríofa a fuarthas i mí Dheireadh Fómhair 2017 |
| W2 | Aighneacht scríofa | COGG | Aighneacht scríofa a fuarthas i mí Feabhra 2018 |
| W3 | Aighneacht scríofa | Cumann Múinteoirí Éireann | Aighneacht scríofa a fuarthas i mí an Mhárta 2018 |
| W4 | Aighneacht scríofa | Scoil Náisiúnta Ráth Tó | Aighneacht scríofa a fuarthas i mí an Mhárta 2018 |